

# **Oifig an Ard-Aighne**

## **Tuarascáil Bhliantúil 2011**

**A chuimsíonn**

- **An Chéad Tuarascáil um Dhul Chun Cinn maidir le Cur i bhFeidhm an Ráitis Straitéise 2011 - 2014, agus**
  
- **An Chéad Tuarascáil um Chur i bhFeidhm Threoir Seirbhíse Cliant Oifig Shráid Mhuirfean 2008-2010 agus Phlean Gníomhaíochta Custaiméirí Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit 2008-2010**

# **Clár Ábhar**

**Réamhrá ón Ard-Aighne**

**Réamhrá ón Ard-Stiúrthóir**

**Caibidil 1: Ról agus Feidhmeanna**

**Caibidil 2: Ráiteas Misin agus Spriocanna**

Féachaint don Mhisean a bhaint amach mar a leagtar amach sa *Ráiteas Straitéise 2008–2010*

**Caibidil 3: Príomhfhorbairtí in 2010**

**Cuid I      Forbairtí Dlí**

**Cuid II     Forbairtí Eagraíochtúla**

**Caibidil 4: Dul chun cinn a Baineadh Amach maidir le gnóthú  
Sprioc 1**

Tacú leis an Ard-Aighne lena ról bunreachtúil mar chomhairleoir dlí don Rialtas a chomhlíonadh.

**Caibidil 5: Dul chun cinn a Baineadh amach maidir le gnóthú  
Sprioc 2**

Seirbhís sainchomhairle dhlí ardchaighdeáin a sheachadadh dár gcliaint.

**Caibidil 6: Dul chun cinn a Baineadh Amach maidir le gnóthú  
Sprioc 3**

Sainseirbhís ardchaighdeáin ghairmiúil dréachtaithe reachtaíochta a sholáthar don Rialtas.

**Caibidil 7: Dul chun cinn a Baineadh Amach maidir le gnóthú  
Sprioc 4**

Tacú a thabhairt agus cuidiú le comhordú na seirbhísí dlí sa Stát.

**Caibidil 8: Dul chun cinn a Baineadh Amach maidir le gnóthú  
Sprioc 5**

Sainseirbhís ardchaighdeáin a sheachadadh chuig an Ard-Aighne, na Ranna agus na hOifigí sna réimsí dlíthíochta agus sainchomhairle

ardchaighdeán dlí a sholáthar maidir le hábhair mhaoine agus idirbhearta.

## **Caibidil 9: Dul chun cinn a Baineadh Amach maidir le gnóthú Sprioc 6**

Seirbhísí bainistíochta corparáide agus gnó nua-aimseartha agus proifisiúnta a sholáthar san Oifig a sheachadann seirbhís den chaighdeán is airde.

## **Iarscríbhinní**

- A: Billí Rialtais a Foilsíodh in 2011**
- B: Billí Poiblí a Achtaíodh in 2011**
- C: Toradh don bhliain 2011 agus Meastacháin don bhliain 2011, Oifig an Ard-Aighne (Oifig Shráid Mhuirfean) agus CSSO**
- D: Ráitis Aschuir 2011, Oifig an Ard-Aighne (Oifig Shráid Mhuirfean) agus CSSO**
- E: Ionadaíocht na hOifige ar Choistí agus Grúpaí Oibre in 2011**
- F: Staitisticí Saorála Faisnéise, 2011**
- G: Mionsonraí Oiliúna agus Forbartha, 2011**
- H: Cairt Eagraíochta**
- I: Cásanna Ard-Chúirte agus na Cúirte Uachtaraí ón mbliain 2010 lenar bhain Breithiúnais Stáit na Cúirte Breithiúnais Eorpaí (ECJ) agus na Cúirte Chéadchéime (CFI) lenar bhain Éire in 2011**  
**Ábhair a bhaineann leis an gCúirt Eorpach um Chearta an Duine (ECHR) in 2011**

## **Caibidil 1: Ról agus Feidhmeanna**

Is é an tArd-Aighne an comhairleoir dlí leis an Rialtas agus is oifigeach bunreachtúil é. Is iad cliaint an Ard-Aighne agus Oifig an Ard-Aighne brainse feidhmiúcháin an Rialtais, is é sin, an Rialtas ina iomláine, a bhaill aonair agus na Ranna a bhfuil siad mar cheannairí orthu. De bhua Airteagal 30.1 den Bhunreacht agus alt 6 den Acht Airí agus Rúnaithe 1924 agus naoú cuid de sceideal an Achta sin, is é an tArd-Aighne a rialaíonn Oifig na ndrúachtóirí parlaiminte agus Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit agus atá freagach astu. Is iad seo a leanas príomhfheidhmeanna Oifig an Ard-Aighne:

- comhairle dlí a sholáthar don Rialtas, Ranna agus Oifigí
- reachtaíocht a dhréachtú
- seirbhísí dlíthíochta a sholáthar
- seirbhísí aturnae a sholáthar, lena n-áirítear tíolacas agus seirbhísí eile idirbheartaíochta. Cúnamh a thabhairt don Ard-Aighne agus comhairle a chur air agus é ag beartú a chuid feidhmeanna mar a chuirtear síos orthu i Roinn 6 den Acht Airí agus Rúnaithe 1924, lena n-áirítear na feidhmeanna sin a bhaineann le leas an phobail.

Is é ról Oifig an Ard-Aighne, lena n-áirítear a hoifigí go léir, chun cúnamh agus comhairle a thabhairt don Ard-Aighne agus é ag tabhairt faoi na feidhmeanna a bhaineann le comhairle a chur ar an Rialtas agus feidhmeanna eile a chomhlíonadh ar thug an Bhunreacht agus reachtaíocht dó go speisialta. Faoi Acht um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí 1997, tugtar údarás as bainistíocht na hOifige, monatóireacht a dhéanamh ar bheartais a imríonn tionchar ar an Oifig agus seachadadh aschur sainithe ar Cheann na hOifige, arb é an tArd-Stiúrthóir é.

### **Abhcóide Comhairleach**

Tá taobh chomhairleach na hoifige roinnte i gcúig sain-Ghrúpa a chlúdaíonn na príomhspeisialtachtaí dlí uile (réimsí ábhair). Ina theanntas, tá freagracht ar an Leas-Stiúrthóir Ginearálta agus ar Cheann dlí an AE agus CECD, freisin, as

sainréimsí ábhair. Tá an taobh Chomhairleach comhdhéanta d'Aturnaetha Comhairleacha, a mbíonn gach duine acu ag sainfheidhmiú cuid mhaith i sainréimsí éagsúla dlí. Tá abhcóidí i gceist leis an taobh Comhairleach (Abhcóidí Comhairleach), a ndéanann gach duine acu speisialtóireacht shuntasach i réimsí sonracha dlí. Tá baill foirne thiomanta chléireachais ag gach Grúpa Comhairleach a bhfuil eolas maith acu ar ghnó an Ghrúpa.

Clúdaíonn an Grúpa réimse leathan ábhar, ach baineann na gníomhaíochtaí féin le trí réimse fheidhmiúla, is iad sin:

- (a) soláthar comhairle;
- (b) treorú dlíthíochta;
- (c) baint le soláthar seirbhíse dréachtaithe do Ranna Rialtais.

## **Obair na nAbhcóidí Comhairleacha**

Tá struchtúir agus córais i bhfeidhm ag an Oifig chun freastal a dhéanamh ar na gnáthfhiosrúcháin go léir chomh maith le hiarratais ar chomhairle phráinneach i leith saincheisteanna suntasacha dlíthiúla agus aghaidh a thabhairt orthu. Oibríonn na hAbhcóidí Comhairleacha go dlúth le dlíodóirí in Oifig na nDréachtóirí Parlaiminte, ag tabhairt comhairle faoi shaincheisteanna dlíthiúla a thagann chun cinn le linn dhréachtú na reachtaíochta agus le hOifig an Phríomh-Aturnae Stáit ag tabhairt comhairle faoi stiúradh dlíthíochta agus ábhair dhlíthiúla eile.

Tá an raon oibre comhairleoireachta a dtugann an Oifig faoi de ghnáth, an-leathan ar fad agus áirítear dlí bunreachtúil, dlí riaracháin, dlí na hEorpa, dlí tráchtála, dlí idirnáisiúnta poiblí agus dlí coiriúil air – i ndáiríre gach réimse den obair dlí, a bhféadfadh an Rialtas nó Roinn nó Oifig comhairle a lorg ina leith. D'fhéadfadh iarratais ar chomhairle a fháil ón Rialtas ina iomláine, ó Airí, nó ó státseirbhísigh i Ranna nó Oifigí Rialtais nó trí Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit. Cuirtear comhairle ar fáil go minic faoi fhíorbhrú ama.

## **Buanionadaíocht don Aontas Eorpach**

Lean an Oifig leis an sannadh a tugadh do na hAbhcóidí Comhairleacha trí dul ar iasacht mar Chomhairleoir Dlí le Buanionadaíocht na hÉireann leis an Aontas Eorpach sa Bhruiséil. Ó bunaíodh é i 1996, tá ról an Chomhairleora Dlí ina ghné riachtanach lárnach d'fheidhmiú éifeachtach na Buanionadaíochta. Mar thoradh ar rannpháirtíocht na Comhairleora Dlí in idirbheartaíocht thábhachtach AE, lena n-áirítear leasú Conartha agus forbairtí eile suntasacha reachtaíochta, bíonn baint ag an Ard-Aighne ó chéim luath le comhairle a thabhairt ar shaincheisteanna suntasacha dlíthiúla AE.

## **Dréachtóir Parlaiminte don Rialtas**

Is éard atá in Oifig na nDréachtóirí Parlaiminte (OPC) leis an Rialtas, foireann dlíodóirí speisialtóireachta atá oilte ar leibhéal an-ard sa disciplín dréachtaithe reachtaíochta.

Is í sprioc an OPC sainseirbhís ardchaighdeáin ghairmiúil éifeachtúil dréachtaithe reachtaíochta a sholáthar don Rialtas.

## **Obair na nDréachtóirí Parlaiminte**

Is í phríomhobair an OPC chun Billí Rialtais a dhréachtú le tabhairt isteach i dTithe an Oireachtais agus reachtaíocht thánaisteach a dhréachtú, i gcás inar cuí, do Ranna nó Oifigí Rialtais, lena n-áirítear Ionstraimí a thrasúionn reachtaíocht AE sa dlí teaghlaigh/intíre faoi Acht na gComhphobal Eorpach 1972. Bíonn baint ghníomhach ag an OPC le forbairt an bheartais um Rialáil Níos Fearr i gcomhar le Roinn an Taoisigh agus áirítear ar an obair a dhéanann sí, athbhreithniú agus daingniú ar an dlí reachtúil i gcomhthéacs Clár Leasaithe Rialála.

Tá an OPC eagraithe i dtrí Ghrúpa, a bhfuil freagracht ar gach ceann acu as soláthar seirbhísí dréachtaithe do Ranna agus Oifigí sainiúla Rialtais. Tá foireann thiomanta tacaíochta chléireachais a bhfuil eolas maith acu ar ghnó an Ghrúpa.

## **Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit**

Is ghné bhunreachta í Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit d'Oifig an Ard-Aighne agus is í an príomhsholátháí seirbhísí aturnae don Ard-Aighne agus do gach Roinn agus Oifig Rialtais. Soláthraíonn sí seirbhísí aturnae chomh maith do Ghníomhaireachtaí Stáit agus Binsí Fiosrúcháin, ach ní fheidhmíonn sí do bhaill an phobail.

## **Obair Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit**

Tá Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit eagraithe i gcúig rannóg dhlíthiúla. Is éard atá i gceist leis na Rannóga sin, Dlí Phoiblí, Seirbhísí Tearmainn agus Seirbhísí Dlí, Maoin Stáit, Ceartas agus an Dlí Coiteann agus Comhairleach. Tá gach Rannán eagraithe i Rannóga ar bhonn chosúlacht na hoibre nó an chliaint. Glacann an eagraíocht príomhéilimh na gcliant san áireamh chomh maith le roinnt éileamh a dhéanfar ar an Oifig amach anseo, cosúil le cumas chun freagairt a thabhairt ar ghníomhartha a bhaineann leis an CECD, rannpháirtíocht mhéadaithe leis an CEB, méadú i líon na mbarántas gabhála Eorpach a fuarthas ó thíortha eile san AE agus éileamh níos mó ar chomhairle maidir le Soláthar Poiblí agus Conarthaí Tráchtála. Glacann an struchtúr seo na dúshlán bhainistíochta don Oifig san áireamh chomh maith, go háirithe na dúshlán a chruthaíonn an clár do nuachóiriú na seirbhíse poiblí.

## **Riarachán**

Tá Aonaid riaracháin ag Oifig Shráid Mhuirfean agus Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit chun tacaíocht a thabhairt d'obair na foirne dlí trí sheirbhísí ghairmiúla tacaíochta corparáideacha a sholáthar, cosúil le hAcmhainní Daonna/Oiliúint agus Forbairt, Airgeadais/Cuntais, Seirbhísí Corparáideacha, Tacaíocht Chléireachais, Tacaíocht Phríobháideach Oifige, Bainistíocht ar Athrú, Teicneolaíocht Faisnéise, Iniúchadh Inmheánach, Clárlann/Clárlann agus Ionad Taifead agus Leabharlann agus Fios Gnó. Tá dlúth-theagmháil idir na Cinn Riaracháin agus an fhoireann ábhartha Aonaid sa dá Oifig agus a gcontrapháirtithe in Oifigí Dlí eile i leith saincheisteanna comhspéise.

## **Láithreán Gréasáin**



Cuireann láithreán gréasáin na hOifige ag [www.attorneygeneral.ie](http://www.attorneygeneral.ie) mionchur síos ar fáil ar ról, feidhmeanna agus obair an Ard-Aighne, na nAbhcóidí Comhairleacha, na nDréachtóirí Parlaiminte agus Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit.

## Caibidil 2: Ráiteas Misin agus Spriocanna

Bhain an Ráiteas Misin agus Spriocanna seo a leanas le *Ráiteas Straitéise 2008 – 2010* na hOifige -

*Is é misean Oifig an Ard-Aighne ‘an caighdeán is airde seirbhísí dlíthiúla gairmiúla a sholáthar don Rialtas, na Ranna agus na hOifigí chomh heacnamúil agus chomh héifeachtach agus is féidir.’*

### Díorthaíodh 6 Sprioc ón Ráiteas Misin;

- Tacú leis an Ard-Aighne lena ról bunreachtúil mar chomhairleoir dlí don Rialtas a chomhlíonadh.
- Seirbhís sainchomhairle dhlí ardchaighdeáin a sheachadadh dár gcliaint.
- Sainseirbhís ardchaighdeáin ghairmiúil dréachtaithe reachtaíochta a sholáthar don Rialtas.
- Tacú a thabhairt agus cuidiú le comhordú na seirbhísí dlí sa Stát.
- Sainseirbhís ardchaighdeáin a sheachadadh chuig an Ard-Aighne, na Ranna agus na hOifigí sna réimsí dlíthíochta agus sainchomhairle ardchaighdeáin dlí a sholáthar maidir le hábhair mhaoine agus idirbhearta.
- Seirbhísí bainistíochta corparáide agus gnó nua-aimseartha agus proifisiúnta a sholáthar san Oifig a sheachadann seirbhís den chaighdeán is airde.

## Caibidil 3: Príomhfhorbairtí in 2011

### Cuid I: Forbairtí Dlí

#### Obair Oifig an Ard-Aighne, Oifig Shráid Mhuirfean, in 2011

### Obair na hAbhcóidí Comhairleacha in 2011

Chuir na hAbhcóidí Comhairleacha comhairle ar fáil do Ranna agus Oifigí i rith 2011, de réir mar a iarradh, ar fud raon iomlán speisialachas a aithnítear thíos. Is éard atá i ngach grúpa, Comhordaitheoir Grúpa agus roinnt ball foirne ó na hAbhcóidí Comhairleacha agus tacaíochta cléireachais.

Bhí freagracht ag **Grúpa A** sna réimsí seo a leanas: *an Dlí Coiriúil, an Garda Síochána, Príosúin, feidhmeanna Dlí Coiriúil an Ard-Aighne, Cúnamh Dlí, an Coimisiún um Athchóiriú Dlí, Billí um Athchóiriú an Dlí Reachtúil, sócmhainní Choiriúla, Tascradh teileachumarsáide agus pacáistí poist lena n-áirítear gnéithe Chúnamh Frithpháirteach Dlí, Comhoibriú Idirnáisiúnta i gCúrsaí Coiriúla, Bearta um Cheartas Coiriúil an AE - Teideal V, Achtanna um Thrácht ar Bhóithre, Ceadúnú agus Comhaontú Aoine an Chéasta*

Tá freagracht ar **Ghrúpa B** sna limistéir seo: an dlí príobháideach idirnáisiúnta, an trádáil idir bhreac agus chorr, staidreamh, ionstraimí reachtúla, gortú pearsanta, tobac, dlí na sláinte, an fhuil, mí-úsáid leanaí, an Ginmhilleadh, an uchtáil, atáirgeadh daonna cuidithe, oideachas, an dlí teaghlaigh, Cúnamh Dlíthiúil Sibhialta, an chinsireacht, aturnaetha / abhcóidí, an tAcht um Ionchúisimh na gCoireanna 1974, an tSláinte agus an tsábháilteacht, an dlí núicléach agus comhshaoil, Talmhaíocht agus Achtanna Dobharshaothraithe um Pleanáil Imeall Trá agus Iascaigh.

Bhí freagracht ag **Grúpa C** sna réimsí seo a leanas: *Tearmann, Inimirce agus Saoránacht, Talmhaíocht agus Dobharshaothrú, Urthrá, Iascaigh, Méadreolaíocht, Mionadóireacht agus Sracadh, Peitriam, Taiscéalaíocht Ghrinneal na Farraiqe/Scairbh Ilchríochach, Dlí na Farraiqe, Dlí Loingseoireachta, Cuanta, Gardaí Cóta na hÉireann, Coimisinéirí Soilse na hÉireann, Muiríní, Sláinte agus Sábháilteacht – Údaráis agus Ionchúisimh agus Aeriompar.*

Bhí freagracht ag **Grúpa D** sna réimsí seo a leanas: *Teileachumarsáidí, Dlí Ioncaim, Leithghabháil agus Caiteachas Poiblí, Seirbhísí Airgeadais, Árachas, Dlí na gCuideachtaí, Féimheacht/Dócmhainneacht/Leachtú, Cumaisc agus Monaplachtaí, Gaeltacht, Cosaint, r-Thráchtáil, comhlachtaí Leath-Stáit, Údaráis Eile an Stáit, Cróinéirí, an Ghaeilge, Cultúrtha, cúnaimh agus deontais an Stáit agus Dlí na hIomaíochta.*

Bhí freagracht ag **Grúpa E** sna réimsí seo a leanas: *Maoín Intleachtúil, Dlí Idirnáisiúnta Poiblí, an tAcht um Rúin Oifigiúla, an tAcht um Chosaint Sonraí, Saoráil Faisnéise, Eadráin, Dlí Leasa Shóisialaigh, Dlí Saothair, Pinsin, Turasóireacht, Cosaint Tomhaltóirí, Leictreachas, Gáis, Dlí Poist, Tarlú Bóthair, Busanna agus Tacsaithe, Iompar Iarnróid, An tAcht Maoine Stáit, Réadmhaoín, Probháid, Comharbas, Carthanais agus Eastáit Eiséata, Clárú Talún, Tiarna Talún agus Tionónta, Ceartas Sibhialta, Pléascáin agus Airm Thine, Príosúin agus Seirbhís Phoiblí.*

#### **An tAontas Eorpach/An Chúirt Eorpach um Chearta an Duine/Tuaisceart**

**Éireann:** *Tá an t-iarArd-Stiúrthóir freagrach i réimsí ar nós, saincheisteanna Institiúide an AE, saincheisteanna Cothrománacha an AE, Grúpaí Oibre, COREPER agus Comhairle na nAirí, Comhairle na hEorpa, saincheisteanna cothrománacha um Chearta an Duine agus Tuaisceart Éireann.*

**An Leas-Ardstiúrthóir:** *Tá freagracht ag an Leas-Ardstiúrthóir sna réimsí seo a leanas: Dlí Trádála Idirnáisiúnta, Conarthaí Rialtais agus soláthar poiblí (le Grúpa E), Bonneagar Náisiúnta/Plean Náisiúnta Forbartha/Comhpháirtíochtaí Poiblí Príobháideacha, Dlí Toghcháin, Cinsireacht, Oireachtas, Airí agus Rúnaithe, Pá, liúntais agus pinsin Airí, Eitic, Seirbhís Phoiblí agus Gníomhaíochtaí Insteora.*

Tá suntas ar leith ag baint leis na forbairtí oibre seo i 2010, ar chuidigh Abhcóidí Comhairleacha leo trí chomhairle agus treoracha a chur ar fáil.

## **Reachtaíocht**

Chuir na hAbhcóidí Comhairleacha comhairle ar fáil chomh maith maidir le reachtaíocht phríomhúil agus thánaisteach a dréachtaíodh in Oifig na nDréachtóirí Parlaiminte in 2010.

## **Dlí Idirnáisiúnta**

Cuireadh comhairle ar fáil chomh maith maidir le líon mór dréacht-Chomhaontuithe déthaobhacha sna réimsí a bhain le heiseachadadh agus cúnamh firthpháirteach dlí le tíortha nach baill den AE iad. Bhí an Oifig páirteach sa Choiste Tras-Rannach ar Smachtbhannaí Idirnáisiúnta agus thug comhairle i dtaca le bearta reachtúla agus láimhseáil cásanna ábhartha intíre agus AE/NA.

## **Tairiscintí**

Bhí ionchur suntasach ag an Oifig i roinnt príomhábhar i dtaca le soláthar poiblí i 2011 agus sholáthair comhairle do Sheirbhís Náisiúnta Soláthair le linn na bliana.

## **Saincheisteanna Oideachais**

D'éiligh dlíthíocht na riachtanas speisialta cur chuige a bhí comhordaithe go dlúth i rith na bliana 2011.

## **Dlíthíocht Altrachta Bhaile**

Bhí saincheisteanna maidir le dlíthíocht altrachta baile agus an Scéim Athíocaíochta Sláinte i gcónaí ina limistéir éilitheacha nár mhór aird ar leith a thabhairt orthu sa bhliain 2011.

## **Luach Saothair agus Dálaí Fostaíochta**

Bhí bainistíocht riachtanach ar cheisteanna a eascraíodh as dúshlán ar an Acht Caidrimh Thionscail 1946 agus na rialúcháin agus luach saothair agus dálaí oibre oibrithe áirithe trí EROanna (Orduithe Rialaithe Fostaíochta) agus REAnna (Comhaontuithe Fostaíochta Cláraithe).

## **Saincheisteanna Comhshaoil**

Bhí saincheisteanna comhshaoil agus imeachtaí um mainneachtain arna dtionscnamh in aghaidh an Stáit agus an dlíthíocht teaghlaigh i gcónaí ina limistéar éilitheach nár mhór aird ar leith a dhíriú air i rith na bliana 2011.

## **Eagraíochtaí Idirnáisiúnta agus AE**

Ghlac Abhcóidí Comhairleacha san Oifig páirt chomh maith sna grúpaí oibre ábhartha a liostaítear ar **Iarscríbhinn E**.

## **Dlí Ceartais agus Coiriúil**

Chuir an Oifig comhairle ar fáil ag an leibhéal AE maidir le roinnt bearta molta faoin Teideal VI TEU a bhaineann le réimsí cosúil le comhroinnt faisnéise, dlí nós imeachta, aitheantas frithpháirteach agus dlí substainteach.

Chabhraigh an Oifig leis an Ard-Aighne agus a ról á chomhlíonadh aige i rith 2011 mar bhall den *Justice Future Group* a rinne moltaí maidir le tosaíochtaí an Choimisiúin Eorpaigh sa réimse Cheartais agus Ghnóthaí Baile.

## **Cásanna Eiseachadta agus Barántais Ghabhála Eorpaigh**

Oibríonn an Oifig go han-dlúth leis an Údarás Láir ag an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí, an Garda Síochána agus i roinnt cásanna, an Roinn Gnóthaí Eachtracha maidir leis na hábhair seo.

## **An Coimisiún um Athchóiriú an Dlí**

Lean an Oifig ar aghaidh ag tacú leis an gCoimisiún um Athchóiriú an Dlí le linn a chuid oibre i rith 2011.

## **Na hAbhcóidí Comhairleacha i mBuanionadaíocht na hÉireann sa Bhruiséil 2011**

Tagann Abhcóide Comhairleach amháin ar iasacht mar Chomhairleoir Dlí chuig Buanionadaíocht na hÉireann don Aontas Eorpach. I rith na bliana, chuir an Comhairleoir Dlí comhairle ar an mBuanionadaí agus a Leas-ionadaí maidir le roinnt saincheisteanna éagsúla dlí a thagann chun cinn as an bhfreastal a rinne said ar COREPER I agus II. Chuir sé comhairle chomh maith ar oifig Roinne maidir leis na saincheisteanna a d'eascair as Grúpaí Oibre na Comhairle ar fhreastail said uirthi agus maidir leis na saincheisteanna a tháinig chun cinn idir Ranna agus Institiúidí Eorpacha. Chomhlíon an Comhairleoir Dlí na dualgais bhreise seo a leanas:

- D'fhreastail sé ar na Cúirteanna Breithiúnais agus Grúpaí Oibre eile.
- Idirchaidreamh a chur ar bun idir na Comhairleoirí Dlí ag na Buanionadaíochtaí ar na Baillstáit éagsúla agus le Comhaltaí na Comhairle, an Coimisiún agus Seirbhísí Dlí Parlaiminte.
- Cúnamh a thabhairt le réiteach déthaobhach deacrachtaí teicniúla maidir le reachtaíocht a raibh idirbheartaíocht á déanamh uirthi sa Chomhairle.
- Idirchaidreamh a bhunú idir an Bhuanionadaíocht sa Bhruiséil agus Oifig an Ard-Aighne i mBaile Átha Cliath.

### **An Ghéarchéim Baincéireachta, Géarchéim Fhiachas Ceannasach na hEorpa, Rialachas Fisceach agus Cláir um Thacaíocht Airgeadais don Stát**

Bhí baint lárnach ag an Oifig i dtaca le comhairle a chur ar an Rialtas agus an Roinn Airgeadais i ndáil le nithe a eascraíonn as athstruchtúrú bainc leanúnach agus as géarchéim fiachais cheannasaigh an Euro. Leanadh ar aghaidh i 2011 leis an tionchar mór a bhí ag an obair seo ar an Oifig ó luath i 2008. Is dócha go bhfuil an obair a bhain le comhairle a thabhairt ar bheartas a fhorbairt, reachtaíochta a dhréachtú, leasú de Chonradh AE, reachtaíocht an AE, comhaontuithe idirnáisiúnta, léirmhíniú agus tabhairt éifeacht do dhlí an AE agus intíre, doiciméadú iasachta a athbhreithniú, iarratais chúirte a dhéanamh agus dlíthíocht a chosaint gan fasach i stair an Stáit. Bhí an Oifig an-eolach go raibh cobhsaíocht airgeadais an Stáit agus Limistéar an Euro féin faoi bhagairt, agus d'ardaigh sí leis an dúshlán sin.

Osclaíodh thart ar 72 comhad nua i ndáil le saincheisteanna dlí a d'éirigh as an ngéarchéim bhaincéireachta, amhail athstruchtúrú bainc, cleachtaí bainistíochta dlíteanais, dlíthíocht agus reachtaíocht leasaithe bainc. Osclaíodh 20 comhad nua maidir leis an ngéarchéim fhiachais cheannasaigh, ag déileáil le hábhair amhail rialachas fioscach i limistéar an Euro, An Conradh um Chobhsaíocht Fhioscach AE (an Conradh ar Chobhsaíocht, ar Chomhordú agus ar Rialachas san Aontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta), an Mheicníocht Eorpach um Chobhsaíocht, an Clár AE/IMF agus comhaontuithe iasachta an RA agus Nordacha. Ina theannta sin, lean na comhaid a osclaíodh i mblianta roimhe seo méid suntasach oibre a ghiniúint.

Bhí an obair an-dúshlánach ó thaobh an dlí de mar gheall ar a tábhacht, a méid, a castacht, a mairtís fhíorasach a bhí ag athrú go leanúnach agus an leibhéal leanúnach de phráinn. Bhí Abhcóide Comhairleach agus Abhcóide Parlaiminte riachtanach ag na fachtóirí seo le cur chuige solúbtha a ghlacadh agus le bheith páirteach i céim an-luath fhorbartha de thograí reachtaíochta. Bhí an Oifig ag obair i ndlúth-chomhoibriú le baill eile d'fhoirne il-pháirtithe leasmhara, agus cuid acu nó iad siúd uile a leanas san áireamh: An Roinn Airgeadais, NTMA, An Banc Ceannais, NAMA, CSSO, comhairleoirí seachtracha agus inmheánacha, agus dlíodóirí tráchtála coinnithe ag na comhlachtaí agus abhcóide sin.

Bhí baint dian ag an Oifig leis na foirne dlí a chuir an "Troika" (AE, IMF, ECB) ar mhísín athbhreithnithe ráithiúla i ndáil leis an idirbheartaíocht ar na téarmaí agus na coinníollacha agus an comhlíonadh leanúnach le Clár Coigeartaithe Macra-eacnamaíochta an AE/IMF.

Bhí comhairle leanúnach ar an idirbheartaíocht agus ar chur i gcrích na gcomhaontuithe iasachta a rinneadh leis an RA, an AE agus an EFSF agus ar chomhlíonadh na gcoinníollacha maidir le híocaíochtaí amach leanúnacha iasachta. Rinneadh dianmheasúnú ar dhoiciméadú IMF/AE freisin sa chomhthéacs de gach ceann de na trí athbhreithniú sin a rinne an Troika le linn 2011. Ina theannta sin, thugamar comhairle agus cúnaimh ag an idirbheartaíocht chun comhaontuithe iasachta na Danmhairge agus na Sualainne a chur i gcrích.



D'oibrigh foirne Abhcóide Comhairligh agus Parlaiminte uaireanta fada, go minic seacht lá na seachtaine, chun seachadadh tapa seirbhíse, comhairle ardchaighdeáin agus táirgeadh práinneach reachtaíochta a chinntiú. Chinntigh eagrú na bhfoirne agus na modhanna cumarsáide a glacadh inrochtaineacht, freagrúlacht, "slánúchán" tapa, cáilíocht agus, más gá, clúdach ceithre uair is fiche sa lá.

Léirítear sna tascanna móra de chomhaid a chomhdú agus a eagrú de láimh agus go leictreonach, a tháinig i ndiaidh na gcéimeanna criticiúla de thionscadail den chineál sin, méid agus luas na hoibre atá i gceist.

Tugann an roghnúcháin seo a leanas de shaincheistanna ar a dtug an Oifig comhairle blas de chineál na hoibre agus de na dúshláin i gceist:-

- **Le hAcht Cobhsaíochta na bhForas Creidmheasa 2010 ("CISA")** cuireadh i bhfeidhm sraith de chumhachtaí cúirte forleithne agus uathúla a bhaineann le hathstruchtúrú a dhéanamh ar bhainc, scairshealbhóirí agus bannashealbhóirí. Tugadh comhairle ar fud réimse leathan ag déileáil leis na chéad iarratais CISA, athchaipitliú na mbanc, diúscairt de thaiscí Angla agus INBS, athstruchtúrú na mbanc, na cleachtaí bainistíochta dliteanais a bhaineann leis na bainc agus na dúshláin dlí bainteacha. Lig an obair seo cur i gcrích an athstruchtúraithe bainc a bhí ag teastáil in am faoi MOU an AE/IMF agus ghin coigilt de bhreis agus €5 bhilliún don Stát.
- Tá **Acht** casta agus nua **an Bhainc Ceannais agus na bhForas Creidmheasa (Rún) 2011** ("CBCIR") ar leith ó CISA, luaite thuas. Soláthraíonn sé córas rúin buanbhaincéireachta "foistine" riartha ag an mBanc Ceannais, lena n-áirítear soláthar le bainisteoir speisialta a cheapadh; aistriú de shócmhainní agus dliteanais an fhorais bhearnaithe chuig insitiúidí eile agus bunú de "thrasbhainc".
- **Bille an Bhainc Ceannais (Maoirseacht agus Forfheidhmiú) 2010.**

- Saincheisteanna ar leith sa chomthéacs de NAMA, CISA, CBCIR, rathaíocht an bhainc, gealltanais sa MOU AE/IMF, comhroinnt dualgas, dlíthíocht eachtrach le bannashealbhóirí agus pleanáil theagmhais ar bhonn leanúnach agus práinneach.
- Forbairtí AE a athbhreithniú i dtaca le cúnamh Stáit baincéireachta agus cinntí aonair imréitigh ag an gCoimisiún, athbhreithnithe leanúnacha d'athchaipitlithe san earnáil bhaincéireachta agus clár oibre leasaithe an AE.
- Idirbheartaíocht ar an **gConradh lena mBunaítear an Sásra Cobhsaíochta Eorpach**.
- Ceisteanna dlí a bhaineann le téarmaí agus coinníollacha an **chomhaontaithe iasachta AE/IMF, an MOU ar choinníollacht ar leith beartais eacnamaíoch agus comhaontuithe iasachta an RA agus Nordacha**.
- Tionscadail ghéarchéime fhiachais cheannasaigh an Euro a bhfuil tionchar acu ar an Stát, lena n-áirítear An Sásra Eorpach um Chobhsaíocht Airgeadais ("EFSM"), an tSaoráid Eorpach um Chobhsaíocht Airgeadais ("ESFF") agus **doiciméadú iasachta** eisithe de bhun an EFSF agus an ESM. **An tAcht um Shaoráid Eorpach um Chobhsaíocht Airgeadais agus um Shaoráid Iasachta Limistéar an Euro (Leasú) 2011**.
- Daingniú d'athrú conartha an AE ar Airteagal 136 an Conradh ar **Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh** agus Bille na gComhphobal Eorpach (Leasú) (anois ina Acht de 2012).
- Téarmaí agus idirbheartaíocht molta an **Chonartha um Chobhsaíocht Fhioscach**.

- An **Bille um Fhreagracht Fhioscach** bunaithe *inter alia* ar riachtanas an AE/IMF le haghaidh comhairle chomhairleach buiséadach agus fonn an Rialtais rialacha rialachais fioscacha feabhsaithe a bheith aige.
- An pacáiste de sé bheart rialachais eacnamaíocha molta eisithe ag Coimisiún an AE ar chomhordú beartais eacnamaíoch ag leibhéal an AE a neartú (ar a dtugtar **pacáiste Van Rompuy** freisin) agus **Dara Pacáiste Rialachais Eacnamaíoch** an Choimisiúin.
- **Gealltanais reachtaíochta Troika** i réimsí eile lena n-áirítear Bille na hIomaíochta (Leasú), An tAcht Rialtais Áitiúil (Muirear Teaghlaigh) 2011, An Bille Sláinte (Soláthar de Sheirbhísí Liachleachtóirí Ginearálta) 2011 agus na tascanna ollmhóra a bhí i dtosú na hoibre ar an mBille um Dhócmhainneacht Phearsanta agus ar an mBille um Sheirbhísí Dlí.
- **An Bille Airgeadais:** Tá saincheisteanna ceannródaíocha den tábhacht is airde á n-ardú mar gheall ar dhlí ioncaim, de thairbhe go bhfuil dianeasnamh fioscacha roimh an Rialtas sna blianta le teacht agus riachtanas aige réitigh nualáíochta fioscacha a chur i bhfeidhm.
- Saincheisteanna á n-ardú don Stát mar gheall ar **Quinn Insurance (faoi riarachán)** agus **íocaíochtaí ón gCiste Cúitimh Árachais**.

Bhí réitigh nuálacha dhlí riachtanach mar gheall ar shraith de shaincheisteanna faoi rún agus margadh-íogaire a bhí casta, ag gluaiseacht go tapa agus ag teacht chun cinn. Éascaíodh an obair ag solúbthacht na hOifige agus ag tiomantas agus inniúlacht eisceachtúil an Abhcóide Chomhairligh agus Pharlaiminte i gceist chomh maith le CSSO, taighdeoirí dlí, foireann tacaíochta agus daoine eile. Bhí caidreamh agus comhoibriú den scoth le páirtithe leasmhara eile, lena n-áirítear dlíodóirí seachtracha, riachtanach i dtaca le seirbhís na hOifige sa réimse seo a sheachadadh go rathúil.

## **Obair an Abhcóide Pharlaiminte i 2011**

Dhréachtaigh Oifig an Abhcóide Pharlaiminte don Rialtas (OPC) líon suntasach Billí agus Ionstraimí Reachtúla le linn 2011:

- Foilsíodh **55** Bille Rialtais (Aguisín A)
- Achtaíodh **41** Bille Rialtais (Aguisín B)
- Dréachtaíodh agus tarchuireadh **374** Ionstraim Reachtúla
- **91** acu siúd a bhí bainteach le bearta an Aontais Eorpaigh a thrashuí.

Rinne an Oifig líon suntasach tascanna dréachtaithe le linn 2011, iad seo a leanas san áireamh –

### **Bille Comhdhlúite agus Leasaithe Cuideachtaí**

Foilsíodh ar láithreán gréasáin na Roinne urraíochta, i Samhradh 2011, an dréacht arna ullmhú ag an OPC de na chéad 952 alt den mhír thuasluaite, mar aon leis na 6 Sceideal a bhaineann leo. Is ionann na hait sin agus é atá curtha síos mar Cholún A i Scéim Ghinearálta an Bhille, a cheadaigh an Rialtas i 2007. Tá beagnach an dlí ar fad maidir le cuideachtaí príobháideacha faoi theorainn scaireanna i gColún B. Tar éis an fhoilsithe sin, cuireadh tús leis an obair san OPC ar a bhfuil curtha síos sa Scéim sin mar Cholún B.

Críochnaíodh cuid mhór de na 480 nó mar sin alt breise a chomhdhéanann Colún B faoi dheireadh 2011, agus táthar ag súil an Bille iomlán a fhoilsiú go déanach i 2012.

### **An Bille um Pinsin agus Luach Saothair (Scéim Aonair) na Seirbhíse Poiblí 2011**

Ba é príomhchuspóir an Bhille mar a foilsíodh i Meán Fómhair 2011 ná scéim nua pinsin aonair a sholáthar do gach iontrálaí nua sa tseirbhís poiblí. Is í an scéim nua tiomantas faoin gClár AE-IMF um Thacaíocht Airgeadais d'Éirinn. Is é príomhghné na Scéime Aonair ná go ndéanfar pinsin a ríomh ar phá meánghairme agus ní ar thuarastal deiridh.

Sholáthair an Bille freisin, i gCuid 3, na leasuithe riachtanacha reachtaíochtaa bhí ag teastáil chun laghdú ar rátaí pá do sheirbhísigh agus do shealbhóirí oifige poiblí áirithe a éascú, lena n-áirítear comhaltaí an Rialtais agus baill nua na breithiúna, a bhfuil rátaí pá acu atá cinntithe sa reachtaíocht.

### **Bille an Bhainc Cheannais (Maoirseacht & Forfheidhmiú) 2011**

Is iad príomhchuspóir an Bhille seo mar a foilsíodh in Iúil 2011 cumhachtaí feabhsaithe a chur ar fáil do Bhanc Ceannais na hÉireann i dtaca le maoirseacht a dhéanamh ar sholáthraithe seirbhíse airgeadais rialaithe, cumhachtaí feabhsaithe a chur ar fáil do Bhanc Ceannais na hÉireann le reachtaíocht seirbhísí airgeadais a fhorfheidhmiú, agus leasuithe bainteacha a sholáthar ar Achtanna an Bhainc Cheannais 1942 go dtí 2010 agus gníomhartha agus ionstraimí reachtúla áirithe eile freisin.

### **An tAcht um Bearta Éigeandála Airgeadais le Leas an Phobail (Leasú) 2011**

Cuireann an tAcht seo Bearta Éigeandála Airgeadais sna hAchtanna um Leas an Phobail de 2009 i bhfeidhm ar bhreithiúna ar seirbhís tar éis an reifrinn ar an Naóú Leasú is Fiche den Bhunreacht a leasaíonn Alt 35.5 den Bhunreacht maidir le luach saothair na mBreithiúna.

Baineann an tAcht díolúine do bhreitheamh míleata, a luaithe a cheaptar, ó chur i bhfeidhm na nAchtanna 2009 agus déanann na leasuithe riachtanacha reachtaíochta chun pá na mbreithiúna nua-cheaptha, na sealbhóirí oifige áirithe agus na seirbhíseach poiblí eile a laghdú. Déanann an tAcht leasuithe eile ar na Bearta Éigeandála Airgeadais sna hAchtanna um Leas an Phobail.

### **An tAcht Airgeadais (Uimh. 3) 2011**

Is é cuspóir an Achta seo ná éifeacht a thabhairt do na hathruithe is gá ar an Acht Comhdhlúite Cánacha 1997, an tAcht Comhdhlúite Dleachtanna Stampa 1999, an tAcht Comhdhlúite Cánach Fáltas Caipitiúil 2003 agus an tAcht Breisluacha Comhdhlúite Cánach 2010 maidir le cánachas ar comhpháirtithe sibhialta agus comhchónaitheoirí mar thoradh ar theacht i bhfeidhm an Achta um Pháirtnéireacht Sibhialta agus um Chearta agus Oibleagáidí Áirithe Comhchónaitheoirí 2010.

Cuirtear páirteanna nua 44A agus 44B isteach san Acht Comhdhlúite Cánacha 1997, agus soláthraíonn don chóireáil chánach chéanna do pháirtithe sibhialta i bpáirtnéireacht cláraithe is atá ar fáil do lánúineacha pósta, agus do na hiarmhairtí

cánach do comhchónaitheoirí ar bhriseadh a gcaidrimh agus d'aon riachtanais chothabhála a thagann chun cinn mar thoradh air sin.

I sceidil 1 go dtí 4 tá na leasuithe teicniúla ar an Acht Comhdhlúite Cánacha 1997, an tAcht Comhdhlúite Dleachtanna Stampa 1999, an tAcht Comhdhlúite Cánach Fáltas Caipitiúil 2003 agus an tAcht Breisluacha Comhdhlúite Cánach 2010 atá riachtanach mar thoradh ar theacht i bhfeidhm an Achta um Pháirtnéireacht Shibhialta agus um Chearta agus Oibleagáidí Áirithe Comhchónaitheoirí 2010.

### **An tAcht um Shaoráid Eorpach um Chobhsaíocht Airgeadais agus um Shaoráid Iasachta Limistéar an Euro (Leasú) 2011**

Is é cuspóir an Achta seo, le leas an phobail, cobhsaíocht airgeadais an Aontais Eorpaigh a éascú tuilleadh agus cobhsaíocht airgeadais Limistéar an Euro ina iomlán a chosaint.

Mar gheall air, éascaíodh Éire idir leasuithe Mheitheamh 2011 ar chomhaontú creata Shaoráid Eorpach um Chobhsaíocht Airgeadais (EFSF) agus iad siúd a thagann chun cinn ó chinneadh an 21 Iúil 2011 a dhaingniú. Soláthraítear é seo san Acht trí leasuithe ar an Acht um Shaoráid Eorpach um Chobhsaíocht Airgeadais 2010.

Mar gheall ar an Acht freisin, éascaíodh Éire leasuithe ar chomhaontú saoráide iasachta na Gréige a dhaingniú tríd an Acht um Shaoráid Iasachta Limistéar an Euro 2010 a leasú.

### **Acht an Bhainc Cheannais agus na bhForas Creidmheasa (Rún) 2011**

Is é cuspóir an Achta seo soláthar a dhéanamh maidir le hathstruchtúrú an chórais bhaincéireachta intíre trí réimeas réitigh éifeachtach agus gasta a sholáthar d'institiúidí creidmheasa áirithe atá ag loiceadh, nó a bheidh ag loiceadh, is dócha agus, dá bhrí sin, a sholáthar ag an gcostas is lú don Stát.

Chun na críche sin soláthraíonn an tAcht chun bearta a ghlacadh le muinín an phobail sa chóras airgeadais sa Stát a chothabháil, le leanúnachas (sa mhéid is féidir sna himthosca) seirbhísí baincéireachta a dhaingniú, le haghaidh foirceanta ordúil

d'institiúid creidmheasa údaraithe atá dócmhainneach agus chun na cumhachtaí riachtanach don chuspóir sin a sholáthar do Bhanc Ceannais na hÉireann.

### **An tAcht um Rialáil Cumarsáidí (Seirbhís Poist) 2011**

Is é príomhchuspóir an Achta seo an Tríú Treoir na Seirbhísí Poist a thrashuí (2008/6/EC), a sholáthraíonn don chéim dheiridh i margadh na seirbhísí poist a oscailt le haghaidh iomaíochta. Leagann an tAcht creat rialúcháin amach, agus an príomhchuspóir leis sin buansoláthar de sheirbhís uilíoch poist a chosaint agus iomaíocht i margadh léirscaoilte a spreagadh. Áirítear an t-ainmniú de sholáthróir seirbhíse uilíche poist agus nuashonrú ar roinnt píosaí tábhachtacha de reachtaíocht poist d'fhonn a gcomhoiriúnacht le margadh léirscaoilte a chinntiú. Forálann an tAcht freisin do chóras postchód a bhunú agus a chothabháil.

### **An Bille Iomaíochta (Leasú) 2011**

Tá forálacha sa Bille seo, agus an aidhm leo forfheidhmiú níos éifeachtaí de dhlí iomaíochta sa Stát a chinntiú. Tugadh isteach é mar chomhlíonadh de ghealltanas i meabhrán tuisceana an AE/IMF a bhí le comhlíonadh faoi dheireadh an tríú ráithe i 2011.

### **An Bille um Cháilíochtaí agus Dearbhú Cáilíochta (Oideachas agus Oiliúint) Bill 2011**

Déanann an Bille seo foráil i leith díscailte Údarás Náisiúnta Cáilíochtaí na hÉireann, Comhairle na nDámhachtainí Ardoideachais agus Oiliúna agus Comhairle na nDámhachtainí Breisoideachais agus Oiliúna agus aistriú a bhfeidhmeanna go dtí comhlacht nua ar a dtugtar Údarás Cáilíochtaí agus Dearbhaithe Cáilíochta na hÉireann.

### **An Bille um Sheirbhísí Uisce (Leasú) 2011**

Foilsíodh an Bille mar fhreagra ar rialú ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh i gcoinne Éireann nuair a chinn an Chúirt gur theip ar Éirinn a dualgais faoin Treoir Dramhaíola (75/442/CEE) a chomhlíonadh maidir le fuíolluisce tí a dhiúscairt trí umair sheipteacha agus córais eile aonair chóireála fhuíolluisce. Déanann an Bille foráil i leith córas cláraithe agus iniúchta de chórais chóireála fhuíolluisce tí agus déanann foráil i leith nithe gaolmhara, lena n-áirítear dualgais úinéirí na gcóras fuíolluisce tí agus ceapadh agus cumhachtaí cigirí.

### **Acht an Rialtais Áitiúil (Muirear Teaghlaigh) 2011**

Tá an tAcht seo ina bheart tábhachtach i dtaca le hioncam a thabhairt isteach. Déanann sé foráil i leith íocaíochta de mhuirear bliantúil i ndáil le réadmhaoín chónaithe, faoi réir eisceachtaí teoranta ar leith.

### **An tAcht um Chúram Leanaí (Leasú) 2011**

Déanann an tAcht seo foráil i leith leanaí a choinneáil, in áit shábháilte, ina bhfuil a n-iompar ina bhgairt ar a saol, a sláinte, a sábháilteacht, a bhforbairt nó a leas, agus cúram a sholáthar do na leanaí sin agus iad faoi choinneáil a théann i ngleic lena n-iompar. Tá maoirseacht oideachais le soláthar freisin le linn na coinneála.

Déanann sé foráil freisin i leith coinneála agus soláthair an chúraim sin agus maoirseachta oideachais i gcúinsí ina bhfuil leanbh cúisithe le cion coiriúil nó ina raibh sé/sí ciontaithe i gcion coiriúil. Déanann sé foráil do leanúint na coinneála agus an tsoláthair chúraim le linn imeachtaí coiriúla ar dhóigh inar féidir leis an gcoinneáil agus na himeachtaí coiriúla a oibriú i ndiaidh a chéile.

Díscaoileann an tAcht an Bord Comhairleach um Achtanna na Leanaí, beart atá riachtanach mar chuid den chlár cuíchóirithe chomhlachtaí an Stáit.

### **An tAcht um Airí agus Rúnaithe (Leasú) 2011**

Bhunaigh an tAcht seo an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus aistríodh feidhmeanna buiséadacha áirithe ón Aire Airgeadais chuig an Aire a bhfuil freagracht aige don Roinn sin. Thug sé freisin feidhmeanna ar an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i ndáil leis an tseirbhís phoiblí a nuachóiriú agus a fhorbairt.

### **An Bille Sláinte (Soláthar de Sheirbhísí Liachleachtóirí Ginearálta) 2011**

Déanann an Bille seo, a achtaíodh mar an tAcht Sláinte (Soláthar de Sheirbhísí Liachleachtóirí Ginearálta) 2012, foráil do dheireadh a chur le srianta ar liachleachtóirí cláraithe ar mian leo conarthaí a fháil chun cóir leighis a chur ar othair phoiblí faoi Scéim Ghinearálta na Seirbhísí Leighis oibríthe ag Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte. Tá deireadh a chur leis na srianta sin i gcomhréir le ceanglas cláir



an AE/IMF maidir le soláthar do thabhairt isteach d'athruithe reachtaíochta chun srianta ar thrádáil agus ar iomaíocht a bhaint in earnálacha cosanta.

### **An tAcht um Árachas Sláinte (Forálacha Ilghnéitheacha) 2011**

Leasaigh an tAcht um Árachas Sláinte (Forálacha Ilghnéitheacha) 2011 an tAcht um Árachas Sláinte 1994, an tAcht Comhdhlúite Cánacha 1997 agus an tAcht Comhdhlúite Dleachtanna Stampa 1999, chun a chinntiú, ar mhaithe leis an dlúthpháirtíocht sochaí agus eadarghlúine, go mbeadh an t-ualach i dtaca le costais na seirbhísí sláinte comhroinnte ag árachaithe trí shocrú go leanfaí leis an bhfóirdheontas costais (creidmheas cánach bainteach le haois arna mhaoiniú ag bailiú de thobhaigh ar gach saol faoi árachas) idir daoine óga agus seandaoine, mar a fhoráiltear leis an Acht um Árachas Sláinte 1994 arna leasú ag an Acht um Árachas Sláinte (Forálacha Ilghnéitheacha) 2009, go ceann bliana eile go deireadh 2012.

### **An tAcht um Altraí agus Mná Cabhrach 2011**

Déanann an tAcht foráil do chlárú, rialáil agus rialú na n-altraí agus na mban cabhrach agus d'fheabhsúchán de chaighdeán oideachais ghairmiúil, oiliúna agus inniúlachta na n-altraí agus na mban cabhrach. Déanann sé foráil freisin do mheicníocht le haghaidh fiosrúchán ar ghearáin i gcoinne altraí agus ban cabhrach.

Aisghaireann an tAcht Acht na nAltraí 1985 agus díscuoileadh an Chomhairle Náisiúnta um Fhorbairt Ghairmiúil an Altranais agus an Chnámhseachais. Aithníonn an tAcht cnámhseachas mar ghairm ar leith. Leis an Acht seo leantar ar aghaidh leis an gcomhlacht rialála ar a dtugadh an Bord Altranais roimhe, comhlacht ar a dtugtar Bord Altranais agus Chnámhseachais na hÉireann sa lá inniu.

### **An tAcht um an Dlí Sibhialta (Forálacha Ilghnéitheacha) 2011**

Chuir an tAcht seo athruithe i bhfeidhm sa dlí i raon leathan réimsí, lena n-áirítear iad siúd a bhaineann le soláthar de sheirbhísí slándála príobháidí, saoránacht, inimirce, cúnamh dlí sibhialta, comhionannas, féimheacht, seirbhísí idirghabhála teaghlaigh, clárú éasúintí agus *profits a`prendre*, cur i bhfeidhm orduithe cúirte i gcásanna dlí teaghlaigh, táillí cúirte agus dliteanais shibhialta i dtaca le gníomhartha Samárach maith agus oibríthe deonacha.

### **An tAcht um an Dlí Coiriúil (Cosaint agus an tÁitreabh) 2011**

Baineann an tAcht seo le dliteanas duine i dtaca le fórsa a úsáid ag duine agus é/í ina (h)áit chónaithe féin nó mar áititheoir dleathach in áitreabh i gcoinne duine a théann isteach san áitreabh agus é ar intinn aige/aici gníomh coiriúil a dhéanamh. Déanann an tAcht foráil freisin do leasú ar fhorálacha áirithe an Achta um Chionta Neamh-Mharfacha in aghaidh an Duine 1997.

### **An Bille um Cheartas Coiriúil (Ciorrú Ball Giniúna Ban) 2011**

Is é cuspóir an Bhille seo, a achtaíodh mar an tAcht um Cheartas Coiriúil (Ciorrú Ball Giniúna Ban) 2012, an cion de chiorrú ball giniúna ban a chruthú agus de chailín nó bean a bhaint ón Stát nuair atá sé i gceist leis an mbaint ciorrú ball giniúna ban a dhéanamh uirthi. Déanann an tAcht foráil freisin do chion i dtaca le gníomh de chiorrú ball giniúna ban a dhéanamh i gcúinsí áirithe lasmuigh den Stát.

### **An tAcht um Cheartas Coiriúil 2011**

Leis an Acht seo déantar athruithe ar leith ar an dlí coiriúil agus nós imeachta sa mhéid is go mbaineann siad le cionta sonraithe. Is iad na cionta sin iad siúd atá ina gcionta inghabhála (.i. inphionóis le téarma príosúnachta 5 bliana nó níos mó) agus a bhfuil imscrúdú ag baint leo atá casta agus fada de ghnáth mar gheall ar fhachtóirí amhail an líon mór finnétithe, an líon mór doiciméad, dáileadh leathan leictreonach de dhoiciméid, líon mór na n-idirbheart agus castacht na n-idirbheart atá i gceist de ghnáth.

D'fhéadfadh an choinneáil agus cheistiú ag an nGarda Síochána d'amhrastaigh faoi alt 4 den Acht um Cheartas Coiriúil 1984 i dtaca le cionta clúdaithe ag an Acht a bheith curtha ar fionraí i gcúinsí áirithe. Leasaíonn Cuid 2 den Acht teidlíocht an amhrastaigh faoi choinneáil faoi aon cheann d'fhorálacha coinneála reachtúla rochtain a fháil ar chomhairle dhlí. Déanann Cuid 3 den Acht foráil maidir le deonú ag breitheamh Dúiche ordú táirgthe le haghaidh doiciméad nó faisnéise a bhaineann leis an imscrúdú ar chion clúdaithe ag an Acht chuig an nGarda Síochána. Cruthaítear cionta d'fhaisnéis i ndoiciméid a cheilt, agus faisnéis a bhaineann le cionta laistigh de raon an Achta. Cruthaíonn an tAcht toimhdí ar leith freisin a bhaineann le doiciméid. Tá forálacha san Acht le fostaithe a chosaint ó phionósú mar gheall ar fhaisnéis a nochtadh a bhaineann le cionta atá clúdaithe ag an Acht.

### **An tAcht um Cheartas Coiriúil (Ord Poiblí) 2011**

Coisceann an tAcht seo déircínteacht ag daoine má bhíonn iompar tromaithe áirithe I gceist freisin. Tugann sé cumhacht do chomhaltáí an Gharda Síochána reoracha ar leith a thabhairt do dhaoine dá leithéid sin. Cruthaíonn an tAcht freisin cion de dhéircínteacht a stiúradh nó a eagrú agus cion a bhaineann le maireachtáil ar thorthaí na déircínteachta.

### **An Naoú Leasú is Fíche ar Acht an Bhunreacht (Luach Saothair Breithiúna) 2011**

Leasaigh an tAcht seo Airteagal 35.5 den Bhunreacht tar éis an leasú beartaithe a bheith faofa ag na daoine ag reifreann. Leagann an t-alt nua 5 d'Airteagal 35 den Bhunreacht na himthosca amach inar féidir luach saothair breithiúna a laghdú le linn a leanúna in oifig.

### **Obair Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit in 2011**

Is achoimre é seo a leanas ar an obair ar pléadh léi i Rannán Dlí Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit i rith 2011.

### **Rannán an Dlí Phoiblí**

Is éard atá i Rannán an Dlí Phoiblí an Rannóg Tráchtála agus Bunreacht agus Rannóg na nAthbhreithnithe Breithiúnacha agus pléann sé le raon leathan dlíthíochta agus ardphróifíl ag baint le han-chuid de na cásanna, rud a éilíonn teorainneacha ama daingne a chomhlíonadh agus lena mbaineann saincheistanna casta dlí. Cuireadh 10 gcás ar a laghad a láimhseáladh sa Rannán isteach i liosta na Cúirte Tráchtála le linn na bliana, Cúirt atá an-éifeachtach agus a éascaíonn páirtithe dul chun dlí faoi dhíospóidí tráchtála go tapa agus go héifeachtach, cé go bhfuil sé ina mhodh costasach le díospóid a réiteach mar go mbíonn na cásanna bainistithe go bríomhar agus spriocdhátaí an-dlútha forchurtha ar na dlíodóirí agus ar a gcuid cliant.

### **An Rannóg Tráchtála agus Bunreacht**

Tá an Rannóg seo freagrach as cosaint de raon leathan beart sibhialta i gcoinne an an Stáit agus Údaráis an Stáit i ngach cúirt. Téann an chuid is mó de na cásanna ar déileáladh leo go dtí éisteacht iomlánach san Ard-Chúirt, déantar achomharc go minic orthu chuig an gCúirt Uachtarach agus uaireanta tarchuirtear iad chuig Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh. Ar na saincheisteanna dlí ar déileáladh leo, áirítear saincheisteanna tráchtála, bunreachta, conartha, fostaíochta, talmhaíochta, árachais, idirnáisiúnta, comhshaoil, pleanála, toghcháin, sláinte poiblí, maoiné intleachtúla, tithíochta, leasa shóisialaigh, stádas teaghlaigh, riaracháin, Choinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine agus Dlí an Aontais Eorpaigh. In amanna cuirtear tús leis na cásanna seo le urghaire agus tá siad i gcónaí faoi réir fiosrúcháin ag an meán ag gach céim den dul chun cinn trí na cúirteanna. Le linn 2011 rinne an Roinn athbhreithniú ar 140 cás nua.

### **Rannóg na nAthbhreithnithe Breithiúnacha**

Déanann an Rannóg seo ionadaíocht ar an Stát agus Údaráis an Stáit in iarratais ar athbhreithniú breithiúnach. Is é Athbhreithniú Breithiúnach an próiseas lena gcuirtear rialú breithiúnach caingne riaracháin i bhfeidhm agus lena bhfeidhmíonn an Ard-Chúirt dlínse ar imeachtaí agus cinntí cúirteanna íochtair, binsí agus comhlachtaí eile a chomhlíonann feidhmeanna garbhreithiúnacha nó a dtugtar freagracht dóibh achtanna nó dualgais phoiblí a fheidhmiú. Tá freagracht ar an Rannóg seo chomh maith as iarratais habeas corpus, cásanna sonraithe, cásanna uchtaithe, litreacha iarratais ó bhinsí eachtracha agus doiciméid a sheirbheáil faoi Rialachán AE Uimh.1348/2000 ón gComhairle agus Comhdháil na Háige 1965 maidir le seirbhéail doiciméad breithiúnach agus seachbhreithiúnach thar lear in ábhair shibhialta agus tráchtála.

Fuair an Rannóg **512** athbhreithniú breithiúnach sa bhliain 2011, chomh maith le **83** iarratas habeas corpus, **2** chás uchtaithe, **3** gcás shonraithe, 3 litir iarratais ó bhinsí eachtrach agus **149** doiciméad le seirbhéail faoi Rialachán AE Uimh.1348/2000 ón gComhairle agus Coinbhinsiún na Háige maidir le seirbhéail doiciméad breithiúnach agus seachbhreithiúnach thar lear in ábhair shibhialta agus tráchtála.

## **An Rannán Tearmainn agus Seirbhísí Dlí**

Tá dhá Rannóg mar chuid den Rannán seo, is iad sin, an Rannóg Tearmainn agus an Rannóg Seirbhísí Dlí.

### **An Rannóg Tearmainn**

Pléann an Rannóg seo le gach cás a bhaineann le tearmann, inimirce agus aidsúichiú thar ceann na Roinne Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí, Oifig an Choimisinéara um Iarratais Dídeanaithe, an Bhinse Achomhairc do Dhídeanaithe agus Biúro Náisiúnta an Gharda Síochána um Inimirce. Baineann gné dlíthíochta leis an gcuid is mó den oibre a phléann go príomha le hiarratais ar athbhreithniú breithiúnach (ar éisteachtaí ceada agus substainteacha) chomh maith le hiarratais habeas corpus (i gcás ina bhfeidhmíonn an Rannóg thar ceann an Ghobharnóra Phríosúin) sa réimse Tearmainn agus éilítear freastal gach lá os comhair na hard-Chúirte agus níos annaimhe os comhair na Cúirte Uachtaraí. Pléann an Rannóg chomh maith le hiarratais na Cúirte Dúiche de bhun Acht na nDídeanaithe 1996 arna leasú. Osclaíodh 715 comhad nua a bhain le tearmann in 2011 sa Rannóg.

### **An Rannóg Seirbhísí Dlí**

Tá an Rannóg seo freagrach as cuntasóireacht chostas dlí (lena n-áirítear measúnú a dhéanamh ar bhillí costas agus freastal ar chánachas na mbillí sin) agus aisghabháil chostas dlí ata dlite don Stát. Tá sé freagrach chomh maith as táillí na gComhairlí a íoc agus gníomhaíonn sé don Choimisinéir Luachála le linn achomharc os comhair an Bhinse Luachála. Tá an Rannóg páirteach in ullmhú na nIonchúiseamh Aireachta sa Chúirt Dúiche thar ceann an Aire Coimirce Sóisialaí agus an Aire Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia. Lámhseálann an Rannóg, freisin, cásanna thar ceanna an Aire Coimirce Sóisialaí le haghaidh aisghabháil airgead a fuarthas go calaoiseach nó a ró-íocadh trí bhotún. Tá an Ceann Rannóige ina Chathaoirleach ar Choiste a mhaoirsíonn scéim oiliúna dlí d'fhoireann chléireachais na hOifige.

### **An Rannán um Maoin Stáit**

Pléann an Rannán um Maoin Stáit le hidirbhearta maoin, ábhair tiarna talúin agus tionónta, deontais, eastáit eiséata agus saincheistanna pleanála agus teidil don Stát. Tá sé eagraithe i dtrí Rannóg, an Rannóg um Oifig na nOibreacha Poiblí / Sláinte

agus Leanaí, an Rannóg Cosanta, Mara agus Clár Caipitil Spóirt agus an Rannóg Airgeadais, Oideachais, Ceartais agus Oidhreachta.

## **Rannóg Oifig na nOibreacha Poiblí/Sláinte agus Leanaí**

Gníomhaíonn an Rannóg seo go príomha le haghaidh Choimisinéirí na nOibreacha Poiblí in Éirinn (“OPW”) agus pléann sí le fáil, diúscairt agus léasú obair Sheirbhísí Bainistíochta Maoine OPW. Tá Sheirbhísí Bainistíochta Maoine OPW freagrach as soláthar cóiríochta oifige do Ranna, Oifigí, Gníomhaireachtaí agus Binsí an Rialtais, chomh maith le bainistíocht leanúnach phunann maoine an Stáit, arb í an phunann mhaoine is mó sa Stát. Pléann an Rannóg le roinnt oibre do Sheirbhísí Bainistíochta Maoine OPW, Seirbhísí Innealtóireachta OPW agus Seirbhísí Cothabhála Maoine OPW. Pléann an Rannóg le hobair don Roinn Sláinte agus Leanaí agus don Roinn Airgeadais chomh maith. Ghlac an Roinn freagracht le linn na bliana as dhá réimse bhreise oibre – idirbhearta oidhreachta agus tarscaoiltí an Achta Mhaoine Stáit.

Baineann obair na Rannóige le tíolacadh tráchtála agus áirítear uirthi, léasú tráchtála; saincheisteanna agus comhairle tiarna talún – tionónta; fáltais agus diúscairtí; tógáil agus ábhair agus comhairle bhainteach; comhaontuithe tráchtála a bhaineann le comhairlí maoine agus teidil. Tugtar faoi fháltais agus diúscairtí maoine faoi Chlár Rialtais éagsúla agus is riachtanas leanúnach é léasú cóiríochta do Ranna Rialtais.

## **Cosanta, Mara agus Clár Caipitil Spóirt Rannán**

Le linn 2011 dhéileáil Rannóg seo le idirbheartaíochta, dlíthíochta agus nithe maoine comhairleacha do na Ranna seo a leanas Rialtais - Roinn Cosanta; Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia; Iompair, Turasóireachta agus Spóirt; Ealaíon; Oidhreachta agus Gaeltachta; Post, Fiontar agus Nuálaíochta agus Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha. D’áirigh an obair seo Léasú Lárionad Cuain Iascaigh, Tíolacadh na dTailte Foraoiseachta, muirearú dlíthiúil faoin gclár caipitil Spóirt agus clár rochtana agus diúscairt maoine an Roinn Cosanta.

## **An Rannóg Airgeadais, Oideachais, Ceartais agus Oidhreachta**

Áiríodh ar an obair a rinne an Rannóg seo i rith 2011 gnéithe maoin don Scéim Slánaíochta Sásaimh d’Institiúidí Cónaitheacha, tarscaoileadh maoin cuideachtaí lánscotha faoin Acht Maoine Stáit 1954, a phléann le heastáit eiséata i gcás inar comharba díthiomnach deiridh é an Stát, léasanna scoile, ceannacháin láithreacha do scoileanna agus príosúin, léasanna tráchtála don Aire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí, éilimh ar chúiteamh faoi Alt 120 de na hAchtanna um Chlárú Teidil 1964 -2006 agus deontais chun críocha cultúir. Bhain an obair oidhreachta le fáil séadchomharthaí náisiúnta agus maoin stairiúla. Fuarthas líon mór portach agus móinchearta i dtíortha éagsúla thar ceann an Aire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil chun críocha caomhnaithe. Áiríodh ar na hidirbhearta móra a láimhseáladh in 2011, Fuarthas líon mor portach agus móincheart i roinnt contaetha éagsúla thar ceann an Aire Chomhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil chun críocha caomhnúcháin.

### **An Rannán Ceartais agus Dlí Choitinn**

Tá trí Rannóg mar chuid den Rannán seo, is iad sin, an Rannóg Ceartais agus Coiriúlachta, Rannóg na nDíobhálacha Pearsanta agus Rannóg na nÉileamh Tortach.

### **An Rannóg Ceartais agus Coiriúlachta**

Pléann an Rannóg seo le cásanna Eiseachadta agus iarratais ar Bharántas Gabhála Eorpach san Ard-Chúirt agus sna Cúirteanna Uachtaracha thar ceann an Ard-Aighne agus an Aire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí. In addition, it deals with Mutual Assistance applications in the District, Circuit and High Courts on behalf of the Minister for Justice, Equality and Law Reform. Soláthraíonn an Rannóg seirbhísí *Atur* don Gharda Síochána agus Ranna cliaint maidir le hábhair cosúil le hIonchoisní, iarratais Cheadúnaithe, iarratais i leith an *Police Property Act*, iarratais ar Aistriú Daoine faoi Phianbhreith, Achomhairc chuig Cúirt Achomhairc na nArmchúirteanna agus Ionchúisimh Aire.

I rith na bliana 2011 fuair an rannóg 373 iarratas nua um Barántas Gabhála Eorpach, 9 cás eiseachadta ón taobh amuigh den Aontas Eorpach, lena n-áirítear 3 cinn ó Stáit Aontaithe Mheiriceá, 97 iarratas nua um Chúnaimh Frithpháirteach, 9 inchoisne i mBaile Átha Cliath, 11 iarratas um Aistriú Daoine Daortha, 1 iarratas um Aistriú

Forghníomhú an Daortha, 110 iarratas um Cheadúnas Deochanna Meisciúla, 9 iarratas um Réadmhaoin Póilíní, 2 Achomharc Cúirt Airm agus réimse ionchúiseamh Rialtais lena n-áirítear 152 ionchúiseamh a bhain le hImeachtaí Sóisialta agus Teaghlaigh.

In 2011, rinne Ceann na Rannóige bainistíocht chomh maith ar 7 gcinn as na Ionchoisní i mBaile Átha Cliath.

### **Rannóg Dlíthíochta an Gharda**

Pléann an Rannóg seo le himeachtaí sibhialta in aghaidh an Gharda Síochána. Cuimsíonn na cásanna seo éilimh le haghaidh damáistí don ionsaí, don ghabháil éagórach, don phríosúnú bréagach, don ionchúiseamh mailíseach, don iomrall ceartais, don chealg agus don chlúmhillleadh. De bhreis ar sin ionramhálann sí iarratais fionnachtana neamhpháirtí ag lorg nochtadh cáipéisíú ó na Gardaí.

Pléann an Rannóg seo freisin le gach éileamh de chuid na nGardaí faoi Achtanna an Gharda Síochána (Cúiteamh) 1941 agus 1945. De bhreis ar sin, d'fheidhmigh an Rannóg ar son Údaráis an Gharda os comhair Coimisiún Imscrúdaithe Ard-Deoise Átha Cliath. Fuarthas 132 cás ginearálta a bhain leis an nGarda agus 99 cás cúitimh a bhain leis an nGarda sa Rannóg i 2011.

### **An Rannóg Dlíthíochta Ginearálta**

Déileálann an Rannóg seo le díobhálacha pearsanta agus dlíthíocht tortach eile nach raibh tarmligthe chuig Gníomhaireacht Éileamh an Stáit (SCA) agus feidhmíonn freisin ar son an SCA maidir le nithe áirithe. Is iad an dá phríomhréimse ina dtreoraíonn an SCA an Rannóg ná dlíthíocht neamhoird struis iarthrámaigh ag baill de na Fórsaí Cosanta atá ag freastal thar lear agus cásanna bulaíochta agus ciaptha. Ag deireadh 2011, bhí 112 gníomh Ard-Chúirte ar láimh a bhaineann le bulaíocht agus ciapadh.

I measc cásanna neamh-tharmligthe eile atá á láimhseáil ag an Rannóg ná cásanna clúmhillte, éileimh tháirge lochtacha, ionsaithe ag oifigigh phríosúin agus achomhairc chuig an Ard-Chúirt ag daoine ionfhabhtaithe le Heipitéas C nó HIV nó an bheirt, trí thabhairt fola nó táirgí fola. Bhí 145 cás nua sa Rannóg i 2011.



## **An Rannán Comhairleach**

Tá trí Rannóg sa Rannán Comhairleach – an Rannóg Ghinearálta Chomhairleach, an Rannóg Stáit agus Dlíthíochta Eorpaí agus Rannóg na gConarthaí Tráchtála.

Oscloíodh 802 comhad san iomlán sa Rannán sa bhliain 2011.

## **An Rannóg Chomhairleach Ghinearálta**

Tá an Rannóg seo freagrach as ábhair chomhairleacha ghinearálta a chuimsíonn dlíthíocht Ghearánaigh a thionscnamh thar ceann an Stáit, follasú tríú páirtí, cúnamh frithpháirteach, imeachtaí dlí cuideachtaí, eadráin, ábhair maidir le huchtú, ábhair chlárúcháin shibhialta, ábhair chomhairle an Gharda Síochána, comhairle a thabhairt do Sheirbhís Phríosúin na hÉireann, mianadóireacht agus táiscéalaíocht agus forbairt pheitriam, ionchúisimh fiadhúlra, ionchúisimh ghnáthóige, bailiúchán fiach chun ró-íocaíocht phinsin Stáit agus neamhíocadh muirear stórála feithicle a ghnóthú, deontas agus íocaíochtaí REPS, gnóthú agus cur i bhfeidhm chinntí Ombudsman na bPinsean, chomh maith le hionadaíocht a dheanamh ar an Stát os comhair Binsí Fiosrúcháin maidir le saincheisteanna lena mbaineann suim phoiblí. Áiríodh ar an obair Bhinse chomh maith, ionadaíocht a dhéanamh ar an Aire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha ag nBinse agus comhairle a chur ar an Aire Airgeadais maidir le costais a d'éiligh tríú páirtithe ag Binsí.

## **An Rannóg Stáit agus Dlíthíochta Eorpaí**

Pléann an Rannóg seo le cásanna roimh Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh agus an Chúirt Ghinearálta. Láimhseálann sí imeachtaí dlí roimh CBE a thionscnaíonn an Coimisiún Eorpach i gcaingin dhíreacha, mar aon le cásanna ina n-idirghabhann Éire in imeachtaí Ballstáit eile, lena n-áirítear a Institiúidí. Pléann an Rannóg, freisin, le obair Fostaíochta agus déanann sí ionadaíocht do Ranna agus d'Oifigí Rialtais ag éisteachtaí de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim, na Cúirte Oibreachais, an Bhinse Achomhairc Fostaíochta, agus ag achomhairc roimh an Stiúrthóir Imscrúduithe Comhionannais, an Ardchúirt agus an gCúirt Uachtarach. Thairis sin, soláthraíonn an Rannóg comhairlí dlí ar shaincheisteanna fostaíochta na Státseirbhíse, agus lámhseálann sí iarratais maidir le athshlánú cuideachtaí, agus

iarratais faoi alt 371 d'Achtanna na gCuideachtaí (Leasuithe), mar aon le iarratais eile faoi Acht na gCuideachtaí.

## **Rannóg na gConarthaí Tráchtála**

Soláthraíonn an Rannóg seo comhairle maidir le conarthaí tráchtála do Ranna agus Oifigí Rialtais, lena n-áirítear déileáil le saincheisteanna soláthair, idirbheartaíocht chonartha agus dréachtú. Láimseálann sé obair chonartha i raon leathan réimsí, lena n-áirítear teicneolaíocht faisnéise, maoin intleachtúil, fostaíocht, pinsin, cúrsaí muirí, eitlíocht agus acmhainní nádúrtha.

Tá príomhról freisin ag an Rannóg i gcomhar le hOifig an Ard-Aighne i dtaca le cabhrú leis an tSeirbhís Náisiúnta Soláthair (OPW) ina straitéis chun cleachtais soláthair a nuachóiriú ar fud na hearnála poiblí. Mar chuid den phróiseas seo, bhunaigh an CSSO seirbhís aturnae shocrúcháin sheachtraigh ó laistigh dá Rannóg Chonarthaí Thráchtála chuig an NPS ag a n-oifigí i mBaile Átha Troim ó Aibreán 2011, agus beirt dhlíodóirí ag freastal air 4 lá sa tseachtain ar an láthair, ag obair go heisiach ar thacaíocht dlí NPS.

Thairis sin, d'oibrigh an Rannóg leis an NPS ar a ionchur chuig aighneacht na Roinne Airgeadais do Choimisiún an AE ar an Tionscadal Comhairliúcháin Athbhreithnithe Treorach Soláthair. Tar éis na haighneachta seo, d'fhreastail ionadaithe na Rannóige ar Chomhairliúchán Meithimh 2013 ar thorthaí Aighneachtaí na mBallstát.

Rinne an Rannóg seo, in éineacht leis an AGO, measúnú criticiúil ar shaincheisteanna a bhaineann le doiciméadú soláthair agus cleachtais a thagann chun cinn ar fud na bhfaighteoirí poiblí. I gcomhar leis an NPS, tar éis comhairliúcháin laistigh den earnáil phoiblí agus le grúpaí ionadaíocha ábhartha tionsclaíochta, forbraíodh sraith d'ábhair threorach agus doiciméadú conartha dea-chleachtais agus caighdeánaithe le húsáid ag Ranna agus Gníomhaireachtaí Rialtais ("the CSSO NPS Template Suite

of Tender and Contract Documents"). I Meitheamh 2011, sheol an tUasal Brian Hayes, Aire Stáit, An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe foilsíú den CSSO NPS Template Suite of Tender and Contract Documents faoi Chiorclán na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe 1/2011.

Sholáthair an Roinn oiliúint freisin i ndlí agus cleachtas soláthair do Ranna éagsúla ar bhonn iaratais agus ghlac ball na Roinne páirt i gComhdhálacha/Seimineáir Náisiúnta NPS ar Sholáthar Poiblí.

## **Cuid II: Forbairtí Eagrúcháin**

### **Coistí Comhairleacha Bainistíochta**

Tháinig Comhchoiste Comhairleach Bainistíochta (Príomh-MAC), agus ionadaí ar an lucht bainistíochta sinsearach ar Oifig Shráid Mhuirfean agus Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit, le chéile 3 huairé i rith 2011 chun comhairle a thabhairt don Ard-Stiúrthóir maidir le saincheisteanna a bhain leis an dá Oifig, lena n-áirítear saincheisteanna a bhain leis an gclár oibre um nuashonrú. Bunaíodh ionadaí MAC Dlí ar an dá Oifig in 2006, ar fhreastail an tArd-Aighne air in 2006 i gcomhthéacs mholadh na Tuarascála um Oifig an Ard-Aighne (Tuarascáil Uí Shúilleabháin, Meitheamh, 2006). Tháinig an MAC Dlí le chéile 3 huairé in 2011 agus dhírigh sé ar shaincheisteanna reatha dlí san Oifig. Tháinig Coistí áitiúla Comhairleacha Bainistíochta ar leithligh le chéile chomh maith ar bhonn míosúil chun comhairle a chur ar an Ard-Stiúrthóir, ar an an bPríomhdhreachtóir Parlaiminte agus ar an bPríomh-Aturnae Stáit, de réir mar is cuí.

### **Soláthar Foirne**

Faoi dheireadh 2011, bhí 126 i gceist le líon na mball foirne údaraithe in Oifig Shráid Mhuirfean. Bhí 232 i gceist le líon na mball foirne údaraithe in Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit ag deireadh 2011.

### **Teicneolaíocht na Faisnéise**

Le linn 2011 lean an Oifig lena Córais TF a bheachtú agus a fheabhsú le cinntiú go bhfanann siad ailínithe le héilimh ghnó na hOifige. Lean an tAonad TF ar aghaidh

freisin lena ról an-suntasach i mbainistiú agus feabhsú leanúnach ar Leabhar leictreonach Reachtanna na hÉireann (eISB). Ag deireadh 2011 chuir an tAonad tús le forbairt ar Straitéis nua TF 2012-2016. Leagtar an dul chun cinn a baineadh amach i gCaibidil 9 den Tuarascáil seo.

## **Bainisteoireacht an Eolais**

Comhaontaíodh an Straitéis Bainistíochta Fhaisnéise 2010-2013 ag MAC. Deartar straitéisí bainistíochta faisnéise chun éifeachtacht (m.sh. éascaíocht aisghabhála agus chomhroinnte agus athúsáid fhaisnéise), cáilíocht agus comhsheasmhacht de chomhairle dlí agus de bhainistíocht agus maolú riosca a chur chun cinn, go háirithe riosca clú. Tá buntáistí costais ag baint leo siúd do na hOifigí agus dár gcliainnt.

Cuireadh Grúpa Forfheidhmithe ar bun san AGO chun an Straitéis don AGO a mhaoirsiú agus a bhrú ar aghaidh le cinntiú go ndéanfar na moltaí go léir a mheas agus a chur i bhfeidhm, más cuí, faoi 2013. Maidir leis sin, tá an Grúpa i dteagmháil le coistí/aonaid ghnó san Oifig le cinntiú go bhfuil dul chun cinn á bhaint amach agus go bhfuil cur chuige comhtháite ann le dul i ngleic leis an Straitéis. Cuireann an Grúpa Forfheidhmithe tuarascálacha faoi bhráid MAC ar bhonn rialta i ndáil leis an dul chun cinn a baineadh amach.

Is é ceann de phríomh-mholtaí na Straitéise KM feidhmchlár nua fios gnó do na hOifigí. Beidh sé seo ina uirlis chumhachtach i mbainistíocht agus infhaighteacht faisnéise dlí san AGA/CSSO. Síníodh an Conradh don iarratas nua fios gnó seo in Aibreán 2011. Críochnaíodh tástáil alfa agus béite don iarratas nua seo i 2011. Tá na céimeanna tástála seo, agus go háirithe an chéim thástála inghlacthachta, atá sceidealaithe do 2012 ríthábhachtach le comhlíonadh an iarratais le ceanglais na nOifigí a chinntiú.

## **Forbairt Seirbhísí Dlí**

Lean an Oifig ar aghaidh ag díriú ar fhorbairt agus feabhsú a thuilleadh speisialtóireachta i rith 2011 chun freastal a dhéanamh ar riachtanais athraitheacha an Rialtais agus Ranna agus Oifigí cliainnt agus ag obair i dtreo a straitéise le speisialtóireacht mhéadaithe i bpríomhréimsí.

## **Rialáil Níos Fearr**

Lean moltaí na hOifige i dtaca le feabhas a chur ar inrochtaineacht agus comhtháthú Dlí Reachtach na hÉireann ar aghaidh le tionchar a bheith aige ar obair na hOifige i 2011.

## **Comhaontú na Seirbhíse Poiblí 2010 – 2014 (Comhaontú Pháirc an Chrócaigh)**

In Eanáir 2011 d'fhoilsigh Oifig an Ard-Aighne, Sráid Mhuirfean, i gcomhar le hOifig Phríomh-Aturnae an Stáit agus an Choimisiúin um Athchóiriú Dlí, Plean Gníomhaíochta Athbhreithnithe chun tiomantais a chur i bhfeidhm faoi Chomhaontú na Seirbhíse Poiblí 2010-2014 (Comhaontú Pháirc an Chrócaigh) . Áirítear sa Plean go leor athruithe, forbairtí agus tionscnamh a cuireadh i bhfeidhm cheana féin, cuid mhór ar siúl faoi láthair agus cuid acu don todhchaí. Is é cuspóir na n-athruithe feabhas a chur ar éifeachtúlacht agus ar sheirbhís do chustaiméirí, agus costais a laghdú. D'fhoilsigh an Oifig Tuarascálacha Dul Chun Cinn ar chur i bhfeidhm an Plean Gníomhaíochta Athbhreithnithe i mBealtaine agus i nDeireadh Fómhair 2011.

## **Ráiteas Straitéise 2011 – 2014**

I Nollaig 2011 chuir an Oifig dréacht-Ráiteas Straitéise 2011 – 2014 faoi bhráid an Taoisigh lena athbhreithniú agus tuairimí a fháil, de réir mar is cuí. Leagtar amach an dul chun cinn a rinneadh i dtaca leis seo i gCaibidil 9 den Tuarascáil seo.

## **Tionscnaimh Oibre Tras-Feidhme**

Le linn 2011 lean foirne trasfheidhmeacha ina raibh baill foirne ó Oifig Shráid Mhuirfean agus Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit ar aghaidh le hobair i dtionscadail lena n-áirítear Grúpa Úsáideoirí Gnó an Chórais Bhainistíochta Chásanna agus Thairfead (ACME), Tionscadal Comhtháite ACME/an Chórais Bhainistíochta Airgeadais, Tionscadal Straitéise na Bainistíochta Faisnéise agus tionscadal forfheidhmithe bhunachar sonraí fios gnó dlíthiúil.

## **Leithdháileadh Acmhainní maidir le Saincheistanna Práinneacha Dlí**

Aithníonn an Oifig an gá atá le hacmhainní a leithdháileadh ar bhonn solúbtha chun dul i ngleic le mórtionscadail phráinneach múnlaíthe ar an modh oibre a forbraíodh chun déileáil leis na saincheisteanna dlí agus an t-ualach oibre trom a eascraíonn as an ngéarchéim bhaincéireachta agus fiachais euro cheannasaigh. Le linn 2011 d'oibrigh foirne abhcóidí comhairleacha agus abhcóidí parlaiminte ar bhonn solúbtha ar go leor tionscadal chun láithreach freagartha agus ardchaighdeán comhairle agus reachtaíochta mar fhreagra ar ghéarchéimeanna a chinntiú. Éascaíodh na hathruithe i leithdháileadh na n-acmhainní chun dul i ngleic le mórtionscadail phráinneacha ó laistigh d'acmhainní atá ann cheana féin agus éascaíodh an soláthar tapa de chomhairlí agus reachtaíocht ardchaighdeán. Mar thoradh ar na hathruithe seo, bhí cumas feabhsaithe chun freagairt ar shaincheisteanna de réir mar a tháinig siad chun cinn agus infhaighteacht de shaineolas níos mó i gcomhthéacs casta agus ildisciplíneach i gcomhoibriú le dlíodóirí seachtracha agus le rannpháirtíocht iomlán ag na páirtithe leasmhara uile as a dtiocfaidh cáilíocht seirbhíse níos fearr don Ard-Aighne, don Rialtas agus do na saoránaigh.

Mar shampla, cuireadh i bhfeidhm an obair a rinneadh in ullmhú an Bhille um Sheirbhísí Dlí agus an réim speisialta chobhsaithe agus réitigh do bhainc le linn na bliana ag baint úsáide as an gcur chuige ildisciplíneach seo.

Ina theannta sin, bhí iarratais Chúirte faoi reachtaíocht chobhsaithe Acht na bhForas Creidmheasa (Cobhsú) 2010, a bhain le fobhannaí i 2011 úrnua maidir leis an dlí, agus choigil méid suntasach don státchiste (€4.5 billiún) ar fud an chórais bhaincéireachta. Rinneadh an obair dhlí san fhofhiach sóisearach a aisghabháil le hÍoc ag bainc na hÉireann trí reachtaíocht chobhsaithe comhlíonta go maith agus cosaint rathúil den dlíthíocht a chuireann dúshlán faoi orduithe na cúirte a rinneadh faoin reachtaíocht.

Baineadh úsáid as méideanna ollmhóra acmhainní abhcóidí comhairleacha agus parlaiminte ar na spriocanna a leagadh amach don fhoilsiú de reachtaíocht sa Chlár chun Meabhrán Tuisceana an IMF/AE ar Choinníollacht Bheartais Shonrach Eacnamaíoch (MoU) a chur i bhfeidhm le linn 2011, ach comhlíonadh na spriocanna seo go rathúil le linn na bliana.

## **Laghdú i gcostais**

I 2011, rinne Oifig Shráid Mhuirfean coigiltis bhreise chun caiteachas a laghdú laistigh den Vóta. I rith na gceithre bliana seo a chuaigh thart, laghdaíodh caiteachas bliantúil na hOifige go suntasach. Ag deireadh 2011 bhí glanchaiteachas 26.5% níos ísle ná mar a bhí i 2008. Ba é seo a leanas an glanchaiteachas thar an tréimhse sin:

2008 €18.1 milliún

2009 €15.6 milliún (laghdú 13.8 % ar an mbliain roimhe)

2010 €13.5 milliún (laghdú 13.4 % ar an mbliain roimhe)

2011 €13.3 milliún (laghdú 1.5% ar an mbliain roimhe)

Rinne Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit coigiltis bhreise freisin chun caiteachas a laghdú laistigh den Vóta. I rith na gceithre bliana seo a chuaigh thart, laghdaíodh caiteachas bliantúil na hOifige go suntasach. Ag deireadh 2011 bhí glanchaiteachas 24.9% níos ísle ná mar a bhí i 2008. Ba é seo a leanas an glanchaiteachas thar an tréimhse sin:

2008 €40.6 milliún

2009 €33.5 milliún (laghdú 17.4 % ar an mbliain roimhe)

2010 €31.6 milliún (laghdú 5.6 % ar an mbliain roimhe)

2011 €30.6 milliún (laghdú 3.5% ar an mbliain roimhe)

Maidir le táillí abhcóidí, de bhun nósanna imeachta agus próiseas iniúchta idir AGO agus an CSSO, tháinig laghdú ar chaiteachas as an Vóta CSSO de 40% ag deireadh 2011, i gcomparáid le híocaíochtaí 2008.

## **Solúbthacht Eagraíochtúil in Oifig Shráid Mhuirfean**

Le linn 2010, lean an Oifig ag forfheidhmiú moltaí chun solúbthacht eagraíochtúil a mhéadú de réir na ngealltanais a leagadh síos faoi Chomhaontú na Seirbhíse Poiblí

2010-2014 (Comhaontú Pháirc an Chrócaigh). Bhí solúbthacht mhór foirne in Oifig Shráid Mhuirfean, laistigh de na Grúpaí Aturnaetha Comhairleacha, na Grúpaí Dréachtóirí Pairliminte agus na hAonaid Gnó Riaracháin, d'fhonn freagairt do na héilimh phráinneacha oibre agus don easpa foirne.

Ar na sainsamplaí solúbthachta a léirigh an Oifig le linn 2010 bhí an méid seo a leanas:

- Bhí an fhoireann dlí agus riarachán bainteach le tionscadail TF éagsúla.
- Sholáthraigh an fhoireann ionadaíocht ar, agus rannpháirt in obair rialachas tionscadail agus coistí úsáideoirí gnó.
- Ar feadh na bliana d'oibrigh bunús fhoireann na hOifige uaireanta breise chun freastal ar na héilimh ar chomhairle phráinneach choimpléascach agus ar obair dréachtaithe.
- Bhí atheagrú leanúnach ar róil agus ar dhualgais na foirne riaracháin le linn na bliana mar fhreagra ar an laghdú i líon na mball foirne riaracháin.

### **Solúbthacht Eagraíochtúil in Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit**

Is tosaíocht í an tsolúbthacht eagraíochtúil san Oifig, lena mbaineann atheagrú foirne, freagrachtaí agus Rannóg, de réir gá, mar fhreagairt ar éilimh athraitheacha na gcliant.

Ar roinnt de na samplaí solúbthachta ní ba shainiúla a léirigh an Oifig i rith 2010, áiríodh iad seo a leanas:

- Maidir le foinsiú allamuigh leanúnach gach dualgais 'chléireachais' lasmuigh le gnólacht phríobháideach, d'oibrigh sé chun sásaimh na hOifige;
- Leanadh le feidhmiú an phainéil ar ghlaodhualgas le haghaidh iarratais phráinneacha cúirte lasmuigh d'uaireanta oifige;
- Bunaíodh painéal chun plé le hionchoisní lasmuigh de Bhaile Átha Cliath;
- Lean an Oifig ar aghaidh le beartas gluaiseachta foirne inmheánaí a fheidhmiú.
- Dhéileáil an fhoireann dlí le líon méadaithe cásanna ag ionaid chúige, toisc gur aistríodh seirbhís an Aturnae Stáit áitiúil chuig Stiúrthóir na nIonchúiseamh Poiblí;



- Soláthraíodh ionadaíocht d'Údaráis an Gharda Síochána roimh Bhinse Fiosrúcháin Smithwick;
- Baineadh úsáid as an bhfoireann le déileáil le gníomh aicme;
- Lean an Oifig ar aghaidh le beartas de foireann ar iasacht chuig Ranna ar leith;
- D'oibrigh an Oifig le dlíodóirí seachtracha i ndlíthíocht a bhain le forais airgeadais faoi Acht na bhForas Creidmheasa (Cobhsú) 2010.

## **Athbhreithniú agus Athchóiriú AGO**

Aithníonn an Oifig an riachtanas leis an eagraíocht agus an dóigh a bhfeidhmíonn sí a mhonatóiriú agus a athbhreithniú i gcónaí i gcomhthéacs inmheánach agus seachtrach ionas go mbainfear amach an misean atá ag an Oifig "*chun an caighdeán is airde de sheirbhísí dlí gairmiúla a sholáthar don Rialtas, do Ranna agus d'Oifigí chomh heacnamaíoch agus chomh héifeachtúil agus is féidir*". Chun na críche sin, i nDeireadh Fómhair 2011, chuir an Oifig pointe gníomhaíochta tábhachtach i bPlean Gníomhaíochta na hOifige le Comhaontú na Seirbhíse Poiblí 2010 -2014 (Comhaontú Pháirc an Chrócaigh) a chur i bhfeidhm. Déanfaidh an Oifig athbhreithniú ar a heagrú agus a hoibriú go luath i 2012.

Táthar ag súil go mbeidh cur san áireamh torthaí ó shuirbhéanna sástachta custaiméirí atá ag teacht anuas mar chuid den athbhreithniú, chomh maith leis an togra leis an Oifig a thagarmharcáil i gcoinne eagraíochtaí comhchosúla i ndlínsí eile agus an Clár Athbhreithnithe Eagraíochtúil atá beartaithe a dhéanfaidh an Roinn Caiteachais Phoiblí & Athchóirithe.

I ndáil leis an togra tagarmharcála, níl aon chomparadóirí díreacha ag an Oifig laistigh den Stát. Trí chomparáid a dhéanamh idir a haschur agus líon na foirne le heagraíochtaí Rialtais den chineál céanna i ndlínsí eile, beidh cumas níos fearr ag an Oifig meastóireacht a dhéanamh ar a héifeachtacht féin. Go déanach i 2011 sannadh ball den MAC an tionscadal a mhaoirsiú, ullmhaíodh tograí agus cuireadh faoi bhráid MAC iad. Bíonn deacracht ag an Oifig aon eagraíocht a aithint lasmuigh den Stát a dhéanann réimse comhchosúil dualgas. Dá bhrí sin, tá sí ag iarraidh comhoibriú an

Aonaid speisialta sa Roinn Caiteachais Phoiblí & Athchóirithe anois i dtaca le comparadóirí oiriúnacha a fhoinsú.

Maidir leis an gClár Athbhreithnithe Eagraíochtúil beartaithe a dhéanfaidh an Roinn Caiteachais Phoiblí & Athchóirithe cuireadh siar an t-athbhreithniú seo, agus tá an Oifig ag fanacht le hamlíne ón Roinn le tús a chur leis an athbhreithniú.

Déanfaidh MAC na hOifige measúnú ar conas atá sé ag comhlíonadh riachtanas a cliant agus measúnú ar céard iad na hathruithe atá riachtanach mar thoradh ar thionscnaimh eile Phoiblí Athchóirithe na Seirbhíse. Táthar ag súil go mbeidh cruthú de Phlean Gníomhaíochta le cur i bhfeidhm le linn na 12 mhí go dtí na 18 mí ina dhiaidh sin mar thoradh ar an measúnú. Sanntar freagracht as an tionscadal seo ar an Leas-Ardstiúrthóir.

## **Seirbhísí roinnte agus dlúthchomhar le Ranna**

Aithníonn an Oifig na tairbhí a thagann as cur chuige na seirbhíse roinnte a ghlacadh i leith imeachtaí áirithe a bheartaítear san Oifig.

Áirítear le samplaí sonracha i rith 2011:

- Na hAbhcóidí Comhairleacha agus aturnaetha ar iasacht ag Ranna Rannpháirtíochta
- Ceangal dlúth a choinneáil leis an nGníomhaireacht Éileamh Stáit i ndáil le bainisteoireacht dlíthíocht na mí-úsáide leanaí
- Comhar dlúth i gcomhthéacs saincheisteanna baincéireachta ar na mallaibh le dlíodóirí príobháideacha arna bhfostú sa Roinn Airgeadais agus arb iad dlíodóirí inmheánacha NAMA iad agus dlíodóir de chuid Oifig an Ard-Aighne ar iasacht againn ar na mallaibh ag rannán baincéireachta de chuid an Roinn Airgeadais;
- Comhar agus cruinnithe rialta athbhreithnithe idir an fhoireann dlíthiúil san Oifig agus oifigigh Rannacha agus straitéisí dlíthiúla cuí á gceapadh chun

bainisteoireacht éifeachtach leanúnach na dlíthíochta intíre agus an Chúirt Bhreithiúnais Eorpach (ECJ) a chinntiú;

- Cruinnithe míosúla de na MACanna áitiúla ar leith in Oifig Shráid Mhuirfean agus in Oifig an PhríomhAturnae Stáit, cruinnithe ráithiúla de chomhOifig an Ard-Aighne / Oifig an PhríomhAturnae Stáit MAC chun forbairtí eagraíochtúla a phlé;
- Cruinníonn ionadaí dlíthiúil MAC d'Oifig an Ard-Aighne agus Oifig an PhríomhAturnae Stáit trí huaire in aghaidh na bliana ar a bhfreastalaíonn an tArd-Aighne chun saincheisteanna dlíthiúla sonracha a phlé;
- Comhar agus cruinnithe rialta athbhreithnithe idir an fhoireann dlíthiúil san Oifig agus oifigigh sna Ranna cliant d'fhonn a chinntiú go ndéantar bainistiú éifeachtach ar bhonn leanúnach ar achainíocha comhairle, dréachtú na mBillí agus bainistiú na holldlíthíochta;
- Comhar agus cruinnithe rialta athbhreithnithe idir an fhoireann dlíthiúil san Oifig agus na hoifigigh ábhartha Rannacha d'fhonn a chinntiú go ndéantar bainistiú éifeachtach ar an olldlíthíocht ar bhonn leanúnach;
- Comhar idir Oifig na nDréachtóirí Parlaiminte agus an Coiste Reachtaíochta Rialtais.

Oibríonn an Oifig freisin cur chuige roinnte seirbhíse go himmheánach trí Chóras Bainisteoireachta Cásanna agus Taifead aonair agus FMS a fhorbairt d'Oifig an Ard-Aighne agus d'Oifig an PhríomhAturnae Stáit, arna thacú ag seirbhís TF roinnte idir Oifig an Ard-Aighne agus Oifig an PhríomhAturnae Stáit. Tá ag an Oifig freisin Aonad Iniúchta inmheánaigh aonair agus Aonad athraithe bainisteoireachta. Tá samplaí eile aibhsithe thíos i gcomhthéacs soláthar na seirbhísí dlíthiúla.

## **Daoine agus Ceannasaíocht**

Aithníonn an Oifig tábhacht chur i gcrích na solúbthachta maidir le soghluaisteacht agus athimscaradh na foirne taobh istigh agus taobh amuigh den Oifig. I rith na bliana 2011, i gcomhthéacs inmheánach, athimscaradh go rialta Abhcóidí Comhairleacha agus Dréachtóirí Parlaiminte in Oifig Shráid Mhuirfean taobh istigh de shainGhrúpaí

agus an fhoireann dlíthiúil sa CSSO taobh istigh de shainRannóga. De bhreis ar sin, i gcomhthéacs seachtrach, cur chuige straitéiseach i leith sholáthar an tsaineolais dlíthiúil do na Ranna sin is ea Abhcóidí Comhairleacha a bheith ar iasacht ag na Ranna rannpháirteacha, arna thacú ag acmhainní agus saineolas na hOifige. Earcaítear gach Abhcóide Comhairleach a earcaíodh ón mbliain 2005 ar an mbonn go mb'fhéidir go mbeidh siad ar iasacht ag Ranna.

## **Ag Neartú an Rialachais agus Cur i gCrích na Straitéise**

I rith na bliana 2011, chuir an Oifig ar fáil sainseirbhís dlíthiúil do gach Roinn agus Oifig agus don Rialtas. Cheadaigh ról leathan na Státseirbhíse di a bheith i mbun go dlúth agus iomlánú leis an Rialtas uile. I rith na bliana phléigh an Oifig le go leor saincheisteanna trasghearrtha agus léirigh sí tuiscint mhaith ar na riachtanais agus na tosaíochtaí rannacha.

## **Luas Cumarsáide**

Aithníonn an Oifig an riachtanas le hoiriúnú ar bhonn leanúnach go dtí modhanna cumarsáide atá ag athrú d'fhonn feabhas a chur ar bhainistiú faisnéise chun seachadadh tráthúil agus éifeachtach de chomhairle den chaighdeán is airde dlí a chinntiú.

Le linn 2011 chuir an Oifig feabhas ar mhodhanna cumarsáide agus ar bhainistiú de mhéideanna ollmhóra faisnéise, rud a d'éascaigh inrochtaineacht agus sofhreagracht mhéadaithe do pháirtithe leasmhara chun déileáil leis na dúshlán ar leith ar thionscadail níos mó, amhail an líon mór páirtithe leasmhara, méid dian na n-idirbheart agus práinn leis an obair.

D'éascaigh an Oifig freisin úsáid de mhodhanna cumarsáide ar luas ard, ilúsáideoirí chun plé a dhéanamh ar smaointe agus ar shaincheist na gcomhairlí foirmiúla. D'aithin an Oifig go mbeidh dúshlán mór sa todhchaí ag baint le córais atá ann cheana féin a ailíniú do bhainistiú na faisnéise mar atá ACME.

## **Iarratais ar Shaoráil Faisnéise**

Leagtar amach staitisticí maidir le hiarratais chuig Oifig Shráid Mhuirfean agus Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit faoi na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise in **Iarscríbhinn F**. I rith 2010, lean na hAbhcóidí Comhairleacha ar aghaidh ag cur comhairle ar an Lárionad Beartais sa Roinn Airgeadais maidir le saincheisteanna dlí a bhain le cur i bhfeidhm agus forghníomhú na nAchtanna.

### **Forbairtí Eagraíochtúla Eile**

Tá an dul chun cinn a gnóthaíodh sa bhliain 2011 i ndáil le forbairtí suntasacha eile mar Iniúchadh Inmheánach, an próiseas Páirtíochta agus Acht na dTeangacha Oifigiúla sonraithe i gCaibidil 9 den Tuarascáil seo.

### **Eagraíochtaí Idirnáisiúnta agus AE agus saincheisteanna Idir-Roinne**

Ghlac baill foirne dlí agus Riaracháin sna hOifigí páirt sna grúpaí oibre chomh maith agus bhí baint acu le raon saincheisteanna idir-roinne a liostaítear in **Iarscríbhinn E**

## **Caibidil 4: Dul Chun Cinn ar Sprioc Ardleibhéil 1 a Bhaint Amach**

### **Sprioc Ardleibhéil 1**

Chun an tArd-Aighne a thacu i bhfeidhmiú a ról bunreacht mar chomhairleoir dlí ag an Rialtas.

### **Aschur**

Comhairle agus faisnéis a sholáthar don Ard-Aighne le haghaidh cruinnithe Rialtais.

### **Toradh**

Comhairle a sholáthar don Chomh-Aireacht ar na saincheisteanna dlí a éiríonn as, agus na modhanna ó thaobh dlí de, bheartais agus tosaíochtaí an Rialtais a chur i bhfeidhm i gcomhréir leis an mBunreacht, le dlí an Aontais Eorpaigh agus le dualgais a eascraíonn faoi chonarthaí idirnáisiúnta.

### **Táscairí Feidhmíochta**

- Iarratais a sholáthar le haghaidh comhairle ón Ard-Aighne.
- Tuairimí agus comhairle soláthraithe mar fhreagra ar Mheabhrán Rialtais agus doiciméid le cur faoi bhráid na Comh-Aireachta.
- Nótaí faisnéise agus ábhar ullmhaithe don Ard-Aighne le húsáid ag cruinnithe na Comh-Aireachta.

### **Straitéis**

- Úsáid éifeachtach agus oiliúint leanúnach ar chóras r-sheirbhísí Comh-Aireachta.
- Freagra tráthúil ar iarratais ar r-sheirbhísí Comh-Aireachta.
- Freagairt ar mheabhrán Rialtais de réir mar is iarrtha ag Lámhleabhar na Comh-Aireachta.
- Dlúthchaidrimh agus dlúthchumarsáidí a choinneáil le feidhmeannaigh ábhartha i Ranna Rialtais.
- Nósanna imeachta Oifige Príobháideacha le cinntiú go mbíonn ábhar faisnéise ar fáil.

## **Dul chun cinn a baineadh amach**

Le linn 2011 sholáthair foireann dlí in Oifig Shráid Mhuirfean agus in Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit tacaíocht leanúnach don Ard-Aighne i gcomhlíonadh a ról bunreachtas mar chomhairleoir dlí don Rialtas. Reáchtáil an tArd-Aighne cruinnithe rialta leis an bhfoireann dlí, lena n-áirítear:

- Cruinnithe seachtainiúla le linn na bliana leis an Ard-Stiúrthóir agus leis an Ard-Dréachtóir Parlaiminte le cúrsaí comhairle agus dréachtaithe a phlé;
- Cruinnithe seachtainiúla le linn na bliana leis an bPríomh-Aturnae Stáit le cúrsaí a bhaineann le hOifig an Phríomh-Aturnae Stáit agus cásanna mórdhlíthíochta a bhaineann leis an Stát a phlé;
- Cruinnithe gach coicís le bainisteoirí Grúpa san OPC roimh chruinnithe an Choiste Reachtaíochta Rialtais le cúrsaí dréachtaithe a phlé;
- Cruinnithe rialta le hAbhcóide Comhairleach le cúrsaí comhairleach a phlé;
- Cruinnithe rialta le hAbhcóide Parlaiminte san OPC le saincheisteanna a bhaineann le reachtaíocht dréachtaithe a phlé.

Maidir le cúrsaí comhairleacha leanúnacha bhuail Abhcóide Comhairleach leis an Ard-Aighne de réir mar ba chúil le plé a dhéanamh ar iarratais ar leith le haghaidh comhairle. Sholáthair foireann dlí tuairimí agus comhairle i ndáil le Meabhráin don Rialtas agus rinne plé ar ábhair leis an Ard-Aighne roimh fhreagra a thabhairt ar iarratais le haghaidh tuairimí agus comhairle ar an gcóras r-sheirbhísí Comh-Aireachta. Roimh chruinnithe Rialtais phléigh an Ard-Aighne aon nithe dlí a tháinig chun solais leis an Ard-Stiúrthóir, leis an Leas-ArdStiúrthóir, leis an bPríomh-Abhcóide Parlaiminte agus leis an bPríomh-Aturnae Stáit de réir mar ba chúil.

I 2011 rinne an tArd-Aighne cathaoirleacht ar 3 chruinniú Choiste Comhairleach Bainistíochta Dlí na hOifige atá ionadaíoch do gach réimse dlí na hOifige – Comhairleach, OPC agus CSSO le plé a dhéanamh ar shaincheisteanna leanúnacha tábhachtacha agus íogaire dlí laistigh den Oifig.

## **Caibidil 5: Dul Chun Cinn a Baineadh Amach le Sprioc Ardleibhéil 2 a bhaint amach**

### **Sprioc Ardleibhéil 2**

Sainseirbhís chomhairleach dlí ardcháilíochta a sheachadadh dár gcliaint.

### **Aschur**

Tuairimí agus comhairle curtha ar fáil go tráthúil do Ranna Rialtais chun cabhrú leo freastal ar a riachtanais, go háirithe i ndáil leis na ngealltanais a chomhlíonadh a éilítear faoi Chlár an AE/IMF um Thacaíocht Airgeadais d'Éirinn agus faoi Chlár don Rialtas de réir mar a chuireann an Rialtas i bhfeidhm é.

### **Toradh**

Baint amach de na spriocanna a leagadh síos ag Clár an AE/IMF le linn a chúrsa agus fáil ar na tosaíochtaí agus na cuspóirí atá leagtha síos ag an Rialtas i gcomhréir le ceanglais dhlí an Bhunreacht, an Aontais Eorpaigh, agus dhualgais chonarthaí idirnáisiúnta.

### **Táscairí Feidhmíochta**

- Cáilíocht agus méid comhairlí do chliaint.
- Seachadadh de chomhairle de réir amlínte comhaontaithe.
- Aiseolas ó chliaint.

### **Straitéis**

- Comhlíonadh le Treoir Seirbhíse Cliant agus Cairt Chliant agus Chustaiméirí.
- Cur i bhfeidhm na feidhme dlí fios gnó.
- Leabharlann agus Aonad KH ardcháilíochta a choinneáil, ag cur cultúr de Bhainistíocht Eolais agus cur i bhfeidhm de Straitéis Bhainistíochta Eolais chun cinn.
- Cothabháil agus athbhreithniú de bheartais ar bhainistíocht riosca san Oifig.
- Gealltanais i dtaca le hoiliúint agus forbairt don fhoireann uile.
- Cur i bhfeidhm optamach leanúnach d'acmhainní daonna, PMDS san áireamh.
- Cothabháil agus forbairt den chóras bainistíochta comhad agus taifead cásanna comhtháite.



- Córais fheabhsaithe le faisnéis agus cumarsáidí a bhainistiú i dtimpeallacht chasta agus ildisciplíneach.

## **Dul Chun Cinn a Baineadh Amach**

Le linn 2011 bhí príomhfhócas ag an taobh Comhairleach d'Oifig Shráid Mhuirfean ar sheachadadh de shainseirbhís chomhairleach dlí ardchaighdeán dár gcliainnt. Bhain straitéis thábhachtach maidir leis seo le forbairt bhreise, feabhsú agus mionchoigeartú ar speisialtóireacht mar an eochair i dtaca le Spriocanna Ardleibhéil, Aschuir, Torthaí agus Straitéisí na hOifige a bhaint amach. Aithníonn an Oifig go bhfuil an straitéis thábhachtach de speisialtóireachta ríthábhachtach chun seirbhísí dlí éifeachtach a sholáthar i réimse fíorleathan oibre dlí ina bhfuil an taobh Comhairleach bainteach. Go luath i 2011, chríochnaigh an Oifig atheagrú na nGrúpaí Comhairleacha d'fhonn seachadadh na seirbhísí a bhfuil riachtanais athraitheacha cliant a ailíniú. Bhain an próiseas seo le hanailís agus athbhreithniú ar ualach oibre agus ar chomhdhéanamh na nGrúpaí Comhairleacha, rud a d'éascaigh sainaithint de réimsí nua dlí ag teacht chun cinn, chomh maith le réimsí dlí atá ag leathnú. Bhain an próiseas freisin le riachtanais na gcliainnt a réamh-mheas agus athbhreithniú a dhéanamh ar aiseolas ó chliainnt a fuarthas i ngach réimse dlí, chomh maith leis na gníomhaíochtaí/seirbhísí go léir ba chóir a bheith bainistithe ag údaráis inniúla eile a athbhreithniú agus a aithint.

Le linn na bliana lean na Grúpaí Comhairleacha ar aghaidh le hobair chun athbhreithniú a dhéanamh trí chóras foirmeálta timthriallta athbhreithnithe ocht seachtaine. Chuir na Grúpaí Comhairleacha obair in ord tosaíochta trí chruinnithe foirmiúla agus neamhfhoirmiúla rialta le Ranna cliainnt le linn na bliana. Chomh maith le dul i ngleic le nithe a bhaineann leis an obair, sholáthair na cruinnithe seo deis chun aiseolas ó chliainnt ar shaincheisteanna seachadta seirbhíse a mheas agus chun béim a leagan ar shaincheisteanna nua agus ag teacht chun cinn. Mar shampla, phléigh na cruinnithe dhá uair sa mhí eiseachadta/Bharántas Gabhála Eorpach le Ranna cliainnt, an Garda Síochána agus an CSSO a bhí ar siúl i rith na bliana, le saincheisteanna maidir le cásanna aonair, catagóirí cásanna, bainistíocht na réimse, cumarsáid idir páirtithe leasmhara, cur chuige agus straitéisí le cur in iúl do phainéal abhcóidí agus idirchaidreamh le Stáit iarrthacha agus le Seirbhís na gCúirteanna. Cuirfidh suirbhé

leantach beartaithe ar shástacht cliant atá le déanamh ag comhairleoir seachtrach i 2012 ar chumas na hOifige feidhmiú a mheas i gcoinne thorthaí na suirbhéanna roimhe sin d'fhonn feabhas a chur ar sheachadadh seirbhíse do chliant. Cuirfidh an suirbhé forbairt de Threoir Seirbhíse Cliant nua agus Cairt Chliant agus Chustaiméirí ar an eolas.

Ina theannta sin, bhí cruinnithe ag Grúpaí Comhairleacha ar bhonn rialta le linn na bliana chun ualach oibre agus saincheistanna ar chásanna ar leith a phlé. Samplaí de na cruinnithe sin ná cruinnithe míosúla Saincheistanna Dlí, grúpa dlíodóirí tearmainn, cruinnithe seachtainiúla an Ard-Stiúrthóra, an Leas-Ardstiúrthóra agus Abhcóide Comhairleach Grád 1, agus cruinnithe seachtainiúla an Ghrúpa Abhcóide Chomhairligh. Chuir na cruinnithe seo deiseanna luachmhara ar fáil i dtaca le smaointe fios gnó dlí agus eispéiris ar fud na Grúpaí speisialaithe éagsúla a mhalartú.

Reáchtáladh cruinnithe gach dhá mhí freisin idir an Oifig agus Oifig an Stiúrthóra Ionchúisimh Phoiblí chun cásanna coitianta ag an dá Oifig a phlé.

Le linn na bliana lean Abhcóide Comhairleach ar aghaidh le páirt a ghlacadh in obair na gcoistí rialachais tionscadail éagsúla agus grúpaí oibre i gcomhthéacs na bainistíochta agus na forbartha leanúnaí ar an gCóras Bainistíochta Taifead agus Cásanna (ACME). Mar shampla, ghlac Abhcóide Comhairleach páirt san athbhreithniú cuimsitheach ar an gcóras ar chuir an Grúpa Úsáideoirí Gnó (BUG) ACME tús leis le linn na bliana. Is í príomhaidhm an athbhreithnithe aon réimsí ar an gcóras ina bhféadfaí feabhsuithe a dhéanamh a shainaithint. Chomh maith leis sin, lean gach Abhcóide Comhairleach ar aghaidh leis an gcóras a úsáid le linn na bliana.

Le linn 2011 lean Abhcóide Comhairleach ar aghaidh le tacú don Choimisiún um Athchóiriú an Dlí, go háirithe i gcomhthéacs de sheachadadh a chlár oibre atá san áireamh i dTríú Clár an Choimisiúin um Athchóiriú an Dlí.

### **Bainistíocht Eolais**

Le linn 2011 lean Abhcóide Comhairleach ar aghaidh le cultúr comhroinnte eolais a chur chun cinn, rud a thacaíonn le comhairle dlí a sheachadadh don Rialtas, Ranna agus Oifigí trí fhreastal agus rannpháirtíocht i gcruinnithe Saincheistanna Dlí agus trí

chur le Feasacháin Dlí a ullmhú. Ghlac Abhcóide Comhairleach páirt i nGrúpa Straitéise Bainistíochta Eolais i gcomhthéacs de chur i bhfeidhm mholtaí na Straitéise nua Bainistíochta Eolais 2010-2013. Chomh maith leis sin, in Aibreán 2011 shínigh an Oifig conradh leis an tairgeoir roghnaithe le haghaidh forbartha agus forfheidhmithe d'iarratas nua fios gnó dlíthiúil. Ghlac Abhcóide Comhairleach páirt in obair an Ghrúpa Fhorfheidhmithe Fios Gnó le linn na bliana.

### **Bainistiú Riosca**

Le linn 2010, chuidigh na hAbhcóidí Comhairleacha le breisneadú na bpolasaithe maidir le bainistiú foirmeálta rioscaí laistigh den Oifig. Chuimsigh na polasaithe seo:

- Tuairisciú rialta na nAturnaetha Comhairleacha i rith na bliana don Ard-Aighne agus don CCB Dlí, ar chruinnithe idir an Ard-Stiúrthóir, an Leas-ArdStiúrthóir agus Abhcóide Comhairleach I, agus do chruinnithe an Ghrúpa Abhcóidí Comhairleacha, ar réimsí agus ar ábhair suntasacha rioscaí;
- Páirtíocht na nAbhcóidí Comhairleacha i bpróiseas shainaithe na gcásanna íogaire agus bunreachtúla atá le cuimsiú i dtuairiscí a chuirtear faoi bhráid an Rialtais maidir le cásanna dá shórt i Márta, Iúil agus Samhain 2010;
- Tuairiscí rialta ón Leas-Ardstiúrthóir do chruinnithe na CCB áitiúla agus Príomhúla, agus don Choiste Iniúchóireachta, i gcomhthéacs neadú straitéis bainistíochta riosca ar fud na hOifige ag an gCoiste, a chuimsíonn polasaí riosca, clárleabhar rioscaí corparáide agus clárleabhair rioscaí na nGrúpaí agus na nAonad Gnó ar leith;
- Athbhreithnithe Chinn na nGrúpaí Comhairleacha ar chlárleabhar rioscaí na nAbhcóidí Comhairleacha, agus críochnú ráitis ráthaíochta ina leith seo, de réir pholasaí na bainistíochta riosca.

### **Bainistiú Airgeadais**

Le linn 2011 ghlac Abhcóidí Comhairleacha ainmnithe páirt sa tionscadal chun comhéadain a fhorbairt idir an Córas Bainistíochta Cásanna agus Taifead (ACME) agus an Córas Bainistíochta Airgeadais FMS. Beidh an fhorbairt seo, nuair a bheidh sé go hiomlán i bhfeidhm ina chuidiú le gealltanais a shainaithe, idir airgeadais agus neamh-airgeadais, agus le riachtanais tuairscithe faisnéise bainistíochta costála. Tá

tuilleadh sonraí maidir leis an ábhar seo leagtha amach i gCaibidil 9 den Tuarascáil seo.

### **Córas Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta (CBFF)**

In 2010, ghlac na hAbhcóidí Comhairleacha páirt i bpróiseas um dhaingniú shamhail nua CBFF, lena n-áirítear Aiseolas Aníos laistigh den Oifig. Ag tús na bliana, comhaontaíodh Foirmeacha Próifíle Róil aonair le bainisteoirí, tugadh faoi Athbhreithnithe Eatramhacha i lár na bliana agus tugadh líon suntasach athbhreithnithe bliantúla chun críche faoi dheireadh na bliana. Soláthraíodh oiliúint CBFF do na hAbhcóidí Comhairleacha nua laistigh de mhí nó dhá mhí díobh tosú san Oifig.

### **Oiliúint agus Forbairt**

Le linn 2011 ghlac Abhcóidí Comhairleacha ainmnithe páirt in obair an Choiste Oiliúna agus Forbartha. Ba é príomhfhócas an Ghrúpa go luath i 2011 Straitéis Forbartha agus Oiliúna comhordaithe a fhorbairt agus a thabhairt chun críche don Oifig. Bhí roinnt pointí gníomhaíochta ar leith sa straitéis a bhaineann leis an taobh Comhairleach, lena n-áirítear:

- Ullmhúchán de lámhleabhar nósanna imeachta/oiliúna chun idirghníomh cuí idir ACanna agus PCanna sa phróiseas reachtaíochta a léiriú;
- Eagrú d'imeachtaí oiliúna dlí san Oifig;
- Forbairt de Chlár nua Oiliúna Abhcóide Comhairleach d'Abhcóidí nua Comhairleacha agus d'Abhcóidí Comhairleacha ag filleadh ó thréimhse ar iasacht, agus
- Nuashonrú an Doiciméid Prótacail um Abhcóide Comhairleach.



## **Caibidil 6: Dul Cunn Cinn a Baineadh Amach le Sprioc Ardleibhéil 3 a bhaint amach**

### **Sprioc Ardleibhéil 3**

Sainseirbhís éifeachtúlach ghairmiúil ardchaighdeáin dréachtaithe reachtaíochta a sholáthar don Rialtas.

### **Aschur**

Billí Rialtais de réir Chlár Reachtaíochta an Rialtais, faoi réir tosaíochta do

- Reachtaíocht riachtanach faoi Chlár AE/IMF agus
- Ábhair thosaíochta agus phráinneacha de réir mar atá stiúrtha ag an gComh-Aireach.

Leasuithe Céime an Choiste agus Céime Tuairiscithe do Bhillí soláthraithe go tráthúil. Ionstraimí Reachtúla, lena n-áirítear reachtaíochtaí a thugann feidhm d'achtanna na gComhphobal Eorpach. Orduithe Rialtais faofa ag an gComh-Aireach.

### **Toradh**

- Seachadadh de dhréachtreachtaíocht de réir mar atá leagtha síos i gClár an AE/IMF agus de réir mar is riachtanach ag an Rialtas de réir treoracha tugtha ag Ranna Rialtais.
- Dréachtreachtaíocht a chomhlíonann riachtanais na hÉireann agus an AE.
- Dréachtreachtaíocht a chomhlíonann cuspóirí beartais atá leagtha síos ag an Rialtas i dtaca le fostaíocht agus an timpeallacht ghnó a spreagadh agus Clár Oibre Rialála Níos Fearr an Rialtais a chur chun tosaigh.

### **Táscaire Feidhmíochta**

- Líon agus méid Billí.
- Líon na Leasuithe Céime an Choiste.
- Líon na nIonstraimí Reachtúla.
- Aiseolas ó chliaint.

## **Straitéis**

- Páirt a ghlacadh i gCoiste Reachtaíochta an Rialtais chun cur i bhfeidhm Chlár Reachtaíochta an Rialtais a mhonatóiriú agus a mhaoirsiú.
- Dlúthchaidrimh oibre a choinneáil le Ranna Rialtais agus oifigigh oiliúna.
- Córas Dearbhaithe Cáilíochta do dhréachtreachtaíocht a oibriú.
- Forbairt agus oiliúint leantach i scileanna dréachtaithe.
- Forbairt d'fhios gnó.
- Binse Oibre Reachtaíochta a chur i bhfeidhm agus a úsáid i gcomhar le hOifig Bhillí Thithe an Oireachtais.

## **Dul chun cinn a baineadh amach**

### **Coiste Reachtaíochta Rialtais**

Lean an OPC lena pháirt lárnach in obair Choiste Reachtaíochta an Rialtais le linn 2011. Déanann an Coiste maoirseacht ar gach Bille Rialtais molta ón am a chuirtear san áireamh é i gClár Reachtaíochta an Rialtais go dtí cur i gcrích a dhul chun cinn trí Thithe an Oireachtais, agus déanann sé plé ar fhadhbanna ar bith a thagann chun solais i ndáil le chur chun feidhme réidh agus tapa an Chláir.

Thuairiscigh Oifig na nDréachtóirí Parlaiminte gach seachtain don Choiste um Reachtaíocht an Rialtais i rith na bliana, agus mionsonraí á cur ar fáil aici faoi dhul chun cinn dhréachtú na mBillí agus ionstraimí reachtúla an Aontais Eorpaigh. Sholáthair rannpháirtíocht leanúnach an OCP in obair an Choiste sásra ríthábhachtach maidir le hidirghabháil a dhéanamh idir éilimh iomaíocha Rann ar sheirbhísí an OCP. Le linn na bliana, chomhoibrigh Dréachtóirí Parlaiminte go dlúth lena gcomhghleacaithe i measc na Abhcóidí Comhairleacha, i gcomhthéacs dhréachtú na reachtaíochta. Chuimsigh seo cruinnithe rialta athbhreithnithe chun saincheisteanna dlí a phlé, de réir mar a d'éirigh siad le linn phróiseas an dréachtaithe.

Bhí cruinnithe rialta ag Grúpaí ODP i rith na bliana leis an bPríomh-Dhréachtóir Parlaiminte chun ceist na n-ualaí oibre a phlé. Ina theanntas, d'fhreastail na Dréachtóirí Parlaiminte uile ar chruinnithe rialta leis an Ard-Aighne i rith na bliana

chun cúrsaí dréachtaithe reachtaíochta a phlé. Chuir na cruinnithe deiseanna luachmhara ar fáil chun fios gnó dlíthiúil agus tuairimí agus taithí ar dhréachtú a mhalartú le sain-Ghrúpaí éagsúla. D'aibhsigh na cruinnithe, freisin, saincheistanna a chuir ar chumas ODP freagra níos éifeachtúla a thabhairt ar riachtanais cliant i gcomhthéacs tosaíocht leanúnach a thabhairt do Bhillí a luaitear sa Chlár.

### **Bainistíocht Eolais**

Le linn 2011 lean Oifig Abhcóide Parlaiminte le cultúr comhroinnte eolais a chur chun cinn, rud a thacaíonn le seachadadh de reachtaíocht don Rialtas. Bhí Abhcóide Parlaiminte i gcomhoibriú le linn na bliana, de réir mar ba chúí, leis an Abhcóide Comhairleach le linn an phróisis de dhréachtú reachtaíochta. D'fhreastail Abhcóide Parlaiminte ar agus ghlac páirt freisin i gcruinnithe Saincheistanna Dlí agus ghlac páirt sa Ghrúpa Faisnéise Straitéise Bainistíochta Eolais sa chomhthéacs de chur i bhfeidhm mholtaí na Straitéise nua Bainistíochta Eolais 2010-2013. Chomh maith leis sin, in Aibreán 2011 shínigh an Oifig conradh leis an tairgeoir roghnaithe maidir le forbairt agus forfheidhmiú d'iarratas nua dlíthiúil fios gnó. Glac Abhcóide Parlaiminte ainmnithe páirt in obair an Ghrúpa Fhorfheidhmithe fios gnó le linn na bliana.

### **Bainistíochta Riosca**

Chuir Abhcóidí Parlaiminte le leabú agus cur i bhfeidhm níos mó na mbeartas foirmiúil bainistíochta riosca i rith 2011. Cuimsíonn na beartais seo:

- Plé ar chúrsaí riosca-ghaolmhara a bhaineann le próiseas dréachtaithe reachtaíochta agus ODP, ag cruinnithe idir an Príomh-Dhréachtóir Parlaiminte agus Bainisteoirí Grúpa, cruinnithe le Grúpaí ar leith agus cruinnithe den CCB Dlí.
- Freastal an Phríomh-Dhréachtóra Parlaiminte agus bainisteoirí Grúpa ODP ar chruinnithe de na CCB áitiúla agus Príomhúla, chun straitéis bainistithe riosca ar fud na hOifige a phlé, lena n-áirítear beartas riosca, clár rioscaí corparáide agus clár rioscaí na nGrúpaí éagsúla agus an Aonaid Gnó.

Athbhreithnithe Chinn na nGrúpaí Dréachtóirí ar chlár rioscaí na nDréachtóirí Parlaiminte agus críochnú ráitis ráthaíochta ina leith seo de réir an pholasaí bainistithe riosca.

### **Bainistíocht Airgeadais**



Le linn 2011 ghlac Abhcóidí Comhairleacha ainmnithe páirt sa tionscadal chun comhéadain a fhorbairt idir an Córas Bainistíochta Cásanna agus Taifead (ACME) agus an Córas Bainistíochta Airgeadais FMS. Beidh an fhorbairt seo, nuair a bheidh sé go hiomlán i bhfeidhm ina chuidiú le gealltanais a shainnithint, idir airgeadais agus neamh-airgeadais, agus le riachtanais tuairiscithe faisnéise bainistíochta costála. Tá tuilleadh sonraí maidir leis an ábhar seo leagtha amach i gCaibidil 9 den Tuarascáil seo.

### **An Córas Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta (CBFF)**

In 2011 ghlac na hAbhcóidí Parlaiminte páirt i bpróiseas um shamhail nua CBFF a dhaingniú, lena n-áiríodh Aiseolas Aníos laistigh den Oifig. Ag tús na bliana, comhaontaíodh Foirmeacha um Próifíl Róil le bainisteoirí, tugadh faoi Athbhreithnithe Eatramhacha i lár na bliana agus tugadh líon suntasach athbhreithnithe bliantúla chun críche faoi dheireadh na bliana. Cuireadh oiliúint CBFF ar fáil d'Abhcóidí Parlaiminte nua laistigh de mhí amháin nó dhá mhí díobh tosú san Oifig.

### **Oiliúint agus Forbairt**

Le linn na bliana lean an Oifig ar aghaidh le cur i bhfeidhm an Phlean Oiliúna Abhcóide Parlaiminte maidir leis na dréachtóirí a earcaíodh is déanaí. Mar a tharla sna blianta roimhe seo, ghlac an OPC i gcúrsaí oiliúna curtha ar fáil ag CMOD ar an bpróiseas reachtaíochta. Éascaíonn na cúrsaí seo Ranna a bheith eolach ar an bpróiseas reachtaíochta agus ar an leibhéal treoracha atá ag teastáil a aithint do Ranna cliaint chun seirbhís dréachtaithe éifeachtúil a éascú. Cé nár rinneadh é i gcomhar le CMOD, bhí imeacht oiliúna ar an láthair ag baill shinsearacha an OPC d'fhoireann iomchuí sa Roinn Sláinte i 2011. Glacadh go han-mhaith leis an imeacht agus tá an OPC ag smaoineamh ar imeachtaí dá leithéid sin a reáchtáil do Ranna cliaint eile sa todhchaí.

Ina theannta sin, ghlac Abhcóide Comhairleach ainmnithe páirt in obair an Choiste Oiliúna agus Forbartha le linn na bliana. Ba é príomhfhócas an Ghrúpa go luath i 2011 Straitéis Forbartha agus Oiliúna comhordaithe a fhorbairt agus a thabhairt chun

críche don Oifig. Bhí roinnt pointí gníomhaíochta ar leith sa straitéis a bhaineann leis an Abhcóide Comhairleach, lena n-áirítear:

- Ullmhúchán de lámhleabhar nósanna imeachta/oiliúna chun idirghníomh cuí idir ACanna agus PCanna sa phróiseas reachtaíochta a léiriú;
- Eagrú d'imeachtaí oiliúna dlí san Oifig; agus
- Sainaithe de ghnéithe an Chláir nua Oiliúna Abhcóide Comhairleach le hionchorprú i bPlean Oiliúna Abhcóide Parlaiminte.

### **r-Reachtaíocht**

I 2011, chríochnaigh an OPC próiseas d'áis cheapadóireachta a thástáil (*Binse Oibre Reachtaíochta (LWB)*) chun tacú leis an bpróiseas de théacs reachtaíochta a bhainistiú agus a cheapadh (Billí, leasuithe Rialtais agus Ionstraimí Reachtúla) d'fhonn ath-eochrú, profáil agus rianú ginearálta d'fhorchostais riaracháin in ullmhú na reachtaíochta a laghdú. Dá gcuirfí i bhfeidhm í, beidh an áis cheapadóireachta chomhtháite le forfheidhmiú LWB molta in Oifig Thithe an Oireachtais agus soláthróidh sé coigiltis sa deireadh thiar thall don dá Oifig.

Ar chríochnú na céime tástála agus ar fháil de chonradh comhaontaithe Chreat Thithe an Oireachtais le haghaidh seirbhísí Reachtaíochta i Meán Fómhair go déanach i 2011, d'aontaigh an OPC clár oibre leis an díoltóir chun an LWB a chur i bhfeidhm san OPC. Cuireadh tús leis an gcéad chéim den obair seo sa dara seachtain de Dheireadh Fómhair agus bhí sé comhdhéanta de chur chun feidhme teicniúil an LWB, chomh maith leis an gcéad tráinse d'oiliúint d'fhoireann OPC. Críochnaíodh an chéim seo faoi dheireadh 2011. Beidh an OPC ag obair le Tithe an Oireachtais ar dháta dul-beo don LWB i 2012.

## **Caibidil 7: Dul Chun Cinn a Baineadh Amach le Sprioc Ardleibhéil 4 a bhaint amach**

### **Sprioc Ardleibhéil 4**

Comhordú seirbhísí dlí an Stáit a thacu agus cuidiú leis.

### **Aschur**

- Faisnéis a sholáthar don Rialtas ar chásanna suntasacha atá ina rioscaí ar chúiseanna dlí nó airgeadais.
- Comhairle a chomhordú ar bhonn an Rialtais go léir. Painéil abhcóidí agus abhcóidí faisnéise a chothabháil ar son an Stáit chun comhairle agus seirbhísí dlíthíochta a sholáthar. Leabhar Reachtaíochta leictreonach na hÉireann (eISB) a chothabháil agus a nuashonrú.

### **Toradh**

Ranna a éascú lena bhfeidhmeanna a chur i gcrích ar bhealach dleathach agus comhsheasmhach ar bhonn an Rialtais go léir. Comhairle a chomhordú agus a chomhroinnt chun comhsheasmhacht agus comhréireacht le riachtanais dlí a chinntiú.

### **Táscairí Feidhmíochta**

- Tuarascálacha don Rialtas ar chásanna íogaire.
- Cruinnithe le Ranna agus Comhairleoirí Dlí a athbhreithniú.
- Dlúth-theagmhálacha le Comhairleoirí Dlí agus leo siúd ar iasacht i Ranna.
- Rannpháirtíocht i nGrúpaí Oibre Idir-Rannacha.
- Aiseolas.
- Foilsiú tráthúil de Reachtanna agus d' Ionstraimí Reachtúla ar Leabhar Reachtaíochta leictreonach na hÉireann (eISB).

### **Straitéis**

- An Clár Iasachta a leanúint agus a leathnú agus socrú de dhlíodóirí i Ranna i gceist.
- Cuidiú le Ranna le bunachair sonraí comhairle dlí a fhorbairt.
- Úsáid leanúnach agus forbairt de chóras bainistíochta comhad agus taifead cásanna comhtháite in AGO agus CSSO.

- Aistriú féideartha de réimsí dlíthíochta nó d'obair dhlí eile chuig gníomhaireachtaí amhail an Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stáit nó seachfhoinsiú.
- Seirbhísí comhroinnte agus foirne dlí comhroinnte ag gníomhaireachtaí éagsúla an Stáit i ndlíthíocht nuair is cuí.

## **Dul chun cinn a baineadh amach**

### **Iasacht Abhcóide Comhairleach chuig Ranna Rialtais**

Le linn 2011 lean an Oifig ar aghaidh le comhairle agus tacaíocht leanúnach a chur ar fáil do na hAbhcóidí Comhairleacha siúd ar iasacht chuig Ranna rannpháirteacha sa chomhthéacs de thionscnamh na hOifige Abhcóide Comhairleach a earcú, a oiliúint agus a chur ar iasacht chuig Ranna Rialtais rannpháirteacha. Cuireann an clár iasachta comhairle dhlí dhíreach agus treoir ar fáil do Ranna cliaint rannpháirteacha, agus faoi dheireadh 2011 bhí iomlán de 11 duine ar iasacht socruithe go rathúil i 8 Roinn.

Baineann an Oifig agus an Roinn tairbhe as an gclár sna bealaí seo a leanas:

- déileáiltear le gnáth-shaincheistanna ar bhonn inmheánach, ag scaoileadh foirne dlí laistigh den Oifig chun díriú ar ghníomhaíochtaí níos speisialaithe;
- d'fhorbair Abhcóidí Comhairleacha ar iasacht faisnéis agus tuiscint bunaithe ar thaithí phearsanta ar riachtanais rannacha le haghaidh seirbhísí dlí;
- bainfidh an Oifig tairbhe as saineolas a d'fhorbair daoine ar iasacht ar fhilleadh ar an Oifig dóibh;
- tugann an Tionscadal Iasachta naisc dhíreacha le Ranna cliaint, rud a chuireann ar chumas na hOifige a gcuid riachtanas a thuiscint níos fearr, mar aon leis na horduithe beartais atá i gceist. Tá fianaise den tairbhe seo ann maidir le hiarratais ar chomhairle dhlí, dlíthíocht agus reachtaíocht.

### **Dlíodóirí ar Iasacht chuig Ranna Rialtais**

Le linn 2011 chuir Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit 2 dhlíodóirí ar iasacht le bheith ag obair go heisiach leis an tSeirbhís Náisiúnta Soláthair ar obair chonartha thráchtála. Cuireadh dlíodóir breise ar iasacht chuig an Roinn Oideachais agus Scileanna chun cabhrú le hobair dhlí na Roinne.

### **Ag Cuidiú le Ranna Bunachair Sonraí Comhairle Dhlí a fhorbairt**

Tá an Oifig tiomanta do cuidiú le Ranna chun bunachair sonraí de chomhairlí roimhe seo tugtha ag an Oifig a chruthú. Is é seo moladh tábhachtach de chuid Straitéise Bainistíochta Eolais na hOifige. Tá an Oifig tiomanta chun cuidiú le comhairleoirí dlí ar iasacht ar mian leo comhairlí roimhe na hOifige seo a chur i gcomparáid lena Roinn agus lena Ranna le bunachair sonraí de chomhairlí AGO a thógáil trí chomhairle a sholáthar go leictreonach nuair a iarrtar. Le linn 2011 cuireadh Ranna ar an eolas faoin tseirbhís seo agus tugadh cuireadh dóibh dul i dteagmháil leis an Oifig chun é a chur i bhfeidhm. Beidh cuid mhór oibre ar an tionscadal ag an Oifig de dhíth, go háirithe san iarracht a mhéid is féidir comhairlí roimhe seo a aisghabháil, ach beidh na Ranna in ann stór comhairlí a chur le chéile a bhaineann lena gcuid oibre féin. Chomh maith le bheith ina uirlis taighde mear do Ranna, ba chóir do freisin cásanna den chomhairle chomhchosúla a bhíonn á lorg roinnt uaireanta a laghdú.

### **Seachfhoinsí**

Le linn 2011 thug an Oifig faoi athbhreithniú ar gach réimse dlí d'fhonn na gníomhaíochtaí/seirbhísí go léir ba chóir a bheith bainistithe ag údaráis inniúla eile a shainaithin. Shainaithin an Oifig obair dhlí i dtaca le héileamh chun díobháil phearsanta a ghnóthú ag Fórsa Cosanta thar lear mar réimse amháin den sórt sin le haistriú chuig an nGníomhaireacht um Éilimh ar an Stát (SCA). Rinneadh an t-aistriú i 2011 agus bhí sé éifeachtach ó thaobh costais de ar chúiseanna éifeachtúlachta, barainneachtaí scála agus saineolas ar an SCA.

### **Tuarascálacha faoi bhráid an Rialtais ar chásanna íogaire**

Le linn 2011 d'ullmhaigh agus chuir isteach an Oifig 3 thuarascáil ar chásanna íogaire chuig an Rialtas i Márta, Iúil agus Samhain. Bhuail Coiste Comhairleach Bainistíochta Dlí na hOifige atá ionadaíoch do gach réimse na hOifige -

Comhairleach, OPC agus CSSO le chéile chun plé a dhéanamh ar na tuarascálacha seo roimh leagan amach na dtuarascálacha agus cur isteach na dtuarascálacha ina dhiaidh sin chuig an Rialtais.

### **Comhoibriú le Comhairleoirí Dlí i Ranna Rialtais**

Le linn 2011 lean Abhcóide Comhairleach ar aghaidh le dlúthchaidreamh oibre agus caidreamh cuiditheach a chothú le comhairleoirí dlí i Ranna Rialtais. Tuigean an Oifig fós an tábhacht a bhaineann leis na naisc seo, ós rud é go dtagann líon méadaitheach de shaincheisteanna casta dlí idir-Rannach chun cinn ar bhonn leanúnach. Tá ról ríthábhachtach freisin ag naisc le comhairleoirí dlí Rannach in ullmhú na reachtaíochta. Chomhoibrigh Abhcóidí Comhairleacha agus Comhairleoirí Dlí Rannacha le linn na bliana i raon mór de nithe chun comhsheasmhacht i gcomhairlí a thug siad le comhairlí eile atá tugtha ag an Ard-Aighne a chinntiú.

### **Coistí agus Grúpaí Oibre Idir-Rannach**

Le linn 2011 thug Abhcóidí Comhairleacha comhairle agus ghlac páirt i nGrúpaí Oibre ar réimse de shaincheisteanna tábhachtacha “leathana” nó idir-rannacha.

Tá liosta de príomh-Choistí agus Grúpaí Oibre idir-rannacha leagtha amach ag **Iarscríbhinn E** den Tuarascáil seo.

### **Bainistíocht Dlíthíochta – olléilimh go háirithe**

I rith na bliana, d’fhreastail baill foirne CSSO ar chruinnithe athbhreithnithe rialta le hAbhcóidí Comhairleacha in Oifig Shráid Mhuirfean agus le hoifigigh i Ranna ábhartha i gcomhthéacs na bainistíochta dlíthíochta, go háirithe olléilimh, ar mhodh straitéiseach. Rinneadh comhoibriú dlúth a chothabháil idir CSSO agus an Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát chomh maith maidir le bainistíocht dlíthíochta a bhaineann le mí-úsáid leanaí.

Lean an CSSO ar aghaidh ag feidhmiú saintionscnamh chun olldlíthíocht a bhainistiú, lena n-áirítear:

- Soláthar de sheirbhís dlíthíochta dlí tearmainn chun tacaíocht a thabhairt don Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais agus do na gníomhaireachtaí inimirce/tearmainn.

- Soláthar d'fhoirne tiomanta chun dlíthíocht riachtanais speisialta, leasa leanaí, agus muirir thithe altranais a láimhseáil.
- Láimhseáil agus cosaint ghníomhach, nuair is cuí, de riar cásanna dlí fostaíochta na Státseirbhíse.
- Láimhseáil agus cosaint ghníomhach, nuair is cuí, de gach cás a ghactar i gcoinne An Gharda Síochána nó bhail An Gharda Síochána.

## **Cabhrú le agus comhairle a Ranna cliaint maidir le tograí a laghdú costais dlíthíochta**

Athdhearbhaíonn an Oifig an gá a lorg bealaí chun laghdú ar an costas ar an Stát na dlíthíochta. Beidh I meicníochtaí áirithe cosúil le comhairle leanúnach i leith sheachaint dlíthíocht agus a réiteach go luath cuspóirí príomha. Mar shampla, ag prótacail spreagadh na hOifige i bhfeidhm anois leis an Roinn Sláinte agus Oideachais chun a chinntiú go sa chaineán dlí céanna nach foirne dlí il a cheadaítear chun ionadaíocht a dhéanamh Comhlachtaí Stáit éagsúla. Is forbairt é seo ar an bpróiseas i bhfeidhm cheana féin ina Comhoibríonn an Oifig le gníomhaireachtaí eile Stáit ar nós na Coimisinéirí Ioncaim DPPO nó ag cosaint dlíthíochta agus a aontú foirne dlí comhphárteacha chun ionadaíocht a dhéanamh an Stáit leasanna. Oibreimid le Ranna Cliant a aithint agus a mheas éifeachtúlachtaí den chineál céanna agus moltaí sábháil costas.

Le linn 2011 bearta áirithe leanúint le cliant san áireamh a tháirgeadh go tráthúil ar reachtaíocht cur chun feidhme an AE d'fhonn a sheachaint fíneálacha AE, ag tarraingt aird na staideanna Ranna ábhartha i gcás díospóidí dlí idir Gníomhaireachtaí Stáit a bhí á leanúint agus ag tacú le hiarrachtaí a lorg rúin dlíthíochta malartacha nach, mar shampla idirghabháil agus eadráin nuair is indéanta sin.

An Oifig le linn a Athbhreithniú Cuimsitheach ar Chaiteachas a rinneadh i mí Aibreáin 2011 rinneadh moltaí éagsúla a laghdú costais dlí atá á dtabhú ag an Stát. I measc na samplaí leasú ar an cánachas chórais costais, a bhunú d'aonad chostas Stáit láraithe dlí, deireadh leis an riachtanas le haghaidh formhuiniú na mBarántas Gabhála Eorpach san Ard-Chúirt d'fhonn a sheachaint Abhcóide tarraingteach, níos simplí córas Cúirte seachas riaracháin bunaithe ar cuideachtaí a athchóiriú baineadh de Chlár na gCuideachtaí agus athruithe ar nósanna imeachta maidir le cásanna cúitimh an Gharda Síochána.

## **Dlíthíocht agus Idirghabhálacha Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh**

Le linn 2011 lean an tIar-Stiúrthóir Ginearálta agus Abhcóide Comhairleach ar aghaidh le comhoibriú le baill foirne dlí sa CSSO chun treoir i dtaca le straitéis dlí a chur ar fáil de réir mar ba chúil d'fhonn bainistíocht leanúnach éifeachtach de dhlíthíocht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh (ECJ) a chinntiú. Chuige sin bhí cruinnithe rialta athbhreithnithe i gceist le hoifigigh na Roinne. Leagtar amach in

Iarscríbhinn I den Tuarascáil seo mionsonraí ar roinnt cásanna tábhachtacha a bhí os comhair an ECJ i 2011.

### **An Coimisiún um Athchóiriú an Dlí**

Is é cuid tábhachtach i gcomhordú seirbhísí dlí an Stáit cur chuige comhordaithe maidir le dlí agus teagmhálaithe a ghlacadh le cur ar chumas an Choimisiúin um Athchóiriú an Dlí a ról a chomhlíonadh chun moltaí le haghaidh athchóirithe dlí a athbhreithniú, a scrúdú agus a cheapadh. Le linn 2011 lean an taobh Comhairleach ar aghaidh le dlúth-chomhoibriú le comhghleacaithe sa Choimisiún ina leith sin.

### **Soláthar de sheirbhísí criticiúla dlí lasmuigh de ghnáthuaireanta Oifige**

Le linn na bliana, d'oibrigh formhór na foirne dlí san Oifig uaireanta breise d'fhonn freastal ar na héilimh ar chomhairle phráinneach agus chasta agus ar obair dhréachtaithe. Chomh maith leis sin, lean an CSSO ar aghaidh le painéal dlí ar ghlaodhualgas a oibriú chun saincheistanna a bhainistiú a tháinig chun solais taobh amuigh d'uaireanta oifige le linn na bliana.

### **Rialúchán agus Athchóiriú Rialála níos fearr**

I rith na bliana 2011, rannchuidigh an Oifig, ina hobair dréachtaithe ardchaighdeán, leis an bpróiseas leanúnach Achtanna an Oireachtais a dhéanamh níos inrochtana agus níos éasca le tabhairt ar aird. Lean an Oifig chun leorbhaint a bheith aici leis an bpolasaí Rialúcháin níos Fearr agus clár oibre an Athchóirithe Rialála. Ar na limistéir shuntasacha oibre i rith na bliana bhí Tionscadal Athchóirithe an Dlí Reachtúil agus Leabhar na Reacht Éireannach leictreonach. Tá na bearta seo dírithe ar an reachtaíocht a dhéanamh níos inrochtana agus costais a laghdú don úsáideoir deiridh dá dheasca sin.

### **Tionscadal Athbhreithnithe um an Dlí Reachtúil**

Rinneadh a lán oibre ar an Tionscadal Athbhreithnithe um an Dlí Reachtúil roimh 2011, rud a chríochnaigh le hachtú an Achta Athbhreithnithe um an Dlí Reachtúil 2007 agus ina dhiaidh sin, an tAcht Athbhreithnithe um an Dlí Reachtúil 2009 i Nollaig 2009, as a dtáinig aisghairm de reachtanna caite agus as feidhm réamh-



neamhspleáchais. Mar sin féin, rinneadh athbhreithniú ar an tionscadal i 2010 mar thoradh ar shrianta fioscach. I 2011, cuireadh tús athuair le hobair ar an tionscadal chun céim réamh-neamhspleáchais an Tionscadail a thabhairt chun críche ar bhonn costais laghdaithe go mór ag baint úsáide as an gClár Socrúcháin Oibre FÁS agus as Scéim Intéirneachta Náisiúnta JobBridge.

### **Ríomh-Leabhar Reachtanna na hÉireann (r-LRÉ)**

Cuireann an Oifig go mór leis an gclár r-Rialtais agus lena acmhainneacht feasta, go háirithe i gcomhthéacs bhainistíocht leanúnach agus nuashonrú ríomh-Leabhair Reachtanna na hÉireann (r-LRÉ). Maoirsíonn Grúpa r-LRÉ na hOifige (a bhfuil páirt ghníomhach ag Oifig na nDréachtóirí Parlaiminte ann) próiseas bainistithe na seirbhíse seo.

Tugadh gach nuashonruithe geallta chun críche le linn na bliana. Bhí nuashonrú an eISB ar bhealach tráthúil i gceist leis sin, ós rud é gur achtaíodh agus gur foilsíodh reachtaíocht nua. Le linn na bliana rinneadh uasghrádú ar an eISB chun ardfheidhmiúlacht chuardaigh agus rochtain níos fearr ar leaganacha PDF le haghaidh cuspoirí priontála a chur san áireamh. Cuireadh nascadh díreach ó laistigh Achtanna go dtí an iontráil san Eolaire Reachtaíochta i bhfeidhm chomh maith le linn na bliana.

I 2011 chríochnaigh an Oifig saincheapadh ar an eISB chun rochtain ar ábhar an eISB a optamú d'úsáideoirí na ngléasanna móibíleacha, mar shampla fóin chliste, gléasanna táibléid, srl. Tá na bearta seo mar chuid de straitéis na hOifige rochtain níos fearr ar reachtaíocht ar líne a chur ar fáil.

Lig críochnú an tsaincheaptha móibíligh don Oifig aipeanna sonracha a fhorbairt le haghaidh rochtana níos sruthlínithe. Forbraíodh aip d'ardáin Android agus iPhone/iPad i 2011. Cuireadh an aip comhionann le haghaidh an iPhone/iPad i bhfeidhm chomh maith faoi dheireadh 2011.

Chomh maith leis sin le linn 2011, d'fhoilsigh an eISB Eolaire Reachtaíochta freisin le haghaidh ionstraimí reachtúla agus athruithe reachtaíochta curtha i bhfeidhm idir Eanáir 2006 agus Meitheamh 2011. Tá Eolaire Reachtaíochta iomlán do reachtaíocht phríomhúil ar fáil freisin don tréimhse 1922 go dtí Lúnasa 2011 agus rinneadh é a nuashonrú ar bhonn rialta le linn na bliana.

Leasaigh Alt 62 den Acht um an Dlí Sibhialta (Forálacha Ilghnéitheacha) 2011 alt 7 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 le foilsiú leictreonach d'Achtanna an Oireachtais a cheadú in aon teanga oifigiúil amháin, sula ndéanfar iad a phriontáil agus a fhoilsiú sa dá theanga oifigiúla. Ó tháinig an leasú i bhfeidhm, ar 2 Lúnasa 2011, cuireadh Achtanna an Oireachtais ar fáil ar an eISB laistigh de thréimhse ghearr ón achtachán, agus foilsíodh gach Acht an Oireachtais ar an eISB.

Feidhmíonn an eISB freisin mar an bunachar sonraí foinse do thionscadal N-Lex an AE atá ina chomhthairseach rochtana d'fhoinsí an dlí náisiúnta atá á bhfhorbairt faoi láthair ag Oifig na bhFoilseachán san AE. Is é cuspóir an tionscadail seo comhéadan cuardaigh aonair comhchuibhithe ilteangach a fhorbairt, rud a éascóidh rochtain ar reachtaíocht ar fud an Aontais Eorpaigh. Éilíonn an tionscadal N-Lex ar Bhallstáit rochtain leictreonach ar reachtaíocht a chur ar fáil ar bhonn neamh-tháille.

D'fhreastail comhalta ainmnithe ó Aonad TF Oifig Shráid Mhuirfean ar chruinnithe Pháirtí Oibre Chomhairle ábhartha an AE le linn 2011.

## **Caibidil 8: Dul chun cinn a Baineadh Amach maidir le Sprioc Ardleibhéil 5 a Chomhlíonadh**

### **Cuspóir Ardleibhéil 5**

Sainseirbhís aturnae d'ardchaighdeán a sheachadadh chuig an Ard-Aighne, na Ranna agus na hOifigí i réimsí dlíthíochta agus sainchomhairle agus seirbhísí dlí d'ardchaighdeán a sholáthar maidir le hábhair réadmhaoine agus idirbhirt.

### **Aschur**

Rannpháirtíocht i ngníomhartha dlí thar ceann an Stáit agus i leas an Stáit a chosaint sa dlíthíocht. Comhairle agus seirbhísí dlí a sholáthar maidir le hidirbhearta réadmhaoine agus conarthaí an Rialtais.

### **Toradh**

Bainistíocht éifeachtach na dlíthíochta thar ceann an Stáit. Nochtadh an Stáit do dhamáistí agus do chostais a íoslaghdú. Measúnú a dhéanamh ar na ceachtanna a foghlaimíodh ó thoradh na dlíthíochta. Soláthar seirbhísí dlí maidir le conarthaí réadmhaoine agus i sainréimsí eile.

### **Táscairí Feidhmíochta**

- Méid na gcásanna agus na dlíthíochta ar déileáladh leo. Cáilíocht agus méid na comhairle do chliaint.
- Seachadadh seirbhísí ar bhealach tráthúil agus i gcomhlíonadh na spriocdhátaí do dhlíthíocht. Aiseolas ó chliaint. Gluaiseacht choibhneasta i gcostas na dlíthíochta ó bhliain go chéile.

### **Straitéis**

- Monatóireacht a dhéanamh ar dhlíthíocht agus chomhairle chun ceachtanna ábhartha a bhaint astu agus an fhaisnéis sin a scaipeadh ar fud na hEarnála Poiblí.
- Dlúthchaidrimh a choimeád le cliaint agus le hoifigigh teagaisc.
- Dlúthchaidrimh a choimeád idir Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit agus an Ard-Aighne chomh maith le leibhéal ard de chumarsáid agus d'idirmhalartú.

- Leibhéil oiliúna agus forbartha a choimeád laistigh den Oifig chun cumas ball foirne a uasmhéadú.
- Bainistíocht riosca a choimeád agus a athbhreithniú laistigh den Oifig.
- Leanúint ar aghaidh ag forbairt bhainistíocht eolais laistigh den oifig agus an córas um bainistiú cásanna a choimeád agus a fhorbairt idir Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit agus an Ard-Aighne.

## **Dul chun cinn a Baineadh Amach**

Le linn 2011, lean Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit ar aghaidh ag díriú ar sheirbhísí dlí a fhorbairt, a fheabhsú agus a bheachtú i réimsí tábhachta do Ranna agus d'Oifigí cliaint. Ba í an phríomhréimse ar díriodh uirthi le linn na bliana ná seirbhísí dlí d'ardchaighdeán a chur ar fáil ar an mbealach ba thíosáí agus ab éifeachtaí agus ab fhéidir. Baineadh úsáid as acmhainní laistigh den Oifig chun an cuspóir sin a chomhlíonadh.

Choimeád Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit Rialghrúpa um Tháillí Gairmiúla (Professional Fees Control Group/PFCG) a reáchtáil cruinnithe ar bhonn seachtainiúil chun monatóireacht a dhéanamh ar chaiteachas ar tháillí gairmiúla agus é a rialú. Le linn na bliana chuir an Oifig beartas i bhfeidhm chun costais dlí a bhailiú i ngach cás áit ar deonaíodh costais don Stáit agus áit ar measadh go mbeadh bailiú den sórt sin indéanta.

I 2011 lean Oifig an Phríomh-Aturnae ar aghaidh ag cur i bhfeidhm straitéis lárnach chun bainistíocht a dhéanamh ar dhlíthíocht, olléilimh ach go háirithe, ar bhealach straitéiseach. Chomhoibrigh baill foirne dlí san Oifig i dteannta le hAbhcóidí Comhairleacha in Oifig an Ard-Aighne le Ranna agus le hOifigí cliaint chun monatóireacht a dhéanamh ar dhlíthíocht agus déileáil léi, maidir le cásanna ardphróifíle agus ardmhéide ach go háirithe, chun cinntiú go gcloífí leis na cleachtais ab éifeachtaí ionas go socrófaí cásanna oiriúnacha chomh luath agus ab fhéidir agus mar sin nach nochtfaí an Stát do riosca airgeadais níos mó.

Lean an Oifig ar aghaidh ag coimeád dlúthchaidreamh le cliaint agus ag tabhairt treorach d'oifigigh le linn na bliana. Reáchtáladh cruinnithe ar bhonn leanúnach le cliaint chun plé a dhéanamh ar dhul chun cinn agus chun iad a ullmhú le haghaidh

éisteachta. Ina theannta sin reáchtáladh cruinnithe foirmiúla um athbhreithniú cásanna le cliaint, mar shampla cruinnithe démhíosúla ar Eiseachadadh / an mBarántas Gabhála Eorpach. Sa bhreis air sin, reáchtáil Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit agus an Ard-Aighne cruinnithe démhíosúla le hOifig an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí chun plé a dhéanamh ar chásanna bunreachtúla arna láimhseáil ag an dá hOifig.

Leanadh ar aghaidh ag coimeád ardleibhéil de chumarsáid agus d' idirmhalartú le linn na bliana idir baill foirne dlí in Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit agus na hAbhcóidí Comhairleacha in Oifig an Ard-Aighne. Rinne baill foirne cumarsáid lena chéile ar bhonn leanúnach agus lean siad ar aghaidh ag obair tríd an gcóras roinnte um bainistiú cásanna agus taifead.

I measc na seirbhísí tábhachtacha a cuireadh ar fáil le linn na bliana, bhí:

- oibriú leantach sainseirbhíse chun déileáil le conarthaí tráchtála agus saincheisteanna soláthair.
- oibriú leantach sainseirbhíse chun déileáil le cásanna os comhair Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh.
- oibriú leantach foirne tiomanta chun déileáil le dlíthíocht i leith sainriachtanas, leas leanaí agus táillí tithe altranais.
- oibriú leantach Rannóige tiomanta chun déileáil le himeachtaí athbhreithnithe bhreithiúnaigh i gcoinne chomhlachtaí Stáit.
- oibriú leantach sainseirbhíse chun déileáil le hiarratais ar an mBarántas Gabhála Eorpach agus le hEiseachadadh.
- oibriú leantach sainseirbhíse chun déileáil le dlíthíocht fostaíochta na Státseirbhíse.
- oibriú leantach Sainrannóige chun déileáil leis na himeachtaí dlí go léir arna dtógáil i gcoinne an Gharda Síochána.
- oibriú leantach sainseirbhíse chun obair tearmainn, inimirce agus aisdúichithe a láimhseáil.
- oibriú leantach sainseirbhíse chun gach idirbheart réadmhaoine a láimhseáil le haghaidh Ranna agus Oifigí an Rialtais.
- oibriú leantach glao-dhualgais chun déileáil le hábhair phráinneacha sa Chúirt, le linn uaireanta neamhoifige.
- oibriú leantach painéil chun déileáil le hionchoisní lasmuigh de Bhaile Átha Cliath.

## **Bainistíocht Eolais**

Le linn 2011 lean Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit ar aghaidh ag cothú cultúir de roinnt eolais chun tacú le seachadadh sheirbhís aturnae do Ranna agus d'Oifigí an Rialtais. D'fhreastail aturnaetha ar chruinnithe faoi shaincheisteanna dlí in Oifig an Ard-Aighne agus ar chúrsaí oiliúna arna rith, inter alia, ag an Dlí-Chumann agus ag Comhlachas Barra Aturnaetha Bhaile Átha Cliath, chomh maith le cúrsaí oiliúna dlí intí. Lean an tAonad Leabharlainne agus Fios Gnó ar aghaidh ag cur chun cinn scileanna taighde dlí agus ag cabhrú le baill foirne dlí chun leibhéal d'inniúlacht a bhaint amach maidir le húsáid a bhaint as foinsí leictreonacha d'fhaisnéis dlí.

Rinneadh eolas a bhainistiú freisin trí bhainc oiriúnacha fasaigh a fhorbairt i Rannóga éagsúla na hOifige agus scaipeadh é trí chruinnithe rialta Rannóige a reáchtáil áit ar scaipeadh agus ar pléadh breithiúnais dheireanacha agus áit ar scaipeadh nótaí ó chúrsaí oiliúna dlí.

## **An Córas Bainistíochta Cásanna agus Taifead**

I 2011 leanadh ar aghaidh ag coimeád agus ag forbairt an chórais um bainistiú cásanna agus taifead (ACME). Ghlac baill foirne dlí ainmnithe ó Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit páirt i nGrúpa Úsáideoirí Gnó (GUG) ACME a chuir tús le hathbhreithniú cuimsitheach ar an gcóras chun aon réimsí a aithint áit a bhféadfaí feabhsúcháin a dhéanamh.

## **Bainistíocht Riosca**

I rith 2011 lean Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit ar aghaidh ag cumhdach beartas um bainistíocht riosca laistigh den Oifig. Le linn na bliana leanadh ar aghaidh ag plé ábhar bainteach le riosca ag cruinnithe Rannóige / Rannáin agus ag cruinnithe CCB áitiúla agus Dlí. D'fhreastail an Príomh-Aturnae Stáit agus na Ceannasaithe Rannáin ar chruinnithe de Chomh-Phríomhchoiste Bainistíochta AGO/CCSO agus ghlac siad páirt iontu i bhfianaise straitéis um bainistíocht riosca a chur i bhfeidhm ar fud na hOifige. Rinneadh athbhreithniú freisin ar chlár riosca na hOifige agus ar an gclár riosca Riaracháin. Chomhlánaigh Ceannasaithe Rannáin ráiteas dearbhaithe chuige sin de réir an bheartais ar bhainistíocht riosca.

D'aithin Baill Foirne Dlí san Oifig cásanna mar íogair i gcomhairle leis na hAbhcóidí Comhairleacha in Oifig an Ard-Aighne agus rinne siad nuashonrú ar stádas cásanna íogaire le tuairisciú don Rialtas i Márta, in Iúil agus i Samhain 2011. Tar éis aicmiú cáis mar chás íogair, d'fhreastail an t-oifigeach dlí sa CSSO a bhí ag déileáil leis ar chruinniú leis an bPríomh-Aturnae Stáit chun plé a dhéanamh ar na saincheistanna sa chás.

### **Bainistíocht Airgeadais**

I rith 2011 ghlac aturnaetha ainmnithe in Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit páirt sa tionscadal chun comhéadan a fhorbairt idir an Córas um Bainistiú Cásanna agus Taifead (ACME) agus an Córas Bainistíochta Airgeadais (CBA). Nuair a bheidh an fhorbairt sin curtha i bhfeidhm go hiomlán cabhróidh sé le ceanglais a aithint, idir ceanglais airgeadais agus neamhairgeadais chomh maith le ceanglais um thuairisciú faoi fhaisnéis ar bhainistíocht costas. Tugtar cuntas ar thuilleadh sonraí faoin ábhar sin i gCaibidil 9 den Tuarascáil seo.

### **An Córas Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta (CBFF)**

I 2011 ghlac baill foirne dlí in Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit páirt sa phróiseas chun PMDS a chumhdach níos mó lenar áiríodh Aiseolas Anuas agus rátálacha CBFF a úsáid chun críocha ardú céime agus incrimintí tuarastail. Ag tús na bliana, aontaíodh ar Fhoirmeacha Phróifíl Róil le Ceannairí Rannáin agus Rannóige. Rinneadh Athbhreithnithe Eatramhacha ag lár na bliana agus críochnaíodh Athbhreithnithe Bliantúla tar éis dheireadh na bliana. Cuireadh oiliúint CBFF ar fail mar ba chúil laistigh de 2 mhí ó theacht chuig an Oifig.

### **Oiliúint agus Forbairt**

Le linn 2011 ghlac aturnaetha in Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit páirt i réimse leathan de chúrsaí oiliúna chun a gcuid inniúlachtaí a uasmhéadú, agus béim faoi leith á leagan ar oiliúint intí, arbh é an tairbhe a bhí ag baint leis ná go raibh sí curtha in oiriúint agus éifeachtach ó thaobh costas.

Chinntigh an Oifig go ndearna aturnaetha an líon riachtanach uaireanta d'oiliúint dlí chomh maith le hoiliúint i scileanna bainistíochta agus forbartha gairmiúla chun ceanglais an Chumainn Dlí um Forbairt Ghairmiúil Leantach a chomhlíonadh.





## **Caibidil 9: Dul chun Cinn a Baineadh Amach maidir le Sprioc Ardleibhéil 6 a Chomhlíonadh**

### **Sprioc Ardleibhéil 6**

Seirbhísí nua-aimseartha agus gairmiúla corparáideacha agus bainistíochta gnó a sholáthar san Oifig a thugann an caighdeán seirbhíse is airde agus is féidir.

### **Aschur**

Cothabháil struchtúir agus fheidhmeanna tacaíochta mar Airgeadas, Acmhainní Daonna, Leabharlann agus Fios Gnó, Clárann agus áiseanna mar spás Oifige agus bonneagar TF srl. chun ligean don eagraíocht na Spriocanna atá leagtha amach thuas a chomhlíonadh.

### **Toradh**

Coinníollacha oibre sásúla agus oibriú na hOifige laistigh de pharaiméadair arna leagan ag an Rialtas.

### **Táscairí Feidhmíochta**

- Caiteachas laistigh de na teorannacha buiséadacha arna leagan ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Baint amach na dteorannacha ar líon na mball foirne.
- Comhlíonadh ráiteas misin na hOifige trí bhaill foirne, sheirbhísí agus chórais.

### **Straitéis**

- Cothabháil leantach ar áiseanna na hOifige, úsáid optamach acmhainní daonna agus bainistíocht eolais le cúnamh ón tSeirbhís Leabharlainne agus Fios Gnó is fearr agus ó na cinn is fearr de Theicneolaíochtaí na Faisnéise agus Cumarsáide is fearr atá ar fáil d'Oifigí dlí sa lá atá inniu ann.
- Cumais Oifige a choimeád chun CBA a oibriú.
- Ailtireacht agus bonneagar teicniúil na hOifige a choimeád faoi athbhreithniú agus cinntiú go leanann siad ar aghaidh ag feidhmiú mar bhonn daingean chun seirbhísí TF a sheachadadh.
- An Plean um Athchóiriú na Seirbhíse Poiblí a chur i bhfeidhm.

- Cothabháil agus forbairt leantach an fheidhm Clárlainne agus Taifead chun tacú leis na feidhmeanna dlí, dréachtaithe agus riaracháin.

## **Dul chun Cinn a Baineadh Amach**

### **Oifig Shráid Mhuirfean**

#### **Straitéis Acmhainní Daonna, Sráid Mhuirfean**

I rith 2011, lean an Oifig ar aghaidh ag cur i bhfeidhm na straitéisí atá leagtha amach i Straitéis Acmhainní Daonna 2008-2010 na hOifige. Forbraíodh Straitéis Acmhainní Daonna nua le haghaidh na tréimhse 2011-2013 le linn na bliana le breithniú ag an CCB. Forbairt lárnach le linn na bliana ab ea cumhdach leantach CBFF.

#### **Earcaíocht**

Ar an 9 Márta 2011 ceapadh Máire Whelan SC chuig post an Ard-Aighne. Líonadh na poist mar Chúntóir Speisialta agus bheirt Chúntóirí Pearsanta don Ard-Aighne tar éis cheapadh an Ard-Aighne. Ag tús 2011, d'earcaigh an Oifig 6 iarrthóirí ó Chlár Socrúcháin FÁS chun oibriú mar thaighdeoirí ar an Tionscadal um Athbhreithniú ar an Dlí Reachtach. I Lúnasa 2011 chuir an Oifig cás gnó faoi bhráid an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe chun poist dlí a líonadh ar thaobh na nDréachtóirí Parlaiminte agus na n-Abhchóidí Comhairleacha den Oifig.

Lean an Oifig ar aghaidh ag tairiscint réimse leathan de shocruithe oibre neamhthipiciúla le linn na bliana.

#### **An Creat um Rialú Fostaíochta**

Leag an Roinn Airgeadais sprioc chun líon ball foirne an AGO a laghdú go 126 faoi dheireadh 2014. Is ionann sin agus laghdú de 10% ar an líon foriomlán. I 2011 bhí an sprioc sin bainte amach ag Oifig Shráid Mhuirfean cheana féin

Ó thús 2010 go deireadh 2014 meastar go sábhálfaidh an laghdú €3.03 milliún san iomlán ó thaobh costas foirne. Mar thoradh ar thionscnaimh eile lena n-áirítear an

scéim dreasachta um shos gairme bainfear amach €3.3 milliún eile de choigiltis le linn na tréimhse céanna.

### **Córas Bainistíochta Acmhainní Daonna (HRMS)**

Lean an Oifig ar aghaidh ag úsáid an Chórais nua Bhainistíochta Acmhainní Daonna PeopleSoft i rith 2011.

### **An Córas Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta (CBFF)**

**Bhí an Oifig 100% géilliúil do CBFF i gcás 2011, le gach próifíl ról agus na hathbhreithnithe eatramhacha agus bliantúla don bhliain curtha i gcrích agus seolta chuig an Aonad Acmhainní Daonna, laistigh d'amchreata comhaontaithe. Leanfaidh an Oifig ag forfheidhmiú aon fheabhsuithe ar an gcóras a aontaítear go lárnach.**

### **Saoire Bhreiteachta**

Ag tús 2010 thug an Oifig faoi iniúchadh ar a saoire bhreiteachta i dtaobh 2008 agus 2009 mar chuid dá straitéis chun dul i ngleic le saincheistanna a ardaíodh i dTuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste ar Shaoire Bhreiteachta sa Státseirbhís. I measc na moltaí ar aontaigh an CCB orthu agus a cuireadh i bhfeidhm san Oifig bhí;

In Eanáir 2011 ghlac an Coiste Comhairleach Bainistíochta le Tuarascáil ar Shaoire Bhreiteachta le haghaidh 2010 i dtaobh Oifig Shráid Mhuirfean mar chuid dá straitéis chun dul i ngleic le saincheistanna a ardaíodh sa *Comptroller and Auditor General's Special Report on Sickness Absence in the Civil Service*. Faomhadh nósanna imeachta athbhreithnithe um shaoire bhreiteachta lenar áiríodh:

- Déantar oifigigh a atreorú chuig an bPríomhoifigeach Leighis chomh luath is féidir, agus tar éis ceithre seachtaine de shaoire bhreiteachta leanúnach ar a dhéanaí, nuair a thagann ceistanna chun cinn mar gheall ar a gcuid saoire breiteachta.
- Tugann an tAonad Acmhainní Daonna faoi iniúchadh débhlantúil ar shaoire bhreiteachta agus déanann siad tuairisc faoi na torthaí chuig CCB.
- Eisítear meabhráin rialta chuig gach ball foirne maidir le nósanna imeachta saoire breiteachta.

- Eisítear meabhráin chuig gach ball foirne maidir leis an ngá le foirmeacha leasa shóisialaigh a chur isteach ar bhealach tráthúil.
- Litir nua a eisítear chuig baill foirne a bhfuil 12 lá d'asláithreacht nó níos mó carntha acu i gcaitheamh trí bliana nó trí hasláithreacht nó níos mó i gcaitheamh 12 mhíosa (is cuma má tá na hasláithreachtaí clúdaithe ag teastas leighis). Cinnteoidh sé sin go mbeidh baill foirne agus bainisteoirí araon ar a n-eolas faoi leibhéal de shaoire bhreiteachta.
- Athbhreithnithe ar an bhfoirm incriminte chun aird bainisteoirí a tharraingt ar an ngá le saoire bhreiteachta a thógáil san áireamh sa mheasúnú agus iad ag socrú an bhfuiltear chun an incrimint a íoc.
- Déantar iomláin saoire breiteachta a sheoladh trí ríomhphost chuig bainisteoirí roimh chruinnithe um athbhreithniú eatramhach agus bliantúil. Ligfidh sé sin saoire bhreiteachta a phlé más gá ag cruinnithe CBFF.

Chuir cur i bhfeidhm na nósanna imeachta athbhreithnithe um shaoire bhreiteachta le laghdú iomlán ar mhéid na saoire breiteachta a charn baill foirne le linn 2011.

Léirigh athbhreithniú 2010 ar na leibhéal saoire breiteachta gur laghdaíodh líon na laethanta ag 142 i gcomparáid le 2009.

Déanann an Oifig athbhreithnithe débhlantúla anois ar shaoire bhreiteachta; críochnaíodh an t-athbhreithniú ar na chéad 6 mhí de 2011 in Iúil 2011 agus críochnófar an t-athbhreithniú ar an dara tréimhse 6 mhíosa 2011 in Eanáir 2012.

### **Cóiríocht**

Le linn na bliana, lean an Oifig ag athbhreithniú riachtanais cóiríochta na hOifige agus rinne sí teagmháil le ionadaithe Oifig na nOibreacha Poiblí, de réir mar ba ghá, lena chinntiú go raibh na háiseanna uile oiriúnach.

### **An Coiste Comhpháirtíochta**

Le linn 2011, lean an Coiste Comhpháirtíochta in Oifig Shráid Mhuirfean ar aghaidh ag glacadh ról lárnach i gcur i bhfeidhm an Phlean um Athchóiriú na Seirbhíse Poiblí agus i saincheistanna maidir le cur i bhfeidhm Phlean Athbhreithnithe na hOifige faoi Chomhaontú na Seirbhíse Poiblí 2010 – 2014 (Comhaontú Pháirc an Chrócaigh). Reáchtáil an Coiste 12 chruinniú le linn na bliana. Ba é an t-ábhar ar dhírigh an

Coiste, a bhfuil ionadaíocht aige ar fud na hOifige, air, ná déileáil le saincheisteanna lánacha bainteach leis an Oifig a mbíonn tionchar acu ar bhailt foirne mar shaoire bhreiteachta, CBFF agus Oiliúint agus Forbairt.

## Ionadaíocht Inscne

Ag deireadh 2011 lean an Oifig ar aghaidh ag dul os cionn spriocanna an Rialtais maidir le mná a fhostú. Ba ionann comhréir na mban san fhoireann ag leibhéal an Phríomhoifigigh Chúnta nó os a chionn agus 50.89%, agus ba ionann comhréir na mban san fhoireann ag leibhéal an Phríomhoifigigh nó os a chionn agus 46.52%.

Is iad seo a leanas na figiúirí do bhaill foirne buana ag deireadh 2011:

<b>Grád</b>	<b>Baineann</b>		<b>Fireann</b>	
	Líon	(%)	Líon	(%)
An tArd-Stiúrthóir	0	(0)	1	(100)
An Príomh-Dréachtóir	1	(100)	0	(0)
Comhordaitheoir an AE Dlí	1	(100)	0	(0)
Céad Dréachtóir Parlaiminte	0	(0)	1	(100)
An Leas-Ardstiúrthóir	0	(0)	1	(100)
Rúnaí Cúnta	5	(55.56)	4	(44.44)
Príomhoifigeach	10.4	(44.44)	13	(55.56)
Príomhoifigeach Cúnta	16.8	(56.38)	13	(43.62)

Inrochtaineacht do Dhaoine faoi Mhíchumas

Sáraíonn an céatadán foirne le míchumais ag deireadh 2010, mar a bhí riamh, sprioc 3% an Rialtais.

## Oiliúint agus Forbairt

I rith 2011 ghlac Coiste Comhairleach ainmnithe páirt in obair an Choiste Oiliúna agus Forbartha. Ullmhaíodh lámhleabhar ar nósanna imeachta/oiliúint chun idirghníomhú ceart idir ACanna agus DPanna sa phróiseas reachtaíochta a léiriú;

- Eagrú imeachtaí oiliúna dlí san Oifig;
- Clár oiliúna nua a fhorbairt d'Abhcóidí Comhairleacha le haghaidh Abhcóidí Comhairleacha nua agus Abhcóidí Comhairleacha ag filleadh ó iasacht, agus
- Nuashonrú ar an Doiciméad Prótacail d'Abhcóidí Comhairleacha.

I 2011, lean Aonad Oiliúna agus Forbartha Oifig Shráid Mhuirfean ar aghaidh ag soláthar caighdeán ard de dheiseanna oiliúna agus forbartha agus ag comhlíonadh a fhreagrachta as cúrsaí oiliúna a chuirtear ar fáil do gach ball foirne a phleanáil, a eagrú agus a mheasúnú. Freisin ghlac an tAonad páirt in obair an Choiste Oiliúna agus Forbartha le linn na bliana. Ba é an príomhchúram ar dhírigh an Grúpa air ag tús 2011 ná Straitéis chomhordaithe Oiliúna agus Forbartha le haghaidh na hOifige a fhorbairt agus a thabhairt chun críche. Chuimsigh an straitéis pointí gníomhaíochta sonracha i dtaobh Riaracháin mar:

- Méadú ar idirchaidreamh agus chomhordú idir Aonad O&F an AGO agus Gréasán O&F na Státseirbhíse.
- Caidreamh agus idirchaidreamh méadaithe idir Aonaid O&F an AGO agus an CSSO.
- Lámhleabhar Marthana do Thacaíocht Chléireachais.
- Cainteanna ag ACanna agus DPanna le baill foirne riaracháin agus cléireachais faoi ábhair dlí éagsúla –
- Tuarascálacha Oiliúna agus Forbartha chuig CCB Shráid Mhuirfean.
- Measúnú ar oiliúint.

Spreagadh I rith na bliana agus d'éascaigh foireann in oiliúint gnóthas a aithníodh ina Ról-Próifíl Foirmeacha le haghaidh 2011. An Oifig leabaithe eile an tábhacht a bhaineann le CBFF don fhorbairt leanúnach ghairmiúil agus phearsanta agus iarracht a sheachadadh ar a thiomantas chun forbairt na scileanna agus cumas na foirne go léir.

Bhí caiteachas foriomlán ar oiliúint agus ar fhorbairt i 2011 € 175,165. An méid arb ionannas 1.75% den leithdháileadh párolla don bhliain. Tá miondealú iomlán ar oiliúint agus ar chaiteachas forbartha le fáil in Iarscríbhinn G den Tuarascáil seo.

### **Córas feabhsaithe chun measúnú a dhéanamh ar chúrsaí oiliúna arna gcistiú ag an Oifig**

Tá sé riachtanach measúnú iontaofa agus cuimsitheach a dhéanamh ar oiliúint chun luach ar airgead a chinntiú agus chun cinntiú freisin go n-aithnítear imeachtaí oiliúna den chaighdeán is airde agus go háirithe chun tógáil san áireamh gurb amhlaidh go

mbeidh cuid mhór den oiliúint a aimseofar agus a mbainfear leas as de nádúr dlí seachas de nádúr ilchineálach agus go mbeidh sí dírithe ar ár gcuid riachtanas faoi leith mar Oifig Státseirbhíse speisialaithe.

I rith 2011 i bhfianaise chur i bhfeidhm na moltaí ar Straitéis Oiliúna agus Foghlama Shráid Mhuirfean rinne an Oifig athbhreithniú ar a cuid próiseas um measúnú oiliúna agus tá na hathruithe sin curtha i bhfeidhm. Rinneadh athbhreithniú ar an bhfoirm mheasúnaithe a bhí ann. Ní cheadaítear do bhaill foirne leas a bhaint as deiseanna oiliúna ach má tá a measúnú ar an imeacht roimhe sin curtha faoi bhráid an Oifigeach Oiliúna agus Forbartha.

### **Naisc Riaracháin níos dlúithe leis an gCoimisiún um Athchóiriú an Dlí**

Comhoibríonn an Oifig i ndlúthpháirt leis an gCoimisiún um Athchóiriú an Dlí agus é mar aidhm rochtain a thabhairt don Choimisiún ar thacaíocht ardleibhéil do chúrsaí riaracháin agus dearbhú don AGO go bhfuil leibhéil oiriúnacha de rialachas corparáideach i bhfeidhm. I 2011 aistríodh ball foirne ó Shráid Mhuirfean chuig an gCoimisiún um Athchóiriú an Dlí chun dul i mbun dualgas mar a Cheannasaí Riaracháin. Cuimsíonn na dualgais sin freagracht as Airgeadas, TF, AD agus seirbhísí corparáideacha eile. Cuireadh an ghluaiseacht sin i bhfeidhm ó laistigh de líon reatha na mball foirne san Oifig agus sa Choimisiún araon.

## **CSSO**

### **Earcaíocht**

I rith 2011, d'imigh 16 bhall foirne ón Oifig, chuaigh 2 díobh ar scor agus d'éirigh 3 as oifig. Tháinig 10 baill foirne isteach san Oifig i rith 2011, d'fhill 1 ó iasacht agus d'fhill 1 ó shos gairme. Tháinig 5 baill foirne sealadacha gairmiúla agus 3 baill foirne cléireachais isteach san oifig.

### **An Córas Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta**

Tar éis an athbhreithnithe i 2010, d'oibrigh timthriall CBFF 2010 ar bhunús na ndoiciméad CBFF athbhreithnithe. Rinneadh oiliúint i dtaobh na socrúithe agus na



ndoiciméad athbhreithnithe a thar-rolladh chuig gach ball foirne san Oifig. Cuireadh socruithe nua ar aontaíodh orthu i bhfeidhm.

### **Forbairt Ghairmiúil Leanúnach**

Ceanglaítear ar gach aturnae atá fostaithe ag an Stát oiliúint ar Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach (FGL) a dhéanamh. Le héifeacht ón 1 Eanáir 2008, (féach I.R. 807 de 2007, mar atá leasaithe ag I.R. 452 de 2009) tá FGL éigeantach. Sa timthriall a thosaigh ar an 1 Eanáir 2011 ní mór 12 uair san iomlán a fháil. Ceanglaítear ar aturnaetha aonair taifead a choimeád den oiliúint a fhaigheann siad. Faoin bpróiseas FGL féadfaidh an Cumann Dlí iniúchadh a dhéanamh ar an bpróiseas.

### **Cóiríocht**

Rinne an OPW athbhreithniú ar úsáid spáis i dTeach Osmond i 2010. Moladh oibreacha athchóirithe san athbhreithniú a chuirfeadh spás oifige breise ar fáil, chomh maith le seomra comhdhála breise agus bialann ball foirne i dteannta le háiseanna stórála le haghaidh AD, Cuntas iníoctha agus Seirbhísí Oifige.

Rinneadh obair ar an gceathrú, an dara, an chéad urlár agus an t-urlár talún de Theach Osmond. Bunaíodh agus áitíodh Oifigí nua ar an gceathrú agus an dara hurlár. Bogadh an rannán Seirbhísí Oifige ón urlár talún chuig spás plean oscailte ar an gcéad urlár. Freisin rinneadh athchóiriú ar an urlár talún chun na saoráidí breise Comhdhála, Stórála agus Bialainne a chruthú.

Leanann an Oifig ar aghaidh ag leagan béime ar stóráil comhad lasmuigh den láthair chun go gcomhlíonfadh dromchlaí agus oifigí ceanglais Sláinte agus Sábháilteachta.

### **Cúrsaí Oiliúna agus Forbartha agus cúrsaí Oiliúna a cuireadh ar fáil i 2011**

Is é ról an Aonad Oiliúna agus Forbartha (AOF) ná oiliúint spriocdhírthe a chur ar fáil do bhaill foirne ar fud na hOifige. Le linn 2011 thug an tAOF faoi roinnt réimsí oiliúna ar aithin baill foirne ina gcuid Foirmeacha Oiliúna agus Forbartha Pearsanta faoin gCóras Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta (CBFF) agus réimsí oiliúna ar thug an Oifig tosaíocht dóibh idir saincheisteanna Sláinte & Sábháilteachta, Ábhair Dlí agus riachtanais oiliúna ball foirne agus riaracháin. Leanadh ar aghaidh ag díriú i 2011 ar oiliúint intí a sholáthar do bhaill foirne agus na rialacháin nua FGL ó 2009 á

dtógáil san áireamh trína gceanglaítear ar Aturnaetha 12 huair an chloig d’oiliúint FGL a dhéanamh.

Leithdháil an Oifig €220,000 san iomlán chun oiliúint, forbairt agus foghlaim a sholáthar do Bhaill Foirne na hOifige le linn 2011. In **Aguisín G** den Tuarascáil seo tá sonraí leagtha amach maidir le cúrsaí oiliúna agus forbartha agus cúrsaí oiliúna a cuireadh ar fáil do bhaill foirne an CSSO le linn 2011.

### **An Chairt Dínithe**

Bhí Cairt Dínithe na hOifige, a seoladh i 2008, fós i bhfeidhm le linn 2011.

### **Ionadaíocht Inscne**

Ag deireadh 2011 lean an Oifig ar aghaidh ag dul os cionn spriocanna an Rialtais maidir le mná a fhostú. Ba ionann comhréir na mban san fhoireann ag leibhéal an Phríomhoifigigh Chúnta nó os a chionn agus 59%, agus ba ionann comhréir na mban san fhoireann ag leibhéal an Phríomhoifigigh nó os a chionn agus 42%.

### **Inrochtaineacht do Dhaoine faoi Mhíchumas**

Tógadh daoine faoi mhíchumas san áireamh agus na hoibreacha cóiríochta á ndéanamh ar an urlár talún i dTeach Osmond. Feistíodh braiteoir leictreonach ar an doras dúbailte sa cheantar athchóirithe ionas go n-oslódh sé go huathoibríoch agus daoine ag teacht ó cheantar taobh. Ina theannta sin feistíodh ceapa brú ar leibhéal cathaoireach rotha chun an doras isteach sa bhialann a oscailt.

Sáraíonn an céatadán foirne le míchumais ag deireadh 2010, mar a bhí riamh, sprioc 3% an Rialtais.

### **An Coiste Comhpháirtíochta**

I rith 2011, lean an Coiste Comhpháirtíochta agus foghrúpaí bainteacha in Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit ar aghaidh ag glacadh páirte i bhforbairt leanúnach an chultúr athraithe san Oifig.

### **Oifig Shráid Mhuirfean agus an CSSO**

## **Forbairtí Airgeadais**

I rith 2011 dhírigh na hOifigí ar thionscnaimh a chur i bhfeidhm ar leibhéal lárnach, ar thuilleadh feabhsúchán ar Chóras Bainistíochta Airgeadais na hOifige agus ar chomhéadan a fhorbairt idir an Córas Bainistíochta Cásanna agus Taifead agus an Córas Bainistíochta Airgeadais.

Maidir le comhéadan a fhorbairt idir an Córas Bainistíochta Cásanna agus Taifead agus an Córas Bainistíochta Airgeadais cabhróidh an fhorbairt sin, nuair a bheidh sí curtha i bhfeidhm go hiomlán, le gealltanais a aithint, idir gealltanais airgeadais agus neamhairgeadais chomh maith le ceanglais tuairiscithe i leith faisnéise faoi bhainistíocht costas. Faoi dheireadh 2011 bhí an próiseas comhéadain i bhfeidhm sna Rannáin Dlí Choitinn agus Dlí Phoiblí sa CSSO. Clúdaíonn na Rannáin sin thart ar 65% den chaiteachas iomlán arna fhulaingt ag an CSSO ó thaobh táillí abhcóide. Freisin bhí céimeanna chun an próiseas comhéadain a thar-rolladh níos mó thar gach réimse eile san Oifig ag céim ard.

I rith 2011 forbraíodh Tuarascálacha feabhsaithe ar Bhainistíocht agus Chostais agus cuireadh ar fáil d'Oifig Áitiúil Shráid Mhuirfean/CCB an CSSO, do Chomhchoiste Comhairleach Bainistíochta Shráid Mhuirfean/an CSSO agus don bhainistíocht shinsearach iad. Éascaíonn an fhaisnéis sin níos mó feasachta faoi chostas i measc iad siúd atá freagrach as leithdháileadh acmhainní.

Maidir le Córas Agresso um Bainistíocht Airgeadais san Oifig lean an Oifig ar aghaidh ag déanamh an córas Agresso a fhorbairt agus a chumhdach níos mó i rith na bliana. Leanadh ar aghaidh ag baint úsáide as an gcóras chun réimse iomlán de sheirbhísí airgeadais a sholáthar don Oifig lenar áiríodh na nithe seo a leanas a ullmhú:

- Cuntas Leithghabhála 2011;
- Tuarascálacha airgeadais míosúla do na Coistí Comhairleacha Bainistíochta Áitiúla agus don Phríomhchoiste Comhairleach Bainistíochta agus don Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe;

Rinneadh machnamh i 2011 ar an gceist cibé acu an ceart dul ar aghaidh le huasghrádú ar an gcóras. Chuaigh an Oifig i gcomhairle le heagraíochtaí eile a raibh

an córas Agresso á úsáid acu i bhfianaise aontú ar chur chuige roinnte i dtreo saincheisteanna maidir le tacaíocht agus le huasghráduithe an chórais . Ag deireadh na bliana cinneadh go mbainfeadh an Oifig leas as uasghrádú go dtí an chéad leagan eile agus cuireadh tús ar Chás Gnó a fhorbairt le breithniú ag an mbeirt Oifigeach Cuntasáochta .

Freisin ag deireadh 2011 ghlac an Oifig le tuarascáil maidir le hathbhreithniú deisce cuimsitheach a dhéanamh ar rialuithe agus phróisis airgeadais arna n-ullmhú ag Iar-Cheann Riaracháin sa CSSO. Tugtar dearbhú san athbhreithniú sin maidir le héifeachtacht an chórais um rialú inmheánach airgeadais a oibríonn an Oifig. Cinntiú go gcloíonn rialuithe agus próisis le dea-chleachtas agus go gcomhlíonann siad go sásúil na ceanglais i leith cruinnis, iontaofachta agus slándála. Faoi dheireadh 2011 bhí go leor dul chun cinn bainte amach maidir le moltaí an athbhreithnithe a chur i bhfeidhm.

Tar éis chríochnú an Athbhreithnithe, rinneadh an Tuarascáil a sheachadadh chuig Coiste Iniúchóireachta na n-Oifigí. Tá an tAonad Airgeadais ag cur i bhfeidhm na moltaí i dteannta leis an CSSO faoi láthair agus tá an obair ag dul ar aghaidh de réir sprice chun go mbeidh cur i bhfeidhm iomlán déanta faoi dheireadh na bliana seo.

### **An Córas Bainistíochta Cásanna & Taifead**

<b>Iomlán</b>	<b>175,165</b>
<b>Iomlán costas Párolla A1</b>	<b>9, 994,602</b>
<b>Caiteachas ar O &amp; F mar % de chostas tuarastail</b>	<b>1.75%</b>

**Oiliúint agus Forbairt 2011 OPAS**

## Miondealú ar Chaiteachas Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit ar Oiliúint agus Forbairt 2011

Is é ról Aonad Oiliúna agus Forbartha (AOF) Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit, oiliúint spriocdhírthe a sholáthar d'fhoireann uile na hOifige. I rith 2011, ghlac an AOF de lámh roinnt réimsí oiliúna atá sainaitheanta ag baill foirne ina bhFoirmeacha Oiliúna agus Forbartha Pearsanta faoi Chóras Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta (CBFF), agus réimsí oiliúna a ghlac an oifig mar thosaíochtaí, ó shaincheisteanna sláinte agus sábháilteachta go topaicí dlí agus riachtanais oiliúna riaracháin. I 2011, leanadh den fhócas ar oiliúint intí a sholáthar don fhoireann, ag cur san áireamh na nua-rialacháin FGL a éilíonn ar Aturnaetha 11 uair an chloig FGL a chur isteach.

Cuireadh an oiliúint seo a leanas ar fáil don fhoireann i 2011:-

- Oiliúint mar Oifigeach Cléireachais agus mar Mhaoirseoir.
- Cuireadh seisiúin oiliúna ar fáil ar an gcóras ACME d'iontrálaithe nua san Oifig agus do bhaill foirne a d'iarr breis oiliúna ar an gcóras.
- Soláthraíodh oiliúint i bhFeasacht Dóiteáin do gach ball foirne i 2011.
- Tugadh oiliúint eile don fhoireann a bhain le Sláinte agus Sábháilteacht ar nós, Seisiúin Láimhseála, oiliúint mar Mhaor Dóiteáin, Oiliúint Garchabhrach Gairme & Athnuachana, agus Oiliúint don Chathaoir Aslonnaithe.
- Rinne an AOF teagmháil leis na Bainisteoirí Rannáin agus bhuail leo ag tús 2011 chun topaicí a scrúdú a bheadh oiriúnach do chainteoirí a dtabharfaí cuireadh chun na hoifige dóibh chun labhairt leis an bhfoireann, faoi thionscnamh cainteanna intí.
- Tugadh ar an bhfoireann aturnaetha 11 uair an chloig d'Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach (FGL) a chur i gcrích i 2011.
- Eagraíodh roinnt seimineár intí ar réimsí dlí i rith na bliana mar atá, Ríomh-Fhionnachtain, Bullaíocht agus Ciapadh, Forghéilleadh Sibhialta agus Fáltais ó Choireacht, CBL Bainteach le Idirbhearta Maoine, Próiseas Achomhairc na gCoimisinéirí Ioncaim, an Dlí Domhainneachta, Saincheisteanna Dlíthíochta an Gharda, Breithiúnas Meadows, Habeas Corpus, Forbairtí i nDlí an AE, Dlí Eadrána na hÉireann, Dlíthíocht um Bailiú Fiach, an Dlí Féimheachta, Rialáil Aturnaetha.
- Tugadh tuilleadh 'cainteanna lóin' intí i rith na bliana mar atá, Feasacht i leith Féinmharú, Bainistiú Strusa, Ról an *EAO*, Cara-Chumann na Seirbhíse Poiblí, Faisnéis Airgeadais Phearsanta.
- D'fhreastail baill foirne i rith na bliana ar chomhdhálacha agus ar sheimineáir sheachtracha a bhain le obair na hOifige.



- Ar bhonn faisnéis a sholáthraigh an fhoireann faoin CBFF agus iarraidh a fuarthas i rith na bliana, d'eagraigh an tAonad Oiliúna agus Forbartha roinnt cúrsaí oiliúna ginearálta don fhoireann.

Leithdháileadh €220,000.00 ar an Aonad Oiliúna chun oiliúint agus forbairt a sholáthar d'fhoireann OPAS i 2010. Roinneadh an leithdháileadh ar thrí sainréimse.

Réimse	Leithdháileadh	Caiteachas	Achoimre
<b>Buiséad Tarmligthe</b>	<b>€95,100.00</b>	<b>€53,360.88</b>	Roinneadh an méid seo ar shé rannán, gach rannán freagrach as oibriú laistigh den méid leithdháilte.
<b>Aisíoc Táillí</b>	<b>€30,000.00</b>	<b>€24,798.69</b>	I 2011, aisíocadh táillí le baill foirne i leith 9 gcúrsa.
<b>Ciste Sealbhaíochta</b>	<b>€94,900.00</b>	<b>€ 38,025.10</b>	D'úsáid an AOF an ciste seo ar chaiteachas do roinnt réimsí oiliúna.





## Aguisín I

### CÁSANA ARD-CHÚIRTE Ó 2011 A RAIBH AN STÁT PÁIRTEACH IONTU

#### **Martin Collins v. Comhairle Chontae na Gaillimhe, Éire & an tArd-Aighne**

Breithiúnas tugtha ag Edwards J. ar an 04/01/11

Sna himeachtaí athbhreithnithe bhreithiúnaigh sin d'iarr an t-iarrthóir dúshlán a chur faoi dhá chinneadh ag Comhairle Chontae na Gaillimhe chun saol ceada pleanála arna dheonú ag an mBord Pleanála a fhadú.

#### **Ospidéal Ollscolaíoch na Leanaí Sráid an Teampail v. C.D. agus E.F**

Breithiúnas tugtha ag Hogan J. ar an 12/01/11

Rinne an gearánaí iarratas ar an Ard-Chúirt ar ordú chun aistriú fola a cheadú le haghaidh A.B. ar chuir a dtuismitheoirí ina choinne ar chúiseanna creidimh. Rinne an gearánaí iarratas freisin ar ordú chun aithint A.B. a chosc ar chúiseanna rúndachta míochaine.

#### **An tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí v. Marek Marciszewski**

Breithiúnas tugtha ag Peart J. ar an 18/01/11

Bhain an cás le hiarratas ar ghéilleadh ag an bhfreagróir d'údarais na Polainne de thoradh dhá chinn ar leithligh den Bharántas Gabhála Eorpach.

#### **L.M. v Coimisinéir an Gharda Síochána, an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí, Éire agus an tArd-Aighne**

Breithiúnas tugtha ag Hedigan J. ar an 20/01/11

Sa chás seo thóg an gearánaí éileamh le haghaidh faillí, go raibh dualgas cúraim ó na cosantóirí chun tabhairt faoi ionchúiseamh ag dul di tar éis gearáin fhoirmiúil faoi éigniú aici.

#### **Annastacia Roberston v. Gobharnóir Ionad Dóchas**

Breithiúnas tugtha ag Hogan J. ar an 25/01/11

Ba é a bhí i gceist leis seo ná iarratas ar ordú habeas corpus chun an t-iarrthóir a scaoileadh ó choinneáil.

#### **Scoil Náisiúnta Educate Together Leamhcáin (Iarrthóir) v. Ard-Rúnaí an Roinn Oideachais agus Eolaíochta agus Daoine Eile agus A.B agus C.D. (Páirtithe Fógra)**

Breithiúnas tugtha ag O'Keefe J. ar an 27/01/11

Sna himeachtaí athbhreithnithe bhreithiúnaigh sin, d'iarr an t-iarrthóir cinneadh an dara, an tríú agus an ceathrú fhreagróra atá ainmnithe a chur ar neamhní, cinneadh a bhí ann a sheas le hachomharc na bpáirtithe fógra thar ceann a mhic faoi alt. 29 den Acht Oideachais 1998 i gcoinne chinneadh an iarrthóra chun rollú a dhiúltú dó.

#### **Izmailovic agus Elmorsy v. Coimisinéir an Gharda Síochána, an tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí, Éire agus an tArd-Aighne**

Breithiúnas tugtha ag Hogan J. ar an 31/01/11

Iarratas a bhí ansin ar ordú habeas corpus trínar iarr na hiarrthóirí dúshlán a chur faoi dhlíthiúlacht choinneáil an dara hiarrthóra.

#### **An tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí v. Vera Dunkova**

Breithiúnas tugtha ag Peart J. ar an 28/01/11

Chuir an freagróir dúshlán faoina ngéilleadh a bhí á iarraidh ag údarás breithiúnach i bPoblacht na Seice faoi Bharántas Gabhála Eorpach interalia ar bhunús a drochshláinte féin agus drochshláinte a fir chéile.

#### **Bernard Markley v. an tAire Dlí agus Cirt agus Athchóirithe Dlí, an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí, Éire agus an tArd-Aighne**

Breithiúnas tugtha ag Kearns P. ar an 04/02/11

Thóg an t-iarrthóir imeachtaí athbhreithnithe bhreithiúnaigh chun dearbhú a iarraidh a shonródh go bhfuil alt 34 den Acht um Nós Imeachta Coiriúil 2010 míbhunreachtúil chomh maith le dearbhú eile go bhfuil an t-alt céanna ar neamhréir le hAirteagal 6 an Choinbhinsiúin Eorpaigh ar Chearta Daonna.

**John Barry & daoine eile v. an tAire Talmhaíochta & Bia**

Breithiúnas tugtha ag Hedigan J. ar an 09/02/11

Sa chás seo rinne na freagróirí achomharc i gcoinne chinneadh an Bhinse Achomhairc Fostaíochta go raibh na hachomharcóirí fostaithe faoi chonradh seirbhíse agus mar sin gur fostaithe de chuid an fhreagróra a bhí iontu.

**An tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí v. Ciarán Tobin**

Breithiúnas tugtha ag Peart J. ar an 11/02/11

Ba é a bhí i gceist leis an gcás ná dara hiarratas ar ghéilleadh an fhreagróra don Ungáir ionas go bhféadfadh sé daonbhreith príosúnachta a sheirbheáil a gearradh air agus é as láthair i mBealtaine 2002. Dhiúltaigh an Ard-Chúirt don chéad iarratas agus dhearbhaigh an Chúirt Uachtarach é sin i bhFeabhra 2008 ar an mbunús nár “theith” an freagróir ón Ungáir laistigh de bhrí alt 10 den Acht um Barántas Gabhála Eorpach agus mar sin nárbh duine é an freagróir a bhféadfaí géilleadh a ordú ina leith.

**Denise O'Connor v. an Breitheamh John O'Neill, an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí, Éire agus an tArd-Aighne**

Breithiúnas tugtha ag Hanna J. ar an 18/02/11

Iarratas a bhí ansin ar athbhreithniú breithiúnach ar dhíotáil an iarrthóir as diúltú eiseamal anála a chur ar fáil faoi bhun alt 13 den Acht um Thrácht ar Bhóithre, 1994.

**An tAire Dlí agus Cirt agus Athchóirithe Dlí v. Josef Adam**

Breithiúnas tugtha ag Edwards J. ar an 01/03/11

Chuir an freagróir dúshlán faoina ngéilleadh a iarradh ag údarás bhreithiúnas i bPoblacht na Seice faoin mBarántas Gabhála Eorpach.

**Michael Sage v. an tAire Dlí agus Cirt, Gobharnóir Phríosún Chorcaí, Éire agus an tArd-Aighne agus Patrick Hogan**

Breithiúnas tugtha ag Irvine J. ar an 01/03/11

Éileamh ar dhamáistí i gcoinne na gcosantóirí as faillí ag eascairt ó ionsaí fíochmhar a rinneadh air ar an dara lá a bhí sé ina phríosúnaí i bPríosún Fort Mitchell, Corcaigh.

**An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (Iarratasóir) v. Neiphin Trading Ltd agus Daoine Eile (Freagróirí) agus Éire agus an tArd-Aighne (Páirtithe Fógra)**

Breithiúnas tugtha ag Edwards J. ar an 03/03/11

Sna himeachtaí sin, d'iarr an t-iarratasóir, trí mheán fógra faoi rún, Orduithe agus Dearbhuithe áirithe i gcoinne na bhfreagróirí de bhun alt 57 den Acht um Bainistiú Dramháola 1996.

**Noel Brohoon v. Éire, an tArd-Aighne agus an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí**

Breithiúnas tugtha ag Kearns P. ar an 04/03/11

Thóg an gearánaí an caingean chun dúshlán a chur faoi bhunreachtúlacht alt 4 (E) (7) den Acht um Nós Imeachta Coiriúil 1967 a thugann 21 lá don DPP chun achomharc a dhéanamh i gcoinne chinneadh bhreitheamh trialach chun cúisimh a dhíbhe ait nach dtugtar an ceart achomhairc céanna don gearánaí.

**An tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí v. Peter Puskas**

Breithiúnas tugtha ag ar an 04/03/11

Chuir an freagróir dúshlán faoina ghéilleadh a d'iarr údarás breithiúnach i bPoblacht na hUngáire faoin mBarántas Gabhála Eorpach. D'áitigh an freagróir go mbeadh a ghéilleadh díreireach agus go mbeadh sé i gcoinne alt 37 den Bharántas Gabhála Eorpach 2003

**An tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí v. Wojciech Pawel Ciechanowicz**

Breithiúnas tugtha ag Edwards J. ar an 18/03/11

Chuir an freagróir dúshlán faoina ghéilleadh a d'iarr údarás breithiúnach sa Pholainn faoi Bharántas Gabhála Eorpach. Tháinig an cheist chun cinn maidir le cibé acu ar comhlíonadh ceanglais a. 10(d) den Acht um Barántas Gabhála Eorpach 2003, mar a bhí leasaithe agus cibé acu an raibh an géilleadh toirmiscthe ag s. 45 d'Acht 2003 agus cibé acu an mbeadh an géilleadh ar neamhréir le hoibleagáidí an Stáit faoi Airteagal 8 den Choinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine

**An tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí v. F.L.J.**

Breithiúnas tugtha ag Edwards J. ar an 08/04/11

Chuir an freagróir dúshlán faoina ghéilleadh a d'iarr údarás breithiúnach sa Pholainn faoin mBarántas Gabhála Eorpach.

**An tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí v. Jerzy Zych**

Breithiúnas tugtha ag Edwards J. ar an 13/04/11

Chuir an freagróir dúshlán faoina ghéilleadh a d'iarr údarás breithiúnach sa Pholainn faoi Bharántas Gabhála Eorpach ar an mbunús seo a leanas: (a) go bhfuil na barántais doiléir agus neamhbheacht; (b) go mainnfonn na barántais alt 38 den Acht um Barántas Gabhála Eorpach 2003 (íostromaíocht agus comhfhreagras) agus (c) neamhchomhlíonadh a.10 de chritéir Acht 2003

**An tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí v. Christian Charron**

Breithiúnas tugtha ag Edwards J. ar an 14/04/11

Chuir an freagróir dúshlán faoina ghéilleadh a d'iarr údarás breithiúnach i bPoblacht na Fraince faoi Bharántas Gabhála Eorpach ar an mbunús seo a leanas: (a) go raibh a dhíotáil agus a dhaoradh mailíseach agus go raibh cúiseanna polaitiúla leis (b) gur triaileadh *in absentia* é agus i gcoinne ghealltanais an údaráis Fhrancaigh go ndéanfaí é a ath-thriail dá ngéillfeadh sé agus (c) nach bhfreagraíonn na cionta do chionta atá aitheanta faoin dlí in Éirinn.

**Thomas Kennedy & Daoine Eile v. An tAire Talmhaíochta, Iascach agus Bia, an tAire Airgeadais, Éire agus an tArd-Aighne**

Breithiúnas tugtha ag Laffoy J. ar an 15/04/11

Éisteacht a bhí ansin faoi rún chun éileamh an ghearánaí a dhíbhe gan aon chúis réasúnta caingne nó ar bhunús dhlínse bhunúsach na Cúirte nach bhfuil deis réasúnta ratha ag gearánaithe nó go bhfuil gach dealramh air nach n-éireoidh leis an gcaingean.

**Hooper Dolan Financial Limited v. an tOmbudsman um Sheirbhísí Airgeadais, Comhairle an Ombudsman um Sheirbhísí Airgeadais agus an tArd-Aighne**

Breithiúnas tugtha ag MacMenamin J. ar an 15/04/11

Chuir na himeachtaí athbhreithnithe bhreithiúnaigh sin dúshlán faoi chinneadh an Ombudsman um Sheirbhísí Airgeadais ar an mbunús go raibh an toradh *ultra vires* chumhachtaí an Ombudsman.

**An tAire Dlí agus Cirt agus Athchóirithe Dlí v. Radoslaw Wicinski**

Breithiúnas tugtha ag Edwards J. ar an 15/04/11

Chuir an freagróir dúshlán faoina ghéilleadh a d'iarr údarás breithiúnach sa Pholainn faoin mBarántas Gabhála Eorpach. Cuireann an freagróir i gcoinne a ghéillte ar an mbunús seo a leanas: (a) nach sonraítear sa BGE go bhfuil pianbhreitheanna "infheidhmithe láithreach" faoi alt 11(1A)(e) den Acht um Barántas Gabhála Eorpach 2003; (b) go mainnfonn an barántas alt 38 den Acht a chomhlíonadh agus (c) neamhchomhlíonadh alt 10 de chritéir Acht 2003.

**Noel Callan v. Éire agus an tArd-Aighne**

Breithiúnas tugtha ag Hanna J. ar an 15/04/11

Thóg an gearánaí imeachtaí iomlánaíochta chun áitiú nach gcuimsíonn cinneadh an Uachtaráin an bhunphianbhreith chun báis a gearradh air a iomalartú go pianseirbhís ar feadh 40 bliana aon choinníollacha maidir le loghadh. D'áitigh an gearánaí go bhfuil sé i dteideal chun loghadh caighdeánach a thuilleamh agus iarratas a dhéanamh air de réir an dlí.

**Paddy Fitzgerald v. an tAire Pobail, Comhionannais agus Gnóthaí Gaeltachta**

Breithiúnas tugtha ag Hogan J. ar an 05/05/11

Achomharc reachtúil a bhí ansin faoi phointe dlí ón gCúirt Chuarda i ngearán a rinneadh an t-achomharcóir chun an Binse Comhionannais tar éis dóibh a n-idirdhealú a dhíbhe. Dhearbhaigh an Chúirt Chuarda cinneadh an Bhinse Chomhionannais agus dhiúltaigh siad atreorú a dhéanamh chuig an gCúirt Bhreithiúnais de bhun Airteagal 267 CFAE.

**Jingguo Li v Gobharnóir Phríosún Pháirc na Cruithneachta**

Breithiúnas tugtha ag Kearns P. ar an 13/05/11

Iarratas a bhí ansin ar ordú habeas corpus chun an t-iarratasóir a scaoileadh ó choinneáil.

**DM v. CF agus an tArd-Aighne (Páirtí Fógra/Achomharcóir)**

Breithiúnas tugtha ag Clark J. ar an 27/05/11

D'iarr an t-achomharcóir achomharc a dhéanamh i gcoinne chinneadh na Cúirte Cuarda chun dearbhuithe a dheonú faoi alt 29(1) den Acht um an Dlí Teaghlaigh 1995 gur pósadh bailí ar marthain a bhí i bpósadh na iarratasóra sa tSiombáib ar an mbunús nach féidir polagamas a aithint mar phósadh bailí de réir dhlí na hÉireann.

**Donna Sfar v. na Coimisinéirí Ioncaim, an tArd-Aighne agus Éire**

Breithiúnas tugtha ag MacMenamin J. ar an 08/06/11

D'iarr an t-iarratasóir athbhreithniú breithiúnach ar chinneadh ag an gcéad fhreagróir gan cistiú a dheonú ar an iarratasóir don Chúrsa Gairme Barra i Sasana.

**A.A. v. an Binse Achomhairc do Dhídeanaithe agus an tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí**

Breithiúnas tugtha ag Cooke J. ar an 08/06/11

D'iarr an t-iarratasóir athbhreithniú breithiúnach ar chinneadh an bhinse freagróra a mhol nár cheart a dhearbhu gur dídeanaí a bhí san iarratasóir.

**Viridian Power Limited agus Huntstown Power Company Limited v. an Coimisiún um Rialáil Fuinnimh agus (trí hOrdú na Cúirte) an tArd-Aighne (Páirtí Fógra); Endesa Ireland Limited v an Coimisiún um Rialáil Fuinnimh agus (trí hOrdú na Cúirte) an tArd-Aighne (Páirtí Fógra)**

Breithiúnas tugtha ag Clarke J. ar an 09/06/11

Thóg na cuideachtaí iarratasóra na himeachtaí athbhreithnithe bhreithiúnaigh sin ag lorg dearbhaithe go raibh siad ceadaithe de réir théarmaí ceadúnais reachtúil a d'oibrigh siad ón bhfreagróir costas tobhaigh a áireamh, ar gearradh orthu ag an Acht um Rialáil Leictreachais (Leasú) (Tobhach Ioncaim Carbóin), de bhrí an tsainmhínithe ar 'chostas deise' sa chuid ábhartha den cheadúnas.

**An tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais v. DL**

Breithiúnas tugtha ag Edwards J. ar an 22/06/11

Chuir an freagróir dúshlán faoina ghéilleadh a d'iarr údarás breithiúnach sa Pholainn faoin mBarántas Gabhála Eorpach.

**James Ryan v. An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí**

Breithiúnas tugtha ag Kearns P. ar an 23/06/11

Sna himeachtaí athbhreithnithe bhreithiúnaigh sin d'iarr an t-iarratasóir ordú chun a thriail choiriúil a bhí le teacht a thoirmeasc ar bhunús 'mainneachtana' líomhnaithe thar ceann na ngardaí míreanna fianaise áirithe a chaomhnú agus é máite nach mbeadh an t-iarratasóir in ann triail chóir a fháil gan iad a bheith ann.

**Pinky Bhan v. an tAire Sláinte agus Leanaí**

Breithiúnas tugtha ag Irvine J. ar an 28/06/11

Thóg an t-achomharcóir achomharc de bhun alt 5(15) den Acht um Binse Cúitimh i ndáil le Heipitéas C 1997 i gcoinne chinneadh an Bhinse Chúitimh i ndáil le Heipitéas C agus HIV nár chruthaigh an t-achomharcóir, gur dóichí gur ionfhabhtaíodh a fir chéile (nach maireann) mar thoradh ar tháirgí fola a fuair sé sa dlínse seo, agus tríd sin dhiúltaigh siad dámhachtain don achomharcóir i ndáil le cailliúint chéile an duine nach maireann faoi alt 4(1)(h) den Acht.

**Telefonica O2 Ireland Limited (Iarratasóir) v. an Coimisiún um Rialáil Cumarsáide (Freagróir), agus an tAire Cumarsáidí, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha agus BT Communications Ireland Limited (Páirtithe Fógra)**

Breithiúnas tugtha ag Clarke J. ar an 30/06/11

Sna himeachtaí athbhreithnithe bhreithiúnaigh sin d'iarr an t-iarratasóir ordú um nochtadh agus aimsiú ábhar rúnda i ndáil le himeachtaí forluiteacha inar iarr an t-iarratasóir cinneadh a rinne an freagróir a chur ar neamhní trínar socraíodh na praghsanna a rabhtas chun gearradh mar sholáthraithe seirbhíse agus eatarthu as glaonna éigeandála a bhí saor in aisce don phobal.

**An tArd-Aighne v. Pratkunas**

Breithiúnas tugtha ag Peart J. on 01/07/11

Chuir an freagróir i gcoinne a géillte do Chónaidhm na Rúise ar an mbunús go gcuirfí i mbaol mór í dá ndéanfadh sí amhlaidh, an baol go mbeadh uirthi aghaidh a thabhairt ar choinníollacha i bpríosún a bheadh comhionann le cóireáil mhídháonna nó tháireach.

**An tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí v. Krzysztof Sliwa**

Breithiúnas tugtha ag Edwards J. ar an 06/07/11

Chuir an freagróir i gcoinne a ghéillte a d'iarr údarás breithiúnach sa Pholainn faoi Bharántas Gabhála Eorpach.

**An tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais v. Sebastian Palach**

Breithiúnas tugtha ag Edwards J. ar an 07/07/11

Chuir an freagróir dúshlán faoina ngéilleadh a d'iarr údarás breithiúnach sa Pholainn faoi Bharántas Gabhála Eorpach.

**John Grace Fried Chicken Limited & daoine eile v. an Comhchoiste Oibreachais um Lónadóireacht, an Chúirt Saothair, Éire agus an tArd-Aighne**

Breithiúnas tugtha ag Feeney J. ar an 07/07/11

D'iarr na gearánaithe sna himeachtaí sin dearbhuithe go raibh forálacha áirithe den Acht Caidrimh Thionscail 1946 agus den Acht Caidrimh Thionscail 1990 neamhbhailí ag féachaint d'fhorálacha na Bunreacht.

**Murphy v. Gobharnóir Phríosún Chnoc na Seamar**

Breithiúnas tugtha ag Peart J. ar an 08/07/11

Rinneadh iarratas chun cur faoi deara na costais as feidhmeanna Airteagal 40.4.2° a thomhas ag breitheamh fiú áit ar chuir taobh amháin i gcoinne an tomhais sin.

**Oliver Moran v. Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána**

Breithiúnas tugtha ag Hedigan. J ar an 09/07/11

Sna himeachtaí athbhreithnithe bhreithiúnaigh sin d'iarr an t-iarratasóir cinneadh an fhreagróra a chur ar neamhní; ba é a bhí i gceist leis an gcinneadh sin ná an teorainn ama sé mhíosa a shíneadh chun gearáin a dhéanamh faoi alt 84 d'Acht an Gharda Síochána 2005 maidir le gearán arna dhéanamh i gcoinne an iarratasóra.

**Sandra Dunne v. an tAire Cosanta**

Breithiúnas tugtha ag Dunne J ar an 20/07/11.

Thóg an t-iarratasóir imeachtaí athbhreithnithe breithiúnaigh trí mheán certiorari chun an t-ordú scaoilte a chur ar neamhní agus d'iarr sí ordú chun í a thógáil ar ais mar bhall d'Óglaigh na hÉireann.

**Brightwater Selection (Ireland) Limited v. an tAire Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh**

Breithiúnas tugtha ag Gilligan J. ar an 27/07/11

Achomharc ar phointe dlí maidir le cinneadh Oifigeach Achomhairc áit a bhfuarthas go raibh duine fostaíthe faoi chonradh seirbhíse ag an achomharcóir (Brightwater Selection) agus go raibh a cuid fostaíochta inárachaithe le haghaidh gach sochair agus pinsin faoi na hAchtanna Leasa Shóisialaigh ag an ráta ranníocaíochta Aicme ÁSPC

**Boyne Valley v. Comhairle Buirge Dhroichead Átha agus trí hOrdú na Cúirte ón 16 Samhain 2010 an tAire Oideachais agus Scileanna**

Breithiúnas tugtha ag O' Keefe J ar an 29/07/11

Sna himeachtaí athbhreithnithe bhreithiúnaigh sin d'iarr an t-iarratasóir dúshlán a chur faoi chinneadh ag an gComhairle trínar diúltaíodh rochtain don iarratasóir ar dhoiciméid a cuireadh isteach de bhun coinníollacha a bhí cuimsithe i gcead pleanála agus trínar diúltaíodh don iarratasóir aighneachtaí a dhéanamh i dtaobh na gcoinníollacha sin.

**Marian Murphy (Ag Gníomhú ina Cáil mar Atur nae do Desmond Peter Murphy) (Iarratasóir) v Clárlann na nGníomhas agus an tÚdarás Clárúcháin Maoine agus Patrick Emek (Páirtí Fógra)**

Breithiúnas tugtha ag Kearns P. ar an 09/08/11

Iarratas a bhí ansin ar athbhreithniú breithiúnach ina n-iarrann an t-iarratasóir ordú *certiorari* chun easnaimh agus earráidí líomhnaithe a athbhreithniú agus a cheartú a rinne Clárlann na nGníomhas agus an tÚdarás Clárúcháin Maoine trínar cláraíodh leas sannta i maoin leis an bpáirtí fógra agus trínar dílsíodh ann é ansin



**B.G. v. Breitheamh den Chúirt Dúiche agus An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí agus Breithiúna Chúirt Chuarda Bhaile Átha Cliath**

Breithiúnas tugtha ag Hogan J. ar an 20/09/11

Sa chás sin tháinig ceist chun cinn maidir le cén chúirt ar cheart a shocrú cibé acu an raibh an t-iarratasóir oiriúnach chun pléadáil agus ar baineadh an ceart ón iarratasóir chun pléadáil ciontach sa Chúirt Dúiche tar éis déileáil leis an ábhar go hachomair, de bhun an Achta um an Dlí Coiriúil (Gealtacht) 2006.

**An tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais v. Liam Dominic Adams**

Breithiúnas tugtha ag Edwards J. ar 03/10/11

Iarradh géilleadh an fhreagróra i dTuaisceart Éireann de bhun Bharántas Gabhála Eorpach. D'áitigh an freagróir nár bheartaigh an nós imeachta don Bharántas Gabhála Eorpach géilleadh i 2010 le haghaidh ciontaí ar líomhnaíodh gur tharla iad roimh 1983. Líomhain an freagróir mar gheall ar an moill ina dhiaidh sin le haghaidh géillte go mbainfí an ceart chun trialacha córa agus éisteachta poiblí uaidh chomh maith lena chearta i leith trialach córa de bhun Airteagal 6 CECD de bharr poiblíochta éagóraí roimh an triail.

**Edward Keenan v. David Power, Eugene McNamara, Thomas Somers, Gobharnóir Phríosún Chnoc an Arbhair, Seirbhís Príosún na hÉireann, an tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Cosanta, Éire agus an tArd-Aighne**

Breithiúnas tugtha ag Quirke J. ar an 05/10/11

Thóg an gearánaí éileamh ar dhamáistí i gcoinne na gcosantóirí as díobhálacha síceolaíocha ar maígh s gur fhulaing sé iad agus é ina oifigeach i Seirbhís Príosún na hÉireann mar thoradh ar bhulaíocht, chiapadh, imeaglú agus drochíde a rinneadh air agus éileamh faillí i gcoinne an Stáit as mainneachtain ionad oibre sábháilte a chur ar fáil dó chomh maith le timpeallacht a bheadh saor ó imeaglú, strus agus dhrochíde ag a gcuid comhoibrithe.

**Shu Jie Liu v. Gobharnóir Ionad Dóchas**

Breithiúnas tugtha ag Hogan J. ar an 06/10/11

Iarratas a bhí ansin faoi Airteagal 40.4.2 den Bhunreacht maidir le dleathacht choinneáil an iarratasóra.

**An tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais v. Robert Orlowski**

Breithiúnas tugtha ag Edwards J. ar an 07/10/11

Chuir an freagróir dúshlán faoina ghéilleadh a d'iarr údarás breithiúnach sa Pholainn faoi Bharántas Gabhála Eorpach.

**An tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais v. Palico Rendo Mihai**

Breithiúnas tugtha ag Edwards J. ar an 10/10/11

Bhain an cás le hiarratas ar ghéilleadh an fhreagróra de bhun Bharántas Gabhála Eorpach.

**Bennett v. Egan, Coimisinéir an Gharda Síochána, an Bord um Ghearáin i gcoinne an Gharda Síochána, an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais**

**Breithiúnas tugtha ag Ryan. J ar an 10/11/11**

Iarratas a bhí ansin chun an caingean i gcoinne an trú cosantóra atá ainmnithe thuas, an Bord um Ghearáin i gcoinne an Gharda Síochána, a scriosadh amach.

**Ikraan Jama v. an tAire um Chosaint Shóisialta**

Breithiúnas tugtha ag Hedigan J. ar an 11/10/11

D'iarr an t-iarratasóir ordú chun ceangal ar an bhfreagróir rochtain a thabhairt di ar chóipeanna de chinntí ábhartha réasúnaithe ag an Oifigeach Achomhairc Leasa Shóisialaigh agus an bPríomhoifigeach Achomharc agus freisin d'iarr siad orduithe chun treorú don fhreagróir na cinntí sin a fhoilsiú agus córas a bhunú chun go mbeadh cinntí den sórt sin inrochtana do pháirtithe in achomharc leasa shóisialaigh.

**Telefonica O2 Limited (Iarratasóir) v an Coimisiún um Rialáil Cumarsáide (Freagróir) agus an tAire Cumarsáidí, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha agus (Páirtithe Fógra)**

Breithiúnas tugtha ag Clarke J. ar an 11/10/11

Sa chás sin tháinig ceist chun cinn maidir le dliteanas na bpáirtithe fógra as costais

**An tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí v. Liam Dominic Adams**

Breithiúnas tugtha ag Edwards J. ar an 18/10/11

D'iarr an freagróir cead chun achomharc a dhéanamh i gcoinne chinneadh na hArd-Chúirte chun an t-iarratasóir a ghéilleadh de bhun alt 16(12) den Acht um Barántas Gabhála Eorpach.

**Island Ferries Teoranta v. an tAire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha agus an tArd-Aighne agus an tAire Talmhaíochta**

Breithiúnas tugtha ag Cooke J. ar an 18/10/11

Chuir an gearánaí i gcoinne dhleathacht muirear méadaithe agus bunúis nua um príomh-mhuirear a tharla tríd an Ordú um Lárionaid Chuanta Iascaigh (Rátaí agus Muirir) a rinneadh faoi na hAchtanna um Lárionaid Chuanta Iascaigh 1968-1980.

**OB v an Binse Achomhairc do Dhídeanaithe agus an tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí**

Breithiúnas tugtha ag Hogan J. ar an 22/10/11

D'iarr an t-iarratasóir dúshlán a chur faoi bhailfocht chinneadh an Bhinse Achomhairc do Dhídeanaithe trínar diúltaíodh d'iarratas an iarratasóra ar thearmann.

**Gary Campion v. Gobharnóir Phríosún Chorcaí**

Breithiúnas tugtha ag Irvine J. ar an 24/10/11

Iarratas a bhí ansin ar ordú habeas corpus trínar iarr an t-iarratasóir dúshlán a chur faoi dhleathacht a choinneála.

**Aidan Keegan v. Breitheamh na Cúirte Dúiche Kevin Kilrane agus An Stiúirthóir Ionchúiseamh Poiblí**

Breithiúnas tugtha ag Birmingham J. ar an 26/10/11

Thóg an t-iarratasóir imeachtaí athbhreithnithe bhreithiúnaigh agus é ag iarraidh cinntí ag an gcéad fhreagróir a chur ar neamhní trínar ciontaíodh as ciontaí tráchta bóthair éagsúla ar an mbunús gur ghníomhaigh an chéad fhreagróir thar ceann an iarratasóra in imeachtaí roimhe sin, sular ceapadh chun an bhinse é. Le linn na n-imeachtaí dhiúltaigh an breitheamh céad fhreagróra a leithscéal a ghabháil uathu.

**Patrick Taaffe v. Judge McMahon, Coimisinéir an Gharda Síochána agus an Stiúirthóir Ionchúiseamh Poiblí**

Breithiúnas tugtha ag Kearns J. ar an 28/10/11

Iarradh ar an gCúirt a mheas cibé acu an raibh dlínse aici chun costais a thomhas i *habeas corpus* neamhchonspóidithe áit, tar éis cead a dheonú, go dtugann na freagróirí le fios nach gcuirfear i gcoinne déanamh ordú *habeas corpus* nó ordú éigin den Chúirt Dúiche nó den Chúirt Chuarda a chur ar neamhní trí mheán *certiorari*.

**Carbery Fishing Limited v. an tAire Talmhaíochta, Iascach agus Bia, Éire agus an tArd-Aighne**

Breithiúnas tugtha ag Laffoy J. ar an 15/11/11

Thionscain an gearánaí imeachtaí ag maíomh go raibh ionchas dlisteanach aige maidir le leithdháileadh chuóta iascaireachta áirithe.

**Eugene Bates agus Brendan Moore v. an tAire Talmhaíochta, Iascach agus Bia, Éire agus an tArd-Aighne**

Breithiúnas tugtha ag Laffoy J. ar an 15/11/11

D'agair na gearánaithe as cailteanais ag eascairt óna gcoinneáil in uisce Francacha le haghaidh iascaireachta mar thoradh ar chumarsáid mhícheart ó oifigeach i Roinn an fhreagróra a thug le tuiscint go raibh cead acu iascaireacht a dhéanamh sna críocha sin.

**Thomas Murphy v. Éire, an tArd-Aighne agus an Stiúirthóir Ionchúiseamh Poiblí**

Breithiúnas tugtha ag Herbert J. ar an 16/11/11

Bhí an gearánaí mar ábhar deimhnithe ag an Stiúirthóir Ionchúiseamh Poiblí roimhe sin faoi alt 46(2) den Acht um Chiontaí in Aghaidh an Stáit 1939 chun éisteacht dá thriail as ciontaí a fháil sa Chúirt Choiriúil Speisialta. Chuir an gearánaí dúshlán faoin deimhniú sin, agus é ag líomhain go raibh alt 46(2) agus an chaoi inar cleachtadh an deimhniú míbhunreachtúil agus ar neamhréir leis an gCoinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine.

**Cheshire Foundation in Éirinn v. an tArd-Aighne**

Breithiúnas tugtha ag Laffoy J. ar an 28/11/11

D'iarr an t-iarratas ordú faoi alt 51 d'Acht na gCarthanas 1961 go múnlódh an Chúirt scéim um chur i bhfeidhm *cy-près* cistí áirithe á gcoinneáil aige de réir scéime beartaithe.

**B.G. (Iarratasóir) v. Breitheamh na Cúirte Dúiche Catherine Murphy & Daoine Eile (Freagróirí) agus Éire & an tArd-Aighne (Páirtithe Fógra)**

Breithiúnas tugtha ag Hogan J. ar an 08/12/11

Bhí inniúlacht mheabhrach a bhí lagaithe go mór ag an iarratasóir. Tháinig an chéad fhreagróir ar an gconclúid nach raibh aon dlínse aici, ach amháin dá mbeadh pléadáil ciontach tugtha ag an iarratasóir. Ansin seoladh an t-iarratasóir ar aghaidh chuig an gCúirt Chuarda agus tháinig ceist chun cinn maidir le cén chúirt ar cheart an cheist maidir le hoiriúnacht chun pléadáil a shocrú agus cibé acu ar baineadh an ceart ón iarratasóir chun pléadáil ciontach sa Chúirt Dúiche tar éis déileáil leis an ábhar go hachomair, de bhun an Achta um an Dlí Coiriúil (Gealtacht) 2006.

**Neenan Travel Limited v. an tAire Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh**

Breithiúnas tugtha ag Laffoy J. ar an 08/12/11

Bhain an cás le hachomharc i gcoinne chinneadh an Oifigeach Achomharc go raibh tríú páirtí mar fhostaí ag an achomharcóir agus go raibh siad fostaithe faoi chonradh seirbhíse. Sa bhreis air sin d'iarr an t-achomharcóir aisíocaíocht ranníocaíochtaí áirithe ar líomhnaíodh gur íocadh go mícheart iad leis an Aire/Roinn freagróra.

**An tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais v. Brendan McGuigan**

Breithiúnas tugtha ag Edwards J. ar an 09/12/11

Sna himeachtaí sin chuir an freagróir dúshlán faoina ghéilleadh a d'iarr údarás breithiúnach sa Liotuáin

**Raymond Francis Roche v. an tAire Airgeadais**

Breithiúnas tugtha ag Irvine J. ar an 14/12/11

Sna himeachtaí sin d'éiligh an t-iarratasóir cúiteamh faoi fhorálacha na n-Achtanna Garda Síochána (Cúiteamh) 1941-1945 i dtaobh díobhálacha a d'fhulaing sé mar thoradh ar ionsaí air agus é i mbun a chuid dualgas. Ba í an cheist don chúirt ná na cúiseanna le hionfhabhtú a tholg sé tar éis an ionsaithe chomh maith le dliteanas as.

**Tom Hayes v. Anthony McDonnell, Collette Cullinan, an tAire Oideachais agus Eolaíochta, an tAire Sláinte agus Leanaí, Éire agus an tArd-Aighne**

Breithiúnas tugtha ag Hanna J. ar an 15/12/11

Tógadh an t-iarratas sin chun éileamh an ghearánaí ar dhamáistí as díobhálacha pearsanta a scriosadh amach ar bhunús moille ag an ngearánaí.

**Maidir le Catriona McAnaspie agus Daniel McAnaspie (Nach maireann); Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte v. Martina McAnaspie (Nach maireann)**

Breithiúnas tugtha ag Birmingham J. ar an 15/12/11

D'iarr an t-iarratasóir rochtain ar thuarascálacha arna n-ullmhú d'Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte) maidir lena mac agus é i gcúram. Tháinig roinnt ceisteanna chun cinn le socrú ag an gcúirt; dá bhfaigheadh leanbh bás agus é/i i gcúram agus maidir le cibé acu an raibh an Chúirt Dúiche i dteideal chun orduithe a dhéanamh chun doiciméid áirithe a scaoileadh; trí mheán cáis arna shonrú ón gCúirt Dúiche.

**Carbery Fishing Limited v. Michael Vallely, Cláraitheoir Ginearálta na mBád Iascaireachta, an tAire Talmhaíochta, Iascach agus Bia, Emile Daly, Éire agus an tArd-Aighne**

Breithiúnas tugtha ag Cross J. ar an 19/12/11

San iarratas sin ar athbhreithniú breithiúnach, d'iarr an t-iarratasóir roinnt faoiseamh dearbhaitheach chun dúshlán a chur faoi chinntí na n-Oifigeach Achomharc.

**Michael F. Murphy v. John Gilligan, Geraldine Gilligan, Darren Gilligan agus Tracey Gilligan**

Breithiúnas tugtha ag Feeney J. ar an 20/12/11

D'iarr an Stát cur faoi deara orduithe diúscartha a dhéanamh i dtaobh aonad réadmhaoine a raibh na freagróirí ina n-úinéirí orthu. Chuir na freagróirí i gcoinne dhéanamh na n-orduithe. D'áitigh siad go raibh na horduithe urghabhála comhionann le forghéilleadh agus go raibh éilimh an Stáit coiscthe de réir reachta.

**Geraldine Gilligan v. Michael F. Murphy, Felix J. McKenna, an tArd-Aighne agus Éire agus John Gilligan v. Éire, an tArd-Aighne agus an Biúro um Shócmhainní Coiriúla**

Breithiúnas tugtha ag Feeney J. ar an 20/12/11

D'iarr na gearánaithe go raibh cuid d'alt 3 den Acht um Fháltas ó Choireacht ar neamhréir leis an gCoinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine laistigh de bhrí alt 5 den Choinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine 2003.

**Kevin Galvin v. Coimisinéir an Gharda Síochána, an tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí, Rialtas na hÉireann agus an tArd-Aighne**

Breithiúnas tugtha ag Hedigan J. ar an 20/12/11

Thóg an t-iarratasóir imeachtaí athbhreithnithe bhreithiúnaigh ag lorg ordú cúirte chun cinneadh Choimisinéir an Gharda Síochána é a dhífhostú ón nGarda Síochána a chur ar neamhní chomh maith le hordú chun é a thógáil ar ais sa Gharda Síochána.

## CÁSANA CÚIRTE UACHTARAÍ Ó 2011 A RAIBH AN STÁT PÁIRTEACH IONTU

### **Thomas Olsson v. an tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí**

Breithiúnas tugtha ag O'Donnell J. (le Murray CJ, Fennelly, Macken agus MacMenamin JJ) ar an 13/01/11

Saoránach na Sualainne a bhí san achomharcóir, agus d'iarr an tír sin a ghabháil de bhun Bharántas Gabhála Eorpach. D'ardaigh an t-achomharcóir roinnt dúshlán don bharántas ar cheist an chúnaimh dlí a bhí ar fáil dó faoi Scéim an Ard-Aighne agus cibé acu ar cheart don chúirt diúltú dá ghéilleadh ar an mbunús go ndearnadh cinneadh gan é a chiontú agus a thriail as an gcion mar a bhí sonraithe sa bharántas.

### **Dellway Investments & Daoine eile v. an Ghníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní, Éire agus an tArd-Aighne**

Breithiúnais tugtha ag Murray CJ agus Fennelly J (le Denham, Hardiman, Macken, Finnegan agus McKechnie JJ) ar an 03/02/11

Rinne na hachomharcóirí achomharc i gcoinne ordú na hArd-Chúirte a dhiúltaigh dá n-iarratas ar fhaoisimh áirithe trí mheán athbhreithnithe bhreithiúnaigh i gcoinne na bhfreagróirí.

### **An tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí v. John Renner-Dillon**

Breithiúnas tugtha ag Finnegan J. (d'aontaigh Murray CJ agus Denham J. leis) ar an 11/02/11

D'iarr an t-achomharcóir cur faoi deara ordú na hArd-Chúirte chun cead a dheonú de bhun an Achta um Barántas Gabhála Eorpach 2003 a chur ar neamhní.

### **Dellway Investments Limited & Daoine Eile v. an Ghníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní, Éire agus an tArd-Aighne**

Breithiúnas tugtha ag Murray CJ. (d'aontaigh Hardiman J., Denham J., Macken J., Finnegan J., Fennelly J. agus McKechnie J. leis) ar an 12/04/11

D'áitigh na hachomharcóirí go raibh an brí ar tugadh do shócmhainn bainc incháilithe ag a.69 den Ghníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní 2009 comhionann le hionsaí éagórach ar chearta réadmhaoine na n-achomharcóirí.

### **Dellway Investments Limited & Daoine Eile v. an Ghníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní agus an tArd-Aighne**

Breithiúnais tugtha ag Murray CJ., Hardiman J., Denham J., Macken J., Finnegan J. agus Fennelly J. (d'aontaigh McKechnie J. leis) ar an 12/04/11

D'aontaigh na hachomharcóirí go raibh sé riachtanach a.94 den Ghníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní a fhorléiriú de réir ceartais bhunreachtúil chun an ceart a thabhairt dóibh chun uirill a dhéanamh.

### **Simmonds v. Buirg Chontae Chill Chainnigh**

Breithiúnas tugtha ag Fennelly J (le Finnegan agus O'Donnell JJ) ar an 08/06/11

D'iarr an t-achomharcóir a shocrú go raibh seanchearta margaidh ag an achomharcóir sa Pharáid, ceantar i lár bhaile Chill Chainnigh. Chinn an Ard-Chúirt nach raibh aon chearta margaidh ag an achomharcóir sa cheantar sin. Rinne an t-achomharcóir achomharc chun na Cúirte Uachtaraí i dtaobh na ceiste sin.

### **Matthew Ezeani v. an tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí, Coimisinéir an Gharda Síochána, Éire agus an tArd-Aighne**

Breithiúnas tugtha ag Fennelly J. (d'aontaigh Hardiman agus Denham JJ. leis) ar an 12/07/11

Rinne an tAire achomharc i gcoinne bhreithiúnas na hArd-Chúirte trínar deonaíodh ordú certiorari chun cinneadh an Aire saoránacht iarphósta a dhiúltú don iarratasóir a chur ar neamhní.

### **Jack Canty v. an tArd-Aighne, an Bord um Thionóntachtaí Cónaithe Príobháideacha (PRTB) agus David Connolly (Páirtí Fógra)**

Breithiúnas tugtha ag Denham J. (d'aontaigh Hardiman J., Macken J., Finnegan J., agus Fennelly J. leis) ar an 19/07/11

D'iarr an t-achomharcóir dearbhú go raibh a.123(4) den Acht um Thionóntachtaí Cónaithe 2004 contrátha don Cheartas sa mhéid is go ndearnadh foráil ann gur cheart go mbeadh achomharc don Ard-

Chúirt ó chinneadh ag an PRTB conclúideach agus go ndearna sé achomharc don Chúirt Uachtarach a chosc.

**Arklow Holidays Limited v An Bord Pleanala & Daoine Eile**

Breithiúnas tugtha ag Finnegan J (d'aontaigh Murray CJ agus Fennelly J leis) ar an 21/07/2011  
Baineann an t-achomharc sin le pointí dlí a bhfuil tábhacht eisceachtúil don phobal i gceist leo tar éis don Ard-Chúirt diúltú d'fhaoiseamh a d'iarr an t-achomharcóir in imeachtaí athbhreithnithe bhreithiúnaigh.

**Denis O'Callaghan v. an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí**

Breithiúnais tugtha ag Fennelly agus Hardiman JJ. (d'aontaigh Murray CJ, Denham agus Finnegan JJ.leis) ar an 22/07/11  
Achomharc a thóg an t-achomharcóir chun ionchúiseamh eile air ar chúisimh nua a shrianadh tar éis nolle prosequi a iontráil.

**An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí v. Hegarty**

Breithiúnas tugtha ag McKechnie J (le Murray CJ agus O'Donnell J.) ar an 28/07/11  
Trí mheán cáis chomhairliúcháin sonraithe ón gCúirt Chuarda, chinn an chúirt go bhféadfaí stiúrthóir nó bainisteoir gnóthais a fháil ciontach as cion faoin dlí iomaíochta gan an gnóthas a bhí i gceist a chiontú as cion.

**McGuinn v Coimisinéir an Gharda Síochána & Daoine Eile**

Breithiúnais tugtha ag Murray J (d'aontaigh Fennelly J leis) agus Kearns P (d'easaontaigh sé leis) ar an 28/07/2011  
Bhain an t-achomharc sin le hábhar idirbhreitheach ina ndearna na cosantóirí atá ainmnithe thuas achomharc i gcoinne ordú na hArd-Chúirte trínar diúltaíodh dá n-iarratas breithiúnas a fuair an gearánaí, an freagróir, d'éagmais cosanta, a chur i leataobh.

**David Joyce v. an Breitheamh Patrick Brady agus an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí**

Breithiúnas tugtha ag O'Donnell J. (d'aontaigh Murray agus McKechnie JJ. leis) ar an 29/07/11  
Imeachtaí athbhreithnithe bhreithiúnaigh ag lorg ordaithe chun diúltú an bhreitheamh Cúirte Dúiche freagróra cúnamh dlí a dheonú a chur ar neamhní.

**An tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí v. Kaspars Koncis**

Breithiúnas tugtha ag Denham CJ (d'aontaigh Murray agus Hardiman JJ leis.) ar an 29/07/11  
Achomharc é sin i gcoinne bhreithiúnas agus ordú na hArd-Chúirte inar ordaíodh an t-iarratasóir a ghéilleadh don Laitvia de bhun théarmaí an Achta um Barántas Gabhála Eorpach, 2003.

**An tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí v. John Richard Murrell**

Breithiúnas tugtha ag Macken J. (d'aontaigh O'Donnell agus McKechnie JJ. leis) ar an 29/07/11  
Cuireadh géilleadh an achomharcóra don Ríocht Aontaithe faoi Bharántas Gabhála Eorpach siar ar feitheamh chinneadh ciontaí áirithe ar cúisíodh an t-achomharcóir sa Chúirt Dúiche ina dtaobh. D'áitigh an t-achomharcóir go raibh an breitheamh Ard-Chúirte mícheart nuair a tháinig sé ar an gconclúid go raibh cur siar ceart.

**G.E. v Gobharnóir Phríosún Chnoc na Seamar & Anor**

Breithiúnas tugtha ag Denham J (d'aontaigh Fennelly agus O'Donnell JJ leis) ar an 28/10/2011  
Iarratas ar *habeas corpus* a bhí ansin faoi Airteagal 40.4.2<sup>o</sup> den Bhunreacht.

**Comhairle Contae Nottinghamshire v K.B.**

Breithiúnas tugtha ag O' Donnell J (d'aontaigh Denham C.J., Murray, Fennelly agus Macken JJ leis) ar an 15/12/2011  
Achomharc a bhí ansin ó chinneadh gan leanaí a fhilleadh chun Sasana tar éis iad a bhaint ag a tuismitheoirí i ndiaidh inní ag údaráis áitiúla maidir le leas na leanaí.

**Z.S. v an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí**

Breithiúnais tugtha ag Denham, CJ, Fennelly (d'aontaigh Hardiman agus Macken JJ leis) agus Murray JJ ar an 21/12/2011  
Achomharc atá ansin ó bhreithiúnas agus ordú ón Ard-Chúirt trína ndiúltaítear do dhearbhuú go bhfuil cion i gcoinne reachta choiriúil míbhunreachtúil.



## **BREITHIÚNAIS ÓN ECJ AGUS ÓN GCÚIRT GHINEARÁLTA Ó 2011 A BHFUL ÉIRE PÁIRTEACH IONTU**

(Cás C-50/09) Breithiúnas na Cúirte (An Chéad Sheomra) an 3 Márta 2011: An Coimisiún Eorpach v Éire (Mainneachtain Ballstáit a chuid oibleagáidí a chomhlíonadh - Treoir 85/337/CEE – Oibleagáid an údaráis chomhshaoil inniúil measúnú a dhéanamh ar éifeachtaí tionscadal áirithe ar an gcomhshaoil – Níos mó ná údarás inniúil amháin – An gá le measúnú a chinntiú ar an idirghníomhú idir fachtóirí ar cosúil go rachfar i bhfeidhm go díreach nó go hindíreach orthu – Cur i bhfeidhm na treorach ar oibreacha scartála.)

(Cás C-431/10) Breithiúnas na Cúirte (An Seachtú Seomra) an 7 Aibreán 2011: An Coimisiún Eorpach v Éire (Mainneachtain Ballstáit oibleagáidí a chomhlíonadh - Treoir 2005/85/CE – Ceart chun tearmainn – Nós imeachta chun stádas dídeanaí a dheonú agus a tharraingt siar - = Íoschaighdeáin – Mainneachtain forálacha a thrashuíomh go hiomlán laistigh den tréimhse fhorordaithe.)

(Cás C-82/10) Breithiúnas na Cúirte (An Ceathrú Seomra) an 29 Meán Fómhair 2011: An Coimisiún Eorpach v Éire (Mainneachtain Ballstáit oibleagáidí a chomhlíonadh - Treoir 73/239/CEE - Airteagail 6, 8, 9, 13 agus 15 go 17 - Treoir 92/49/CEE - Airteagal 22 agus 23 – Árachas díreach seachas árachas saoil – Leasú reachtanna chomhlacht árachais maidir lena acmhainn – Neamhchur i bhfeidhm reachtaíocht árachais an Aontais Eorpaigh i dtaobh árachais seachas saoil.)



## EUROPEAN COURT OF HUMAN RIGHTS INVOLVING THE STATE 2011

- Rinneadh breithiúnas a sheachadadh ar an 8 Meán Fómhair 2011 ag an gCúigiú Seomra i **Superwood Holdings plc agus Daoine Eile v Éire** (uimh. iarratais 7812/04). Rinneadh breithiúnas a sheachadadh ar an 8 Nollaig 2011 i **T.H. v Ireland** (uimh. iarratais 37868/06).
- Rinneadh cúig chinneadh i 2011 a raibh baint acu le hÉirinn. Dearbhaíodh go raibh iarratas **Olubunmi, Adio and Adio v Éire** (uimh. iarratais 8596/08) do-ghlactha ar an 17 Bealtaine 2011. Dearbhaíodh go raibh cur i bhfeidhm **Izevbekahi agus Daoine Eile v Éire** (uimh. iarratais 43408/08) do-ghlactha ar an 17 Bealtaine 2011. Scriosadh amach iarratas **J.B. v Éire** (uimh. iarratais 9519/07) ar an 21 Meitheamh 2011. Scriosadh amach iarratas **Enright v Éire** (uimh. Iarratais 61138/08) ar an 21 Meitheamh 2011. Dearbhaíodh go raibh **Okon agus Okon v Éire** (uimh. iarratais 22255/11) do-ghlactha ar an 13 Nollaig 2011.
- Níor réachtáladh aon éisteachtaí a raibh Éire páirteach iontu (mar Fhreagróir nó idiragraí tríú páirtí) os comhair an ECtHR i 2011